ISSN 1725-2571

Eagrán Speisialta *
14 Lúnasa 2009

# Iris Oifigiúil
# an Aontais Eorpaigh

An t-eagrán Gaeilge

## Reachtaíocht

Clár

I *Gníomhartha arna mbunú ar Chonarthaí CE/CEFA a bhfuil a bhfoilsiú éigeantach*

RIALACHÁIN

★ **Rialachán (CE) UIMH. 713/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Gníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh** ([1]) . . . . . . . . . . 1

★ **Rialachán (CE) Uimh. 714/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha rochtana ar an ngréasán um malartuithe trasteorann sa leictreachas agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1228/2003** ([1]) . . . . . . . . . . 15

★ **Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha le haghaidh rochtana ar na gréasáin gáis nádúrtha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005** ([1]) . . . . . . . . . . 36

([1]) Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE

**Praghas: 26 EUR**

GA

* Faoin tagairt L 211 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

# I

*(Gníomhartha arna mbunú ar Chonarthaí CE/CEFA a bhfuil a bhfoilsiú éigeantach)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN (CE) UIMH.9991/2009 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**an 13 Iúil 2009**

**lena mbunaítear Gníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh**

**(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 95 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

Ag féachaint don Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Ag féachaint don Tuairim ó Choiste na Réigiún ([2]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh ([3]),

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Le Teachtaireacht ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2007 dar teideal 'Beartas Fuinnimh don Eoraip' leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé na margaí inmheánacha sa leictreachas agus sa ghás nádúrtha a chomhlánú. Sainaithníodh gur beart tábhachtach é chun an cuspóir sin a bhaint amach an creat rialála a fheabhsú ar leibhéal an Chomhphobail.

(2) Le Cinneadh 2003/796/CE ón gCoimisiún ([4]), bunaíodh grúpa comhairleach neamhspleách maidir le leictreachas agus gás ar a dtugtar Grúpa Rialálaithe na hEorpa um Leictreachas agus um Ghás (ERGEG) chun comhairliúchán, comhordú agus comhar a éascú idir na comhlachtaí rialála sna Ballstáit agus idir na comhlachtaí sin agus an Coimisiún, d'fhonn na margaí inmheánacha sa leictreachas agus sa ghás nádúrtha a chomhdhlúthú. Is é atá sa ghrúpa sin ná ionadaithe na n-údarás rialála náisiúnta a bunaíodh de bhun Threoir 2003/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2003 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa leictreachas ([5]) agus Threoir 2003/55/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2003 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha ([6]).

(3) D'fhag an obair atá déanta ag ERGEG ón uair a bunaíodh é rian dearfach ar na margaí inmheánacha sa leictreachas agus sa ghás nádúrtha. Aithnítear go forleathan san earnáil seo, áfach, agus tá sé molta ag ERGEG féin, gur cheart go mbeadh comhar deonach ann anois idir na húdaráis rialála náisiúnta laistigh de struchtúr Comhphobail a bhfuil inniúlachtaí soiléire aige agus a bhfuil cumhacht aige cinntí rialála a ghlacadh i roinnt cásanna sonracha.

(4) D'iarr an Chomhairle Eorpach an 8 agus an 9 Márta 2007 ar an gCoimisiún bearta a mholadh chun sásra neamhspleách a chur ar bun le haghaidh comhair idir na rialálaithe náisiúnta.

(5) Ba cheart go mbeadh dlúthchomhar ann idir na Ballstáit, rud a chuirfeadh deireadh leis na constaicí ar mhalartuithe trasteorann leictreachais agus gáis nádúrtha ar mhaithe le cuspóirí bheartas fuinnimh an Chomhphobail a bhaint amach. Ar bhonn an mheasúnaithe tionchair maidir leis na hacmhainní a theastódh le haghaidh eintitis lárnaigh, thángthas ar an tuairim go mbeadh roinnt buntáistí fadtéarmacha ag roinnt le heintiteas lárnach neamhspleách nach mbeadh ag roinnt le roghanna eile. Ba cheart Gníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (an Ghníomhaireacht) a bhunú d'fhonn an bhearna rialála ar

([1]) IO C 211, 19.8.2008, lch. 23.
([2]) IO C 172, 5.7.2008, lch. 55.
([3]) Tuairim ó Pharlaimint na hEorpa an18 Meitheamh 2008 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil), Comhsheasamh ón gComhairle an 9 Eanáir 2009 (IO C 75 E, 31.3.2009, lch. 1) agus Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 22 Aibreán 2009 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil). Cinneadh ón gComhairle an 25 Meitheamh 2009.
([4]) IO L 296, 14.11.2003, lch. 34.
([5]) IO L 176, 15.7.2003, lch. 37.
([6]) IO L 176, 15.7.2003, lch. 57.

leibhéal an Chomhphobail a líonadh agus cur le feidhmiú éifeachtach na margaí inmheánacha sa leictreachas agus sa ghás nádúrtha. Ba cheart go gcuirfeadh an Ghníomhaireacht ar chumas na n-údarás rialála náisiúnta an comhar eatarthu a fheabhsú ar leibhéal an Chomhphobail freisin agus a bheith rannpháirteach, ar bhonn frithpháirteach, i bhfeidhmiú feidhmeanna a bhaineann leis an gComhphobal.

(6) Ba cheart go gcinnteodh an Ghníomhaireacht go ndéanfar na feidhmeanna rialála a chomhlíonann na húdaráis rialála náisiúnta i gcomhréir le Treoir 2009/72/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa leictreachas ([1]) agus le Treoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha ([2]), a chomhordú go cuí agus, más gá, go gcuirtear i gcrích iad ar leibhéal an Chomhphobail. Chuige sin, is gá neamhspleáchas na Gníomhaireachta a ráthú i leith táirgeoirí leictreachais agus gáis nádúrtha, oibreoirí na gcóras tarchurtha agus dáileacháin, cibé acu oibreoirí poiblí nó oibreoirí príobháideacha, agus tomhaltóirí agus a chinntiú go mbeadh a gníomhartha ag teacht le dlí an Chomhphobail, lena cumais theicniúla agus rialála agus lena trédhearcacht, lena géilliúlacht maidir le rialú daonlathach, agus lena héifeachtúlacht.

(7) Ba cheart go ndéanfadh an Ghníomhaireacht faireachán ar chomhar réigiúnach idir oibreoirí córas tarchurtha in earnáil an leictreachais agus in earnáil an gháis agus ar fhorfheidhmiú chúraimí Ghréasán Eorpach Oibreoirí na gCóras Tarchurtha don Leictreachas (ENTSO don Leictreachas) agus chúraimí Ghréasán Eorpach Oibreoirí na gCóras Tarchurtha don Ghás (ENTSO don Ghás). Tá páirteachas na Gníomhaireachta fíor-riachtanach chun a áirithiú go mbeidh an comhar idir oibreoirí córas tarchurtha éifeachtúil agus trédhearcach chun tairbhe an mhargaidh inmheánaigh sa leictreachas agus an mhargaidh inmheánaigh sa ghás nádúrtha.

(8) Ba cheart go ndéanfadh an Ghníomhaireacht faireachán, i gcomhar leis an gCoimisiún, leis na Ballstáit agus leis na húdaráis náisiúnta lena mbaineann, ar na margaí inmheánacha sa leictreachas agus sa ghás nádúrtha agus ba cheart go gcuirfeadh sí Parlaimint na hEorpa, an Coimisiún agus na húdaráis náisiúnta ar an eolas maidir lena fionnachtana i gcás inarb iomchuí sin. Níor cheart go ndéanfadh cúraimí faireacháin na Gníomhaireachta dúbailt, ná níor cheart go gcuirfeadh siad bac, ar fhaireachán arna dhéanmh ag an gCoimisiún nó ag na húdaráis náisiúnta, go háirithe na húdaráis iomaíochta náisiúnta.

(9) Tá ról tábhachtach ag an nGníomhaireacht maidir le forbairt creat-treoirlínte atá neamhcheangailteach ó chineál (creat-treoirlínte) agus nach mór cóid ghréasáin a bheith i gcomhréir leo. Meastar gurb iomchuí freisin, agus go bhfuil sé i gcomhréir lena cuspóir, go mbeidh ról ag an nGníomhaireacht maidir le hathbhreithniú na ndréachtchód gréasáin (tráth a gcruthaithe agus tráth a modhnaithe araon) chun a áirithiú go mbeidh siad i gcomhréir leis na creat-treoirlínte, sula molfaidh sí don Choimisiún iad a ghlacadh.

(10) Is iomchuí creat comhtháite a chur ar fáil a mbeidh údaráis rialála náisiúnta in ann a bheith rannpháirteach ann agus in ann comhoibriú lena chéile ann. Ba cheart go n-éascódh an creat sin cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na reachtaíochta ar na margaí inmheánacha sa leictreachas agus sa ghás nádúrtha ar fud an Chomhphobail. I gcás ina mbeidh níos mó ná Ballstát amháin i gceist, ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Ghníomhaireacht cinntí aonair a ghlacadh. Ba cheart go gcumhdódh an chumhacht sin, faoi choinníollacha áirithe, saincheisteanna teicniúla, an córas rialála do bhonneagar leictreachais agus gáis nádurtha a cheanglaíonn dhá Bhallstát le chéile, nó a d'fhéadfadh dhá Bhallstát ar a laghad a cheangail le chéile, agus, mar rogha dheireanach, díolúintí ó rialacha an mhargaidh inmheánaigh i gcás idirnascairí nua leictreachais agus bonneagair nua gáis atá suite i níos mó ná aon Bhallstát amháin.

(11) Ós rud é go bhfuil forléargas ag an nGníomhaireacht ar na húdaráis rialála náisiúnta, ba cheart go mbeadh ról comhairleach aici i leith an Choimisiúin, i leith institiúidí eile de chuid an Chomhphobail agus i leith na n-údarás rialála náisiúnta maidir leis na saincheisteanna a bhaineann leis an gcuspóir dar bunaíodh í. Ba cheart go mbeadh sé de cheangal uirthi freisin an Coimisiún a chur ar an eolas i gcás ina bhfaigheann sí amach nach iad na torthaí a theastaíonn atá ag teacht as an gcomhar idir oibreoirí córas tarchurtha, nó nach ndéanann údarás rialála náisiúnta, nach bhfuil a chinneadh de réir na dTreoirlínte, tuairim, moladh nó cinneadh na Gníomhaireachta a chur chun feidhme mar is iomchuí.

(12) Ba cheart freisin go mbeadh an Ghníomhaireacht in ann moltaí a dhéanamh chun cuidiú le húdaráis rialála agus le gníomhaithe margaidh i dtaca le dea-chleachtais a roinnt.

(13) Ba cheart don Ghníomhaireacht dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara, más iomchuí, agus deis réasúnach a thabhairt dóibh chun tuairim a thabhairt i leith na mbeart atá molta, amhail cóid ghréasáin agus rialacha.

(14) Ba cheart go rannchuideodh an Ghníomhaireacht le cur chun feidhme na dtreoirlínte um ghréasáin fuinnimh tras-Eorpacha mar atá leagtha síos i gCinneadh Uimh. 1364/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2006 lena leagtar síos treoirlínte do ghréasáin fuinnimh tras-Eorpacha ([3]), go háirithe le linn a tuairim ar na pleananna neamhcheangailteacha deich mbliana uile-Chomhphobail maidir le forbairt gréasán (pleananna forbartha gréasán uile-Chomhphobail) a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 6(3) den Rialachán seo.

(15) Ba cheart go rannchuideodh an Ghníomhaireacht leis na hiarrachtaí chun an tslándáil fuinnimh a fheabhsú.

(16) Ba cheart struchtúr na Gníomhaireachta a oiriúnú chun freastal ar riachtanais shonracha na rialála fuinnimh. Go háirithe, is gá ról sonrach na n-údarás rialála náisiúnta a chur san áireamh go hiomlán agus a neamhspleáchas a ráthú.

([1]) Féach leathanach 55 den Iris Oifigiúil seo.

([2]) Féach leathanach 94 den Iris Oifigiúil seo

([3]) IO L 262, 22.9.2006, lch. 1.

(17) Ba cheart go mbeadh na cumhachtaí is gá ag an mBord Riaracháin chun an buiséad a bhunú, chun cur chun feidhme an bhuiséid a sheiceáil, chun rialacha inmheánacha a tharraingt suas, chun rialacháin airgeadais a ghlacadh agus chun Stiúrthóir a cheapadh. Ba cheart córas uainíochta a úsáid i gcomhair athnuachan na gcomhaltaí den Bhord Riaracháin a cheapann an Chomhairle, chun a áirithiú go mbeidh rannpháirteachas cothrom ann ó thaobh na mBallstát de thar am. Ba cheart don Bhord Riaracháin gníomhú go neamhspleách agus go hoibiachtúil ar mhaithe le leas an phobail agus níor cheart go lorgódh sé ná go leanfadh sé treoracha polaitiúla.

(18) Ba cheart go mbeadh na cumhachtaí is gá ag an nGníomhaireacht chun a feidhmeanna rialála a chomhlíonadh ar bhealach trédhearcach, réasúnaithe agus, thar aon rud eile, neamhspleách. Ní hamháin gur prionsabal lárnach den dea-rialachas é neamhspleáchas na Gníomhaireachta i leith táirgeoirí leictreachais agus gáis agus oibreoirí na gcóras tarchurtha agus dáileacháin ach is bunchoinníoll é i dtaca le muinín sa mhargadh a áirithiú freisin. Gan dochar dá chomhaltaí do ghníomhú thar ceann a n-údarás náisiúnta faoi seach, ba cheart, dá bhrí sin, go ngníomhódh an Bord Rialálaithe go neamhspleách ar aon leas margaidh, ba cheart go ndéanfadh sé coimhlintí leasanna a sheachaint agus ba cheart nach lorgódh sé treoracha ná nach leanfadh sé treoracha ó aon rialtas Ballstáit, ón gCoimisiún ná ó aon eintiteas eile, bíodh sé poiblí nó príobháideach, agus nach nglacfadh sé le moltaí uathu. Ag an am céanna, ba cheart go gcomhlíonfadh cinntí an Bhoird Rialálaithe dlí an Chomhphobail maidir le fuinneamh, amhail an margadh inmheánach fuinnimh, leis an gcomhshaol agus leis an iomaíocht. Ba cheart don Bhord Rialálaithe a thuairimí, a mholtaí agus a chinntí a thuairisciú d'institiúidí an Chomhphobail.

(19) I gcás ina bhfuil cumhachtaí ag an nGníomhaireacht chun cinntí a dhéanamh, ba cheart, ar mhaithe le barainneacht nós imeachta, ceart achomhairc chuig Bord Achomhairc a dheonú do pháirtithe leasmhara, agus ba cheart go mbeadh an Bord Achomhairc sin ina chuid den Ghníomhaireacht ach é a bheith neamhspleách ar struchtúr riaracháin agus rialála na Gníomhaireachta. Ar mhaithe le leanúnachas, ba cheart go gceadófaí gan ach cuid de chomhaltaí an Bhoird Achomhairc a athrú nuair a bheadh a chomhaltaí á gceapadh nó á n-athcheapadh. Féadfaidh cinntí an Bhoird Achomhairc a bheith ina n-abhar achomhairc os comhair Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach.

(20) Ba cheart go ndéanfaí an Ghníomhaireacht a mhaoiniú go príomha ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, trí tháillí agus trí ranníocaíochtaí saorálacha. Go háirithe, maidir leis na hacmhainní a chomhthiomsaíonn na húdaráis rialála le haghaidh a gcomhair ar leibhéal an Chomhphobail, ba cheart go leanfaidís de bheith ar fáil don Ghníomhaireacht. Ba cheart go leanfadh nós imeachta buiséid an Chomhphobail de bheith infheidhme a mhéid a bhaineann le haon fhóirdheontais atá inmhuirearaithe ar bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh. Thairis sin, ba cheart go ndéanfadh an Chúirt Iniúchóirí iniúchadh ar na cuntas i gcomhréir le hAirteagal 91 de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2343/2002 ón gCoimisiún an 19 Samhain 2002 maidir leis an gCreatrialachán Airgeadais do na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 185 de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach ([1]).

([1]) IO L 357, 31.12.2002, lch. 72.

(21) Tar éis bhunú na Gníomhaireachta, ba cheart don údarás buiséadach measúnú a dhéanamh ar a buiséad ar bhonn leanúnach agus faoi threoir ualach oibre agus fheidhmíocht na Gníomhaireachta. Ba cheart go n-áiritheodh an t-údarás buiséadach go ndéantar na caighdeáin is fearr éifeachtúlachta a bhaint amach.

(22) Ba cheart go mbeadh foireann an-ghairmiúil ag an nGníomhaireacht. Go háirithe, ba cheart go mbainfeadh an Ghníomhaireacht leas as inniúlacht agus as taithí na foirne a bheidh ar iasacht ó na húdaráis rialála náisiúnta, ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit. Maidir le Rialacháin Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach (na Rialacháin Foirne) agus Coinníollacha fostaíochta sheirbhísigh eile na gComhphobal Eorpach, (na Coinníollacha Fostaíochta), atá leagtha síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ([2]) agus sna rialacha a ghlac institiúidí na gComhphobal Eorpach go comhpháirteach chun na rialacháin sin a chur i bhfeidhm, ba cheart go mbeadh feidhm acu maidir le foireann na Gníomhaireachta. Ba cheart go nglacfadh an Bord Riaracháin, i gcomhaontú leis an gCoimisiún, na rialacha cur chun feidhme iomchuí.

(23) Ba cheart go ndéanfadh an Ghníomhaireacht na rialacha ginearálta maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid atá i seilbh comhlachtaí Comhphobail a chur i bhfeidhm. Ba cheart go mbunódh an Bord Riaracháin na bearta praiticiúla chun sonraí íogaire tráchtála agus sonraí pearsanta a chosaint.

(24) Ba cheart go mbeadh an Ghníomhaireacht cuntasach do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún, i gcás inarb iomchuí sin.

(25) Ba cheart go mbeadh tíortha nach Ballstáit den Chomhphobal iad in ann páirt a ghlacadh in obair na Gníomhaireachta i gcomhréir leis na comhaontuithe iomchuí a chuirfidh an Comhphobal i gcrích.

(26) Maidir leis na bearta is gá chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart iad a ghlacadh i gcomhréir le Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 ag leagan síos na rialacha mionsonraithe maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún ([3]).

(27) Ba cheart, go háirithe, go gcumhachtófaí don Choimisiún na Treoirlínte is gá a ghlacadh i gcásanna ina dtiocfaidh an Ghníomhaireacht chun bheith inniúil chun na téarmaí agus na coinníollacha a chinneadh maidir le rochtain ar bhonneagar trasteorann agus maidir leis an tslándáil oibríochtúil do bhonneagar trasteorann. Ós rud é go bhfuil raon feidhme ginearálta ag na bearta sin agus go bhfuil siad ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, trína fhorlíonadh le heilimintí nua neamhriachtanacha, ní mór iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá bhforáiltear in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE.

([2]) IO L 56, 4.3.1968, lch. 1.

([3]) IO L 184, 17.7.1999, lch. 23.

(28) Ba cheart go gcuirfeadh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, laistigh de thréimhse trí bliana tar éis don chéad stiúrthóir dul i mbun a dhualgas agus gach ceithre bliana dá éis sin, i leith chúraimí sonracha na Gníomhaireachta agus i leith na dtorthaí a bhaintear amach, mar aon le haon tograí iomchuí. Ba cheart go ndéanfadh an Coimisiún moltaí sa tuarascáil sin i leith cúraimí breise don Ghníomhaireacht.

(29) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon an rannpháirtíocht agus an comhar idir na húdaráis rialála náisiúnta ar leibhéal an Chomhphobail, a bhaint amach go leordhóthanach agus gur fearr, dá bhrí sin, is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Chomhphobail, féadfaidh an Comhphobal bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL 1

## BUNÚ AGUS STÁDAS DLÍTHIÚIL

*Airteagal 1*

### Bunú

1. Leis an Rialachán seo, bunaítear Gníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (an Ghníomhaireacht).

2. Is é is cuspóir don Ghníomhaireacht ná cuidiú leis na húdaráis rialála dá dtagraítear in Airteagal 35 de Threoir 2009/72/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa leictreachas ([1]) agus in Airteagal 39 de Threoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha ([2]) le linn dóibh na cúraimí rialála a chomhlíontar sna Ballstáit a fheidhmiú ar leibhéal an Chomhphobail, agus, i gcás inar gá, a ngníomhaíocht a chomhordú.

3. Go dtí go mbeidh áitreabh na Gníomhaireachta ullamh, beidh sí suite ar áitreabh an Choimisiúin.

*Airteagal 2*

### Stádas dlíthiúil

1. Comhlacht Comhphobail a bheidh sa Ghníomhaireacht agus beidh pearsantacht dhlítheanach aici.

2. I ngach Ballstát, beidh ag an nGníomhaireacht an inniúlacht dhlíthiúil is fairsinge a thugtar do dhaoine dlítheanacha faoin dlí náisiúnta. Go háirithe, beidh sí in ann maoin shochorraithe agus maoin dhochorraithe a fháil nó a dhiúscairt, agus beidh sí in ann a bheith ina páirtí in imeachtaí dlíthiúla.

([1]) Féach leathanach 55 den Iris Oifigiúil seo.

([2]) Féach leathanach 94 den Iris Oifigiúil seo

3. Déanfaidh a Stiúrthóir ionadaíocht thar ceann na Gníomhaireachta.

*Airteagal 3*

### Comhdhéanamh

Is é a bheidh sa Ghníomhaireacht:

(a) Bord Riaracháin a fheidhmeoidh na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 13;

(b) Bord Rialálaithe a fheidhmeoidh na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 15;

(c) Stiúrthóir a fheidhmeoidh na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 17; agus

(d) Bord Achomhairc a fheidhmeoidh na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 19.

*Airteagal 4*

### Cineál ghníomhartha na Gníomhaireachta

Déanfaidh an Ghníomhaireacht:

(a) tuairimí agus moltaí a eisiúint a dhíreofar chuig oibreoirí córas tarchurtha;

(b) tuairimí agus moltaí a eisiúint a dhíreofar chuig údaráis rialála;

(c) tuairimí agus moltaí a eisiúint a dhíreofar chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle nó chuig an gCoimisiún;

(d) cinntí aonair a ghlacadh sna cásanna sonracha dá dtagraítear in Airteagal 7, in Airteagal 8 agus in Airteagal 9; agus

(e) creat-treoirlínte neamhcheangailteacha (creat-treoirlínte) a chur faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 9992/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha rochtana ar an ngréasán i gcomhair malartuithe trasteorann sa leictreachas ([3]) agus le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 9993/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha rochtana ar na gréasáin tarchurtha gáis nádúrtha ([4]).

CAIBIDIL II

## CÚRAIMÍ

*Article 5*

### Cúraimí ginearálta

Féadfaidh an Ghníomhaireacht, arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle nó don Choimisiún, nó ar a tionscnamh féin, tuairim nó moladh a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún maidir le haon cheann de na saincheisteanna a bhaineann leis an gcuspóir dar bunaíodh í.

([3]) Féach leathanach 15 den Iris Oifigiúil seo.

([4]) Féach leathanach 36 den Iris Oifigiúil seo.

*Airteagal 6*

**Cúraimí maidir le comhar idir oibreoirí córas tarchurtha**

1. Déanfaidh an Ghníomhaireacht tuairim maidir le dréacht-reachtanna, liosta comhaltaí agus dréacht-rialacha nós imeachta an ENTSO don Leictreachas a thabhairt don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 9992/2009 agus déanfaidh sí tuairim maidir le dréacht-reachtanna, liosta comhaltaí agus dréacht-rialacha nós imeachta an ENTSO don Ghás a thabhairt don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh 9993/2009.

2. Déanfaidh an Ghníomhaireacht faireachán ar fhorghníomhú chúraimí an ENTSO don Leictreachas i gcomhréir le Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 9992/2009 agus déanfaidh sí faireachán ar chúraimí an ENTSO don Ghás i gcomhréir le Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 9993/2009.

3. Déanfaidh an Ghníomhaireacht tuairim a thabhairt:

(a) don ENTSO don Leictreachas i gcomhréir le Airteagal 8(2) de Rialachán (CE) Uimh. 9992/2009 agus don ENTSO don Ghás i gcomhréir le Airteagal 8(2) de Rialachán (CE) Uimh. 9993/2009 maidir leis na cóid ghréasáin; agus

(b) don ENTSO don Leictreachas i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 9(2) de Rialachán (CE) Uimh. 9992/2009 agus don ENTSO don Ghás i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 9(2) de Rialachán (CE) Uimh 9993/2009 maidir leis an dréacht-chlár oibre bliantúil, maidir leis an dréacht-phlean forbartha uile-Chomhphobail deich mbliana agus maidir le doiciméid ábhartha eile dá dtagraítear in Airteagal 8(3) de Rialachán (CE) Uimh. 9992/2009 agus in Airteagal 8(3) de Rialachán (CE) Uimh. 9993/2009, agus cuspóirí an neamh-idirdhealaithe, na hiomaíochta éifeachtaí agus fheidhmiú éifeachtúil, shlán na margaí inmheánacha sa leictreachas agus sa ghás nádúrtha á gcur san áireamh.

4. Déanfaidh an Ghníomhaireacht tuairim chuí-réasúnaithe mar aon le moltaí, is tuairim a bheidh bunaithe ar ábhair fíoras, a thabhairt don ENTSO don Leictreachas, don ENTSO don Ghás, do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún, i gcás ina measfaidh sí nach rannchuidíonn an dréacht-chlár oibre bliantúil nó an dréacht-phlean forbartha gréasáin uile-Chomhphobail deich mbliana a cuireadh faoina bráid i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 9(2) de Rialachán (CE) Uimh. 9992/2009 agus leis an dara fomhír d'Airteagal 9(2) de Rialachán (CE) Uimh. 9993/2009 le neamh-idirdhealú, iomaíocht éifeachtach agus feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh nó le leibhéal leordhóthanach idirnasctha trasteorann a bheadh oscailte do rochtain tríú páirtithe nó i gcás nach gcomhlíontar forálacha ábhartha Threoir 2009/73/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 9992/2009 ná Threoir 2009/723/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 9993/2009.

Beidh an Ghníomhaireacht rannpháirteach i bhforbairt na gcód gréasáin i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 9992/2009 agus i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 9993/2009.

Déanfaidh an Ghníomhaireacht dréacht-chreatTreoirlíne neamhcheangailteach a chur faoi bhráid an Choimisiúin i gcás ina n-iarrfar sin uirthi faoi Airteagal 6(2) de Rialachán (CE) Uimh. 9992/2009 nó faoi Airteagal 6(2) de Rialachán (CE) Uimh. 9993/2009. Athbhreithneoidh an Ghníomhaireacht an dréacht-chreatTreoirlíne neamhcheangailteach agus cuirfidh sí faoi bhráid an Choimisiúin athuair í i gcás ina n-iarrfar sin uirthi faoi Airteagal 6(4) de Rialachán (CE) Uimh. 9992/2009 nó faoi Airteagal 6(4) de Rialachán (CE) Uimh. 9993/2009.

Tabharfaidh an Ghníomhaireacht tuairim réasúnaithe don ENTSO don Leictreachas nó don ENTSO don Ghás maidir leis an gcód gréasáin i gcomhréir le hAirteagal 6(7) de Rialachán (CE) Uimh. 9992/2009 nó le hAirteagal 6(7) de Rialachán (CE) Uimh. 9993/2009.

Cuirfidh an Ghníomhaireacht an cód gréasáin faoi bhráid an Choimisiúin agus féadfaidh sí a mholadh go nglacfar é i gcomhréir le hAirteagal 6(9) de Rialachán (CE) Uimh. 9992/2009 nó le hAirteagal 6(9) de Rialachán (CE) Uimh. 9993/2009 Déanfaidh an Ghníomhaireacht dréachtchód gréasáin a ullmhú agus cuirfidh sí faoi bhráid an Choimisiúin é i gcás ina n-iarrfar sin uirthi faoi Airteagal 6(10) de Rialachán (CE) Uimh. 9992/2009 nó faoi Airteagal 6(10) de Rialachán (CE) Uimh. 9993/2009.

5. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht tuairim chuí-réasúnaithe don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 9(1) de Rialachán (CE) Uimh. 9992/2009 nó le hAirteagal 9(1) de Rialachán (CE) Uimh. 9993/2009 i gcás inar mhainnigh an ENTSO don Leictreachas nó an ENTSO don Ghás cód gréasáin a chur chun feidhme a forbraíodh faoi Airteagal 8(2) de Rialachán (CE) Uimh. 9992/2009 nó faoi Airteagal 8(2) de Rialachán (CE) Uimh. 9993/2009 nó cód gréasáin a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 6(1) go (10) de na Rialacháin sin ach nach bhfuil glactha ag an gCoimisiún faoi Airteagal 6(11) de na Rialacháin sin.

6. Déanfaidh an Ghniomhaireacht faireachán agus anailís ar chur chun feidhme na gcód gréasáin agus na dTreoirlínte arna nglacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 6(11) de Rialachán (CE) Uimh. 9992/2009 agus in Airteagal 6(11) de Rialachán (CE) Uimh. 9993/2009 iad, agus ar a n-éifeacht ar chomhchuibhiú na rialacha is infheidhme atá dírithe ar chomhtháthú margaidh a éascú mar aon le neamhidirdhealú, le hiomaíocht éifeachtach agus le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh agus tabharfaidh sí tuarascáil don Choimisiún.

7. Déanfaidh an Ghníomhaireacht faireachán ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na dtionscadal chun acmhainn nua idirnascaire a chruthú.

8. Déanfaidh an Ghníomhaireacht faireachán ar chur chun feidhme na bpleananna forbartha gréasáin uile-Chomhphobail. Má shainaithníonn sí aon neamhréireachtaí idir plean den sórt sin agus cur chun feidhme phlean den sórt sin, déanfaidh sí imscrúdú ar chúiseanna na neamhréireachtaí sin agus tabharfaidh sí moltaí do na hoibreoirí córas tarchurtha, do na húdaráis rialála náisiúnta nó do chomhlachtaí inniúla eile lena mbaineann d'fhonn na hinfheistíochtaí a chur chun feidhme i gcomhréir leis na pleananna forbartha gréasáin uile-Chomhphobail.

9. Déanfaidh an Ghníomhaireacht faireachán ar an gcomhar réigiúnach idir oibreoirí córas tarchurtha dá dtagraítear in Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 9992/2009 agus in Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 9993/2009, agus tabharfaidh sí aird chuí ar thoradh an chomhair sin le linn di a cuid tuairimí, a cuid moltaí agus a cuid cinntí a fhoirmliú.

*Airteagal 7*

**Cúraimí maidir leis na húdarás rialála náisiúnta**

1. Glacfaidh an Ghníomhaireacht cinntí aonair maidir le saincheisteanna teicniúla i gcás ina ndéantar foráil maidir leis na cinntí sin i dTreoir 2009/72/CE, i dTreoir 2009/73/CE, i Rialachán (CE) Uimh. 9992/2009 nó i Rialachán (CE) Uimh. 9993/2009.

2. Féadfaidh an Ghníomhaireacht, i gcomhréir lena clár oibre nó arna iarraidh sin don Choimisiún, moltaí a dhéanamh chun cuidiú le húdaráis rialála agus le gníomhaithe margaidh dea-chleachtais a roinnt le chéile.

3. Soláthróidh an Ghníomhaireacht creat inar féidir le húdaráis rialála náisiúnta comhoibriú. Cuirfidh sí comhar chun cinn idir na húdaráis náisiúnta rialála agus idir na húdaráis rialála ar leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal an Chomhphobail, agus tabharfaidh sí aird chuí ar thoradh an chomhair sin le linn di a cuid tuairimí, a cuid moltaí agus a cuid cinntí a fhoirmliú. I gcás ina measann an Ghníomhaireacht gur gá rialacha ceangailteacha don chomhar sin, cuirfidh sí na moltaí iomchuí faoi bhráid an Choimisiúin.

4. Arna iarraidh sin d'aon údarás rialála nó don Choimisiún, tabharfaidh an Ghníomhaireacht tuairim, is tuairim a bheidh bunaithe ar ábhair fíoras, i dtaobh an gcomhlíonann cinneadh a rinne údarás rialála na Treoirlínte dá dtagraítear i dTreoir 2009/72/CE, i dTreoir 2009/73CE, i Rialachán (CE) Uimh. 9992/2009 nó i Rialachán (CE) Uimh. 9993/2009 nó an gcomhlíonann sé forálacha ábhartha eile de chuid na dTreoracha nó na Rialachán sin.

5. I gcás nach gcomhlíonann údarás rialála náisiúnta tuairim na Gníomhaireachta, dá dtagraítear i mír 4, laistigh de cheithre mhí ón lá a faightear an tuairim, cuirfidh an Ghníomhaireacht an méid sin in iúl don Choimisiún agus don Bhallstát lena mbaineann.

6. Más rud é, i gcás sonrach, go bhfuil deacrachtaí ag údarás rialála náisiúnta maidir le cur i bhfeidhm na dTreoirlínte dá dtagraítear i dTreoir 2009/72/CE, i dTreoir 2009/73/CE, i Rialachán (CE) Uimh. 9992/2009 nó i Rialachán (CE) Uimh. 9993/2009, féadfaidh sé tuairim a iarraidh ar an nGníomhaireacht. Tar éis di dul i gcomhairle leis an gCoimisiún, tabharfaidh an Ghníomhaireacht a tuairim laistigh de thrí mhí tar éis an iarraidh sin a fháil.

7. I gcomhréir le hAirteagal 8, cinnfidh an Ghníomhaireacht na téarmaí agus na coinníollacha maidir le rochtain ar an mbonneagar leictreachais agus gáis lena nasctar dhá Bhallstát ar a laghad, nó lena bhféadfaí dhá Bhallstát ar a laghad a nascadh (bonneagar trasteorann) agus maidir le slándáil oibríochtúil an bhonneagair sin.

*Airteagal 8*

**Cúraimí maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le rochtain ar bhonneagar trasteorann agus a bhaineann le slándáil oibríochtúil an bhonneagair sin**

1. I gcás bonneagair trasteorann, maidir leis na saincheisteanna rialála sin a thagann faoi réim inniúlacht na n-údarás rialála náisiúnta, a fhéadfaidh na téarmaí agus na coinníollacha maidir le rochtain agus slándáil oibríochtúil a bheidh san áireamh iontu, ní dhéanfaidh an Ghníomhaireacht cinneadh ina leith ach amháin:

(a) i gcás nach n-éiríonn leis na húdaráis inniúla rialála náisiúnta teacht ar chomhaontú laistigh de thréimhse sé mhí ón tráth ar tarchuireadh an cás chuig an údarás deiridh de na húdaráis rialála sin; nó

(b) tar éis iarraidh chomhpháirteach a fháil ó na húdaráis inniúla rialála náisiúnta.

Féadfaidh na húdaráis rialála inniúla náisiúnta a iarraidh go comhpháirteach go ndéanfaran tréimhse dá dtagraítear i bpointe (a) a fhadú go ceann tréimhse suas go sé mhí.

Le linn di a cinneadh a ullmhú, rachaidh an Ghníomhaireacht i gcomhairle leis na húdaráis rialála náisiúnta agus leis na hoibreoirí córas tarchurtha lena mbaineann agus cuirfear ar an eolas í faoi thograí agus faoi bharúlacha na n-oibreoirí córas tarchurtha go léir lena mbaineann.

2. Cuimseofar na nithe seo a leanas sna téarmaí agus sna coinníollacha maidir le rochtain ar bhonneagar trasteorann:

(a) nós imeachta chun acmhainn a leithroinnt;

(b) amchlár don leithroinnt;

(c) ioncam ón bplódú a roinnt; agus

(d) muirir a thobhach ar úsáideoirí an bhonneagair, dá dtagraítear in Airteagal 17(1)(d) de Rialachán (CE) Uimh. 9992/2009 nó in Airteagal 36(1)(d) de Threoir 2009/73/CE.

3. I gcás ina dtarchuirfear cás chuig an nGníomhaireacht faoi mhír 1:

(a) tabharfaidh an Ghníomhaireacht a cinneadh laistigh de thréimhse sé mhí ó lá an tarchurtha; agus

(b) féadfaidh an Ghníomhaireacht, más gá, cinneadh eatramhach a thabhairt chun go n-áiritheofar cosaint do shlándáil an tsoláthair nó do shlándáil oibríochtúil an bhonneagair i dtrácht.

4. Féadfaidh an Coimisiún Treoirlínte a ghlacadh maidir leis na cásanna ina mbeidh an Ghníomhaireacht inniúil chun na téarmaí agus na coinníollacha a chinneadh maidir le rochtain ar an mbonneagar trasteorann agus maidir le slándáil oibríochtúil an bhonneagair sin. Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú trína fhorlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 32(2) den Rialachán seo.

5. Más rud é, maidir leis na saincheisteanna rialála dá dtagraítear i mír 1, go bhfuil eisceachtaí de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 9992/2009 nó Airteagal 36(4) de Threoir 2009/73/CE, san áireamh iontu, ní dhéanfar na spriocamanna dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus na spriocamanna dá bhforáiltear sna forálacha sin a charnadh.

*Airteagal 9*

**Cúraimí eile**

1. Féadfaidh an Ghníomhaireacht cinneadh a dhéanamh ar dhíolúintí, faoi mar a fhoráiltear in Airteagal 17(5) de Rialachán (CE) Uimh. 9992/2009. Féadfaidh an Ghníomhaireacht cinneadh a dhéanamh ar dhíolúintí freisin, faoi mar a fhoráiltear in Airteagal 36(4) de Threoir 2009/73/CE i gcás ina bhfuil an bonneagar lena mbaineann suite ar chríoch níos mó ná Ballstát amháin.

2. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht tuairim, arna iarraidh sin don Choimisiún i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh. 9992/2009 nó leis an dara fomhír d'Airteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh 9993/2009, maidir le cinntí na n-údarás rialála náisiúnta ar dheimhniúchán.

Féadfar cúraimí breise nach bhfuil aon chumhachtaí cinnteoireachta ag baint leo a thabhairt don Ghníomhaireacht in imthosca arna sainiú go soiléir ag an gCoimisiún i dTreoirlínte arna nglacadh de bhun Airteagal 18 de Rialachán (CE) Uimh. 9992/2009 nó de bhun Airteagal 23 de Rialachán (CE) Uimh. 9993/2009 agus maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an gcuspóir dar bunaíodh í.

*Airteagal 10*

**Comhairliúcháin agus trédhearcacht**

1. Le linn a cúraimí a chur i gcrích, go háirithe sa phróiseas a ghabhann le creat-treoirlínte a fhorbairt i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 9992/2009 nó le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 9993/2009 agus sa phróiseas a ghabhann le leasuithe ar na cóid ghréasáin a mholadh faoi Airteagal 7 de cheachtar de na Rialacháin sin, rachaidh an Ghníomhaireacht i gcomhairle go forleathan, agus ag céim luath, le rannpháirtithe sa mhargadh, le hoibreoirí córas tarchurtha, le tomhaltóirí, le húsáideoirí deiridh agus, i gcás inarb ábhartha, le húdaráis iomaíochta, gan dochar dá n-inniúlachtaí faoi seach, ar bhealach oscailte trédhearcach, go háirithe nuair a bhaineann a cúraimí le hoibreoirí córas tarchurtha.

2. Áiritheoidh an Ghníomhaireacht, más iomchuí, go ndéanfar faisnéis oibiachtúil, iontaofa agus inrochtana a thabhairt don phobal agus d'aon pháirtithe leasmhara, go háirithe maidir le toradh a cuid oibre.

Poibleofar doiciméid agus miontuairiscí uile na gcruinnithe comhairliúcháin a reáchtálfar le linn na Creat-Treoirlínte a bheith á bhforbairt i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 9992/2009 nó le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 9993/2009 nó le linn na cóid ghréasáin a leasú faoi Airteagal 7 de cheachtar de na Rialacháin sin.

3. Sula ndéanfar creat-treoirlínte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 9992/2009 nó le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 9993/2009, nó sula ndéanfar leasuithe ar na cóid ghréasáin a mholadh faoi Airteagal 7 de cheachtar de na Rialacháin sin, léireoidh an Ghníomhaireacht conas a cuireadh na barúlacha a fuarthas i rith an chomhairliúcháin san áireamh agus tabharfaidh sí na cúiseanna más rud é nach ndearnadh de réir na mbarúlacha sin.

4. Déanfaidh an Ghníomhaireacht an clár ama, na doiciméid chúlra agus, más iomchuí, miontuairiscí chruinnithe an Bhoird Riaracháin, an Bhoird Rialálaithe agus an Bhoird Achomhairc, ar a laghad, a phoibliú ar a láithreán gréasáin féin.

*Airteagal 11*

**Faireachán agus tuairisciú ar earnáil an leictreachais agus ar earnáil an gháis nádúrtha**

1. I ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, leis na Ballstáit agus leis na húdaráis náisiúnta ábhartha, lena n-áirítear na húdaráis rialála náisiúnta, agus gan dochar d'inniúlachtaí na n-údarás iomaíochta, déanfaidh an Ghníomhaireacht faireachán ar na margaí inmheánacha sa leictreachas agus sa ghás nádúrtha, go háirithe ar phraghasanna miondíola an leictreachais agus an gháis nádúrtha, ar rochtain ar an ngréasán lena n-áirítear rochtain ar leictreachas a tháirgtear ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, agus ar chomhlíonadh chearta na dtomhaltóirí a leagtar síos i dTreoir 2009/72/CE agus i dTreoir 2009/73/CE

2. Poibleoidh an Ghníomhaireacht tuarascáil bhliantúil ar thorthaí an fhaireacháin dá bhforáiltear i mír 1. Sa tuarascáil sin, sainaithneoidh sí aon bhacainní ar chomhlánú na margaí inmheánacha sa leictreachas agus sa ghás nádúrtha.

3. Le linn don Ghníomhaireacht a tuarascáil bhliantúil a phoibliú, féadfaidh sí tuairim i leith na mbeart a d'fhéadfaí a dhéanamh chun deireadh a chur leis na bacainní dá dtagraítear i mír 2 a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus an Choimisiúin.

CAIBIDIL III

**EAGRÚCHÁN**

*Airteagal 12*

**An Bord Riaracháin**

1. Naonúr comhaltaí a bheidh ar an mBord Riaracháin. Beidh comhalta malartach ag gach comhalta. Ceapfaidh an Coimisiún beirt chomhaltaí agus a malartaigh, ceapfaidh Parlaimint na hEorpa beirt beirt chomhaltaí agus a malartaigh agus ceapfaidh an Chomhairle cúigear comhaltaí agus a malartaigh. Ní bheidh aon chomhalta den Bhord Riaracháin ina Fheisire de Pharlaimint na hEorpa. Ceithre bliana a bheidh i dtéarma oifige chomhaltaí an Bhoird Riaracháin agus a malartach agus beidh an téarma sin inathnuaite aon uair amháin. I gcás an chéad sainordaithe, sé bliana a bheidh i dtéarma oifige leath na gcomhaltaí den Bhord Riaracháin agus a malartach.

2. Ceapfaidh an Bord Riaracháin a Chathaoirleach agus a Leas-Chathaoirleach as líon a chomhaltaí. Glacfaidh an Leaschathaoirleach áit an Chathaoirligh go huathoibríoch mura mbeidh an Cathaoirleach in ann a dhualgais a chomhlíonadh. Dhá bhliain a bheidh i dtéarma oifige an Chathaoirligh agus an Leas-Chathaoirligh, agus beidh an téarma sin inathnuaite aon uair amháin. Rachaidh téarma oifige an Chathaoirligh agus an Leas-Chathaoirligh in éag nuair a scoirfidh siad de bheith ina gcomhaltaí den Bhord Riaracháin.

3. Is é an Cathaoirleach a chomórfaidh cruinnithe an Bhoird Riaracháin. Beidh Cathaoirleach an Bhoird Rialálaithe, nó ainmnitheach an Bhoird Rialálaithe agus an Stiúrthóir rannpháirteach, gan aon cheart vótála, sna pléití mura gcinnfidh an Bord Riaracháin a mhalairt maidir leis an Stiúrthóir. Tiocfaidh an Bord Riaracháin le chéile i ngnáthsheisiún ar a laghad dhá uair sa bhliain. Tiocfaidh sé le chéile freisin ar thionscnamh a Chathaoirligh, arna iarraidh sin ag an gCoimisiún nó ar iarraidh ó thrian dá chomhaltaí ar a laghad. Féadfaidh an Bord Riaracháin cuireadh a thabhairt d'aon duine a bhféadfadh tuairim ábhartha a bheith aige freastal ar a chuid cruinnithe i gcáil breathnadóra. Féadfaidh comhaltaí an Bhoird Riaracháin cúnamh a fháil ó chomhairleoirí nó ó saineolaithe, ach sin faoi réir a rialacha nós imeachta. Soláthróidh an Ghníomhaireacht seirbhísí rúnaíochta don Bhord Riaracháin.

4. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Rialachán seo, is trí thromlach dhá thrian de na comhaltaí a bheidh i láthair a ghlacfar cinntí an Bhoird Riaracháin. Beidh vóta amháin ag gach comhalta den Bhord Riaracháin nó ag a mhalartach.

5. Leagfar amach an méid seo a leanas ar bhealach níos mionsonraithe sna rialacha nós imeachta:

(a) na socruithe lena rialaítear vótáil, go háirithe na coinníollacha faoina bhféadfaidh comhalta amháin feidhmiú thar ceann chomhalta eile agus, más iomchuí, na rialacha lena rialaítear córaim; agus

(b) na socruithe lena rialaítear an uainíocht is infheidhme maidir le hathnuachan comhaltaí den Bhord Riaracháin arna gceapadh ag an gComhairle chun a áirithiú go mbeidh na Ballstáit rannpháirteach ann ar bhealach cothrom thar am.

6. Ní bheidh comhalta den Bhord Riaracháin ina chomhalta den Bhord Rialálaithe.

7. Glacfaidh comhaltaí an Bhoird Riaracháin orthu féin go ngníomhóidh siad go neamhspleách agus go hoibiachtúil ar mhaithe le leas an phobail, gan treoracha polaitiúla a lorg ná a leanúint. Chun na críche sin, déanfaidh gach comhalta agus a mhalartach, ina nduine agus ina nduine, dearbhú scríofa maidir lena oibleagáidí agus dearbhú i scríbhinn maidir lena leasanna, á léiriú nach bhfuil aon leas aige a bhféadfaí a mheas ina leith gur ní é a dhéanfadh dochar dá neamhspleáchas nó go bhfuil leas díreach nó indíreach aige a bhféadfaí a mheas ina leith gur ní é a dhéanfadh dochar dá neamhspleáchas. Poibleofar na dearbhuithe sin go bliantúil.

*Airteagal 13*

**Cúraimí an Bhoird Riaracháin**

1. Tar éis don Bhord Riaracháin dul i gcomhairle leis an mBord Rialálaithe agus tuairim fhabhrach a fháil ón mBord sin i gcomhréir le hAirteagal 15(2), ceapfaidh an Bord Riaracháin an Stiúrthóir i gcomhréir le hAirteagal 16(2).

2. Ceapfaidh an Bord Riaracháin comhaltaí an Bhoird Rialálaithe go foirmiúil i gcomhréir le hAirteagal 14(1).

3. Ceapfaidh an Bord Riaracháin comhaltaí an Bhoird Achomhairc go foirmiúil i gcomhréir le hAirteagal 18(1) agus (2).

4. Áiritheoidh an Bord Riaracháin go gcuirfidh an Ghníomhaireacht a misean i gcrích agus go gcomhlíonfaidh sí na cúraimí a shanntar di i gcomhréir leis an Rialachán seo.

5. Tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoimisiún agus tar éis formheas an Bhoird Rialálaithe a fháil i gcomhréir le hAirteagal 15(3), déanfaidh an Bord Riaracháin, roimh an 30 Meán Fómhair gach bliain, clár oibre na Gníomhaireachta a ghlacadh don bhliain dár gcionn agus tarchuirfidh sé chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún é. Glacfar an clár oibre gan dochar don nós imeachta buiséadach bliantúil agus poibleofar é.

6. Glacfaidh an Bord Riaracháin clár ilbhliantúil agus, más gá, athbhreithneoidh sé é. Beidh an t-athbhreithniú sin bunaithe ar thuarascáil mheastóireachta a dhéanfaidh saineolaí seachtrach neamhspleách, ar iarraidh ón mBord Riaracháin. Poibleofar na doiciméid sin.

7. Feidhmeoidh an Bord Riaracháin a chumhachtaí buiséadacha i gcomhréir le hAirteagal 21 go hAirteagal 24.

8. Tar éis don Bhord Riaracháin comhaontú an Choimisiúin a fháil, déanfaidh sé cinneadh i dtaobh an nglacfaidh sé le haon leagáidí, deonacháin nó deontais ó fhoinsí Comhphobail eile nó le haon ranníocaíocht dheonach ó na Ballstáit nó ó na húdaráis rialála. Sa tuairim a thabharfaidh an Bord Riaracháin de bhun Airteagal 24(5), díreofar go sainráite ar na foinsí maoinithe a leagtar amach sa mhír seo.

9. Feidhmeoidh an Bord Riaracháin údarás araíonachta ar an Stiúrthóir, i gcomhairle leis an mBord Rialálaithe.

10. Más gá, déanfaidh an Bord Riaracháin rialacha cur chun feidhme a tharraingt suas chun éifeacht a thabhairt do na Rialacháin Foirne de bhun Airteagal 28(2).

11. Glacfaidh an Bord Riaracháin bearta praiticiúla maidir le ceart rochtana ar dhoiciméid na Gníomhaireachta, i gcomhréir le hAirteagal 30.

12. Déanfaidh an Bord Riaracháin an tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta a ghlacadh agus a fhoilsiú, ar bhonn na dréacht-tuarascála bliantúla dá dtagraítear in Airteagal 17(8), agus déanfaidh sé an tuarascáil sin a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig an gCúirt Iniúchóirí, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún faoin 15 Meitheamh gach bliain. Beidh roinn neamhspleách san áireamh sa tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta ar roinn í a bheidh formheasta ag an mBord Rialálaithe agus a bhainfidh le gníomhaíochtaí rialála na Gníomhaireachta le linn na bliana atá i dtrácht.

13. Glacfaidh an Bord Riaracháin a rialacha nós imeachta féin agus foilseoidh sé iad.

*Airteagal 14*

**An Bord Rialálaithe**

1. Is iad seo a leanas na comhaltaí a bheidh ar an mBord Rialálaithe:

(a) ionadaithe sinsearacha de chuid na n-údaráis rialála, i gcomhréir le Airteagal 35(1) de Threoir 2009/72/CE agus le hAirteagal 39(1) de Threoir 2009/73/CE, agus malartach amháin in aghaidh an Bhallstáit ó fhoireann shinsearach reatha na n-údarás sin;

(b) ionadaí amháin de chuid an Choimisiúin gan ceart vótála.

Ní fhéadfar ach ionadaí amháin in aghaidh an Bhallstáit ón údarás rialála náisiúnta a ghlacadh ar an mBord Rialálaithe.

Beidh gach údarás rialála náisiúnta freagrach as an gcomhalta malartach a ainmniú as measc fhoireann an údaráis rialála náisiúnta a bheidh ann ag an am áirithe sin.

2. Ceapfaidh an Bord Rialálaithe Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach as líon a chomhaltaí. Glacfaidh an Leas-Chathaoirleach áit an Chathaoirligh mura mbeidh an Cathaoirleach in ann a dhualgais a chomhlíonadh. Dhá bhliain go leith an téarma oifige a bheidh ag an gCathaoirleach agus ag an Leas-Chathaoirleach, agus beidh an téarma sin inathnuaite aon uair amháin. Rachaidh téarma oifige an Chathaoirligh agus an Leas-Chathaoirligh in éag, áfach, nuair a scoirfidh siad de bheith ina gcomhaltaí den Bhord Rialálaithe.

3. Is trí thromlach dhá thrian de na comhaltaí a bheidh i láthair a ghníomhóidh an Bord Rialálaithe. Beidh vóta amháin ag gach comhalta nó ag gach malartach.

4. Déanfaidh an Bord Rialálaithe a Rialacha nós imeachta féin a ghlacadh agus a fhoilsiú agus déanfar na socruithe maidir le vótáil a leagan amach sna sna rialacha sin ar bhealach níos mionsonraithe, go háirithe na coinníollacha faoina bhféadfaidh comhalta amháin feidhmiú thar ceann chomhalta eile agus, más iomchuí, na rialacha maidir le córaim. Féadfar foráil a dhéanamh sna rialacha nós imeachta maidir le modhanna sonracha oibre chun saincheisteanna a éireoidh i gcomhthéacs tionscnamh um chomhar réigiúnach a bhreithniú.

5. Le linn dó na cúraimí a thugtar dó leis an Rialachán seo a chomhlíonadh, agus gan dochar dá chomhaltaí a bheith ag gníomhú thar ceann a n-údarás rialála faoi seach, gníomhóidh an Bord Rialálaithe go neamhspleách agus ní lorgóidh sé ná ní ghlacfaidh sé treoracha ó rialtas Ballstáit, ón gCoimisiún nó ó eintiteas poiblí nó príobháideach eile.

6. Soláthróidh an Ghníomhaireacht seirbhísí rúnaíochta don Bhord Rialálaithe.

*Airteagal 15*

**Cúraimí an Bhoird Rialálaithe**

1. Tabharfaidh an Bord Rialálaithe tuairimí don Stiúrthóir maidir leis na tuairimí, na moltaí agus na cinntí dá dtagraítear in Airteagail 5, 6, 7, 8 agus 9 agus a bheidh á mbreithniú lena nglacadh. Ina theannta sin, déanfaidh an Bord Rialálaithe, laistigh dá réimse inniúlachta, treoraíocht a sholáthar don Stiúrthóir i dtaca le forghníomhú chúraimí an Stiúrthóra.

2. Tabharfaidh an Bord Rialálaithe tuairim don Bhord Riaracháin maidir leis an iarrthóir atá le ceapadh mar Stiúrthóir i gcomhréir le hAirteagal 13(1) agus Airteagal 16(2). Is trí thromlach trí cheathrú dá chomhaltaí a ghlacfaidh an Bord Rialálaithe an cinneadh sin.

3. I gcomhréir le hAirteagal 13(5) agus le hAirteagal 17(6) agus i gcomhréir leis an réamh-dhréachtbhuiséad a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 23(1), formheasfaidh an Bord Rialálaithe clár oibre na Gníomhaireachta don bhliain dár gcionn agus, faoin 1 Meán Fómhair gach bliain, tíolacfaidh sé é lena ghlacadh ag an mBord Riaracháin.

4. Déanfaidh an Bord Rialálaithe an roinn neamhspleách maidir le gníomhaíochtaí rialála atá sa tuarascáil bhliantúil a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 13(12) agus le hAirteagal 17(8).

5. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa cuireadh a thabhairt do Chathaoirleach an Bhoird Rialálaithe nó dá ionadaí, agus a neamhspleáchas á urramú go hiomlán, chun ráiteas a dhéanamh os comhair a coiste inniúil agus ceisteanna ó chomhaltaí an choiste sin a fhreagairt.

*Airteagal 16*

**An Stiúrthóir**

1. Is é Stiúrthóir na Gníomhaireachta a dhéanfaidh bainistiú ar an nGníomhaireacht agus gníomhóidh sé i gcomhréir leis an treoraíocht dá dtagraítear sa dara habairt d'Airteagal 15(1) agus, i gcás ina bhforáiltear amhlaidh sa Rialachán seo, i gcomhréir le tuairimí an Bhoird Rialálaithe. Gan dochar do róil an Bhoird Riaracháin agus an Bhoird Rialálaithe faoi seach i dtaca le cúraimí an Stiúrthóra, ní dhéanfaidh an Stiúrthóir aon treoir lorg ná a ghlacadh ó aon rialtas, ón gCoimisiún ná ó aon eintiteas poiblí nó príobháideach eile.

2. Ceapfaidh an Bord Riaracháin an Stiúrthóir tar éis dó tuairim fhabhrach an Bhoird Rialálaithe a fháil, ar bhonn tuillteanais mar aon le scileanna agus le taithí a bhaineann leis an earnáil fuinnimh, as liosta triúr iarrthóirí ar a laghad arna moladh ag an gCoimisiún, tar éis cuireadh poiblí um léiriú spéise. Sula ndéanfar an ceapachán, féadfar a iarraidh ar an iarrthóir a roghnóidh an Bord Riaracháin ráiteas a dhéanamh os comhair choiste inniúil Pharlaimint na hEorpa agus ceisteanna ó chomhaltaí an choiste sin a fhreagairt.

3. Cúig bliana a bheidh i dtéarma oifige an Stiúrthóra. Le linn na naoi mí roimh dheireadh na tréimhse sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú. Sa mheasúnú sin, scrúdóidh an Coimisiún na nithe seo a leanas go háirithe:

(a) feidhmíocht an Stiúrthóra;

(b) dualgais agus riachtanais na Gníomhaireachta sna blianta atá le teacht.

Déanfar an measúnú a bhaineann le pointe (b) a sheoladh le cúnamh ó shaineolaí seachtrach neamhspleách.

4. Féadfaidh an Bord Riaracháin, ag gníomhú dó ar thogra ón gCoimisiún, agus tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Rialálaithe agus an measúnú agus tuairim an Bhoird Rialálaithe ar an measúnú sin a bhreithniú go dian, agus sna cásanna sin ina mbeidh sé inchosanta ar bhonn dhualgais agus riachtanais na Gníomhaireachta, agus sna cásanna sin amháin, téarma oifige an Stiúrthóra a fhadú, aon uair amháin, go ceann tréimhse nach faide ná trí bliana.

5. Cuirfidh an Bord Riaracháin in iúl do Pharlaimint na hEorpa go bhfuil sé ar intinn aige téarma oifige an Stiúrthóra a fhadú. Laistigh de mhí amháin sula bhfadaítear a théarma oifige, féadfar a iarraidh ar an Stiúrthóir ráiteas a dhéanamh os comhair choiste inniúil Pharlaimint na hEorpa agus ceisteanna ó chomhaltaí an choiste sin a fhreagairt.

6. I gcás nach bhfadaítear a théarma oifige, fanfaidh an Stiúrthóir in oifig go dtí go gceapfar a chomharba.

7. Ní fhéadfar an Stiúrthóir a chur as oifig ach amháin de bhun cinnidh ón mBord Riaracháin, tar éis tuairim fhabhrach an Bhoird Rialálaithe a fháil. Is trí thromlach trí cheathrú dá chomhaltaí a ghlacfaidh an Bord Riaracháin an cinneadh sin.

8. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a iarraidh ar an Stiúrthóir tuarascáil a thíolacadh maidir le comhlíonadh a dhualgas. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa cuireadh a thabhairt don Stiúrthóir chomh maith chun ráiteas a dhéanamh os comhair a coiste inniúil agus ceisteanna ó chomhaltaí an choiste sin a fhreagairt.

*Airteagal 17*

**Cúraimí an Stiúrthóra**

1. Beidh an Stiúrthóir freagrach as ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na Gníomhaireachta agus beidh sé i gceannas ar bhainistiú na Gníomhaireachta.

2. Ullmhóidh an Stiúrthóir obair an Bhoird Riaracháin. Glacfaidh sé páirt, gan cead vótála a bheith aige, in obair an Bhoird Riaracháin.

3. Glacfaidh an Stiúrthóir na tuairimí, na moltaí agus na cinntí dá dtagraítear in Airteagail 5, 6, 7, 8 agus 9, agus a mbeidh tuairim fhabhrach an Bhoird Rialálaithe faighte ina dtaobh, agus foilseoidh sé iad.

4. Beidh an Stiurthóir freagrach as clár oibre bliantúil na Gníomhaireachta a chur chun feidhme faoi threoraíocht an Bhoird Rialálaithe agus faoi rialú riaracháin an Bhoird Riaracháin.

5. Déanfaidh an Stiúrthóir na bearta riachtanacha, go háirithe i leith treoracha inmheánacha riaracháin a ghlacadh agus fógraí a fhoilsiú, chun a chinntiú go bhfeidhmeoidh an Ghníomhaireacht i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo.

6. Gach bliain, ullmhóidh an Stiúrthóir dréachtchlár oibre na Gníomhaireachta don bhliain dár gcionn agus cuirfidh sé faoi bhráid an Bhoird Rialálaithe, Pharlaimint na hEorpa agus an Choimisiúin é faoin 30 Meitheamh sa bhliain sin.

7. Tarraingeoidh an Stiúrthóir réamh-dhréachtbhuiséad na Gníomhaireachta suas de bhun Airteagal 23(1) agus cuirfidh sé buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme de bhun Airteagal 24.

8. Gach bliain, ullmhóidh an Stiúrthóir dréacht-tuarascáil bhliantúil ina mbeidh roinn neamhspleách faoi ghníomhaíochtaí rialála na Gníomhaireachta agus roinn faoi chúrsaí airgeadais agus riaracháin.

9. Maidir le foireann na Gníomhaireachta, feidhmeoidh an Stiúrthóir na cumhachtaí dá bhforáiltear in Airteagal 28(3).

*Article 18*

**An Bord Achomhairc**

1. Seisear comhaltaí agus seisear malartach a bheidh ar an mBord Achomhairc, arna roghnú as foireann shinsearach reatha nó iar-fhoireann shinsearach na n-údarás rialála náisiúnta, na n-údarás iomaíochta nó na n-institiúidí eile náisiúnta nó Comhphobail a bhfuil taithí chuí in earnáil an fhuinnimh acu. Ainmneoidh an Bord Achomhairc a Chathaoirleach. Glacfar cinntí an Bhoird Achomhairc trí thromlach cáilithe de cheathrar ar a laghad den seisear comhaltaí. Comórfar an Bord Achomhairc de réir mar is gá.

2. Is é an Bord Riaracháin a dhéanfaidh comhaltaí an Bhoird Achomhairc a cheapadh go foirmiúil, ar thogra ón gCoimisiún, tar éis cuireadh poiblí um léiriú spéise agus tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Rialálaithe.

3. Cúig bliana a bheidh i dtéarma oifige chomhaltaí an Bhoird Achomhairc. Beidh an téarma sin inathnuaite. Beidh comhaltaí an Bhoird Achomhairc neamhspleách agus a gcinntí á ndéanamh acu. Ní bheidh siad faoi cheangal ag aon treoracha. Ní fheidhmeoidh siad aon dualgais eile sa Ghníomhaireacht, ar a Bord Riaracháin nó ar a Bord Rialálaithe. Ní chuirfear comhalta den Bhord Achomhairc as oifig le linn a théarma oifige mura rud é go bhfaightear ciontach i mí-iompar tromchúiseach é agus go ndéanann an Bord Riaracháin cinneadh chuige sin tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Rialálaithe.

4. Ní ghlacfaidh comhaltaí den Bhord Achomhairc páirt in aon imeachtaí achomhairc má tá leas pearsanta acu iontu, nó má bhí baint acu cheana leis na himeachtaí mar ionadaithe do dhuine de na páirtithe sna himeachtaí, nó má bhí siad rannpháirteach sa chinneadh a bhfuil achomharc á dhéanamh ina aghaidh.

5. Más rud é, ar cheann de na cúiseanna dá dtagraítear i mír 4 nó ar aon chúis eile, go measann comhalta den Bhord Achomhairc nár cheart do chomhalta eile páirt a ghlacadh in aon imeachtaí achomhairc, cuirfidh sé an méid sin in iúl don Bhord. Féadfaidh aon pháirtí sna himeachtaí achomhairc agóid a dhéanamh in aghaidh comhalta den Bhord Achomhairc a bheith rannpháirteach ar aon cheann de na forais dá dtagraítear i mír 4, nó má tá amhras ann go bhfuil an comhalta sin claonta. Ní bheidh agóid den sórt sin inghlactha más rud é go bhfuil sí bunaithe ar náisiúntacht comhalta nó más rud é go mbeidh an páirtí agóideach sna himeachtaí achomhairc, agus é nó í ar an eolas go raibh cúis agóide ann, tar éis céim nós imeachta a ghlacadh sna himeachtaí achomhairc seachas cur i gcoinne chomhdhéanamh an Bhoird Achomhairc.

6. Déanfaidh an Bord Achomhairc an gníomh atá le glacadh sna cásanna a shonraítear i mír 4 agus i mír 5 a dhéanamh gan an comhalta lena mbaineann a bheith rannpháirteach. Chun an cinneadh sin a dhéanamh, malartach an chomhalta lena mbaineann áit an chomhalta sin ar an mBord Achomhairc. I gcás ina bhfuil an malartach i riocht den tsamhail chéanna leis an gcomhalta, ainmneoidh an Cathaoirleach duine ionaid as measc na malartach a bheidh ar fáil.

7. Glacfaidh comhaltaí an Bhoird Riaracháin orthu féin go ngníomhóidh siad go neamhspleách agus ar mhaithe le leas an phobail. Chun na críche sin, déanfaidh siad dearbhú i scríbhinn maidir lena n-oibleagáidí agus dearbhú i scríbhinn maidir lena leasanna, á léiriú nach bhfuil aon leas acu a bhféadfaí a mheas ina leith gur ní é a dhéanfadh dochar dá neamhspleáchas nó go bhfuil leas díreach nó indíreach acu a bhféadfaí a mheas ina leith gur ní é a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dá neamhspleáchas. Poibleofar na dearbhuithe sin go bliantúil.

*Airteagal 19*

**Achomhairc**

1. Féadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach, lena n-áirítear údaráis rialála náisiúnta, achomharc a dhéanamh in aghaidh cinnidh dá dtagraítear in Airteagal 7, in Airteagal 8 nó in Airteagal 9 agus atá dírithe chuig an duine sin, nó in aghaidh cinnidh a bhaineann go díreach agus go leithleach leis an duine sin cé gur cinneadh é atá dírithe chuig duine eile.

2. Déanfar an t-achomharc, mar aon le ráiteas ar na forais atá leis, a chomhdú i scríbhinn sa Ghníomhaireacht, laistigh de dhá mhí ón lá ar tugadh fógra faoin gcinneadh don duine lena mbaineann, nó ina éagmais sin, laistigh de dhá mhí ón lá ar fhoilsigh an Ghníomhaireacht a cinneadh. Glacfaidh an Bord Achomhairc cinneadh faoin achomharc laistigh de dhá mhí ón tráth a thaisctear é.

3. Ní bheidh éifeacht fionraíochta ag achomharc a thaiscfear de bhun mhír 1. Féadfaidh an Bord Achomhairc, áfach, má mheasann sé gur gá sin sna himthosca, cur i bhfeidhm an chinnidh atá á chonspóid a fhionraí.

4. Má tá an t-achomharc inghlactha, déanfaidh an Bord Achomhairc scrúdú i dtaobh an bhfuil bunús maith leis an achomharc. Tabharfaidh sé cuireadh, a mhinice is gá, do na páirtithe sna himeachtaí achomhairc barúlacha a chomhdú laistigh de theorainneacha sonraithe ama maidir leis na fógraí arna n-eisiúint aige féin nó maidir le teachtaireachtaí ó na páirtithe eile sna himeachtaí achomhairc. Beidh páirtithe sna himeachtaí achomhairc i dteideal cur i láthair ó bhéal a dhéanamh.

5. Féadfaidh an Bord Achomhairc, i gcomhréir leis an Airteagal seo, aon chumhacht a thagann faoi réim inniúlacht na Gníomhaireachta a fheidhmiú nó féadfaidh sé an cás a tharchur chuig comhlacht inniúil na Gníomhaireachta. Beidh cinneadh an Bhoird Achomhairc ina cheangal ar an gcomhlacht inniúil.

6. Glacfaidh an Bord Achomhairc a rialacha nós imeachta féin agus foilseoidh sé iad.

7. Foilseoidh an Ghníomhaireacht cinntí arna ndéanamh ag an mBord Achomhairc.

*Airteagal 20*

**Caingne os comhair na Cúirte Céadchéime agus na Cúirte Breithiúnais**

1. Féadfar caingean a thabhairt os comhair na Cúirte Céadchéime nó os comhair na Cúirte Breithiúnais i gcomhréir le hAirteagal 230 den Chonradh, chun cur i gcoinne cinnidh arna ghlacadh ag an mBord Achomhairc nó i gcásanna nach mbeidh aon cheart ann os comhair an Bhoird Achomhairc, cinnidh arna ghlacadh ag an nGníomhaireacht.

2. I gcás ina mainneoidh an Ghníomhaireacht cinneadh a ghlacadh, féadfar imeachtaí mar gheall ar mhainneachtain gníomhú a thabhairt os comhair na Cúirte Céadchéime nó os comhair na Cúirte Breithiúnais i gcomhréir le hAirteagal 232 den Chonradh.

3. Beidh de cheangal ar an nGníomhaireacht na bearta is gá a ghlacadh chun breithiúnas na Cúirte Céadchéime nó breithiúnas na Cúirte Breithiúnais a chomhlíonadh.

CAIBIDIL IV

**FORÁLACHA AIRGEADAIS**

*Airteagal 21*

**Buiséad na Gníomhaireachta**

1. Is iad na nithe seo a leanas, go háirithe, a bheidh in ioncam na Gníomhaireachta:

(a) fóirdheontas ón gComhphobal, a iontrálfar i mbuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh (Roinn an Choimisiúin);

(b) na táillí a íocfar leis an nGníomhaireacht de bhun Airteagal 22;

(c) ranníocaíochtaí deonacha ó na Ballstáit nó ó na húdaráis rialála, faoi Airteagal 13(8); agus

(d) aon leagáidí, deonacháin nó deontais faoi Airteagal 13(8).

2. Cuimseoidh caiteachas na Gníomhaireachta costais foirne, costais riaracháin, costais bhonneagair agus costais oibríochtúla.

3. Beidh ioncam agus caiteachas na Gníomhaireachta ar comhardú.

4. Déanfar réamhaisnéisí i leith ioncam agus chaiteachas uile na Gníomhaireachta do gach bliain airgeadais, beidh an bhliain airgeadais comhthráthach leis an mbliain féilire, agus iontrálfar an t-ioncam agus an caiteachas sin i mbuiséad na Gníomhaireachta.

*Airteagal 22*

**Táillí**

1. Dlífear táillí a íoc leis an nGníomhaireacht as cinneadh díolúine a iarraidh de bhun Airteagal 9(1).

2. Is é an Coimisiún a shocróidh na táillí dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 23*

**Bunú an bhuiséid**

1. Gach bliain, faoin 15 Feabhra, tarraingeoidh an Stiúrthóir réamh-dhréachtbhuiséad suas a chuimseoidh an caiteachas oibríochtúil agus an clár oibre oirchilleach don bhliain airgeadais ina dhiaidh sin, agus cuirfidh sé an réamh-dhréachtbhuiséad sin chuig an mBord Riaracháin mar aon le liosta post shealadacha. Gach bliain, déanfaidh an Bord Riaracháin meastachán ar ioncam agus ar chaiteachas na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais ina dhiaidh sin, ar meastachán é a bheidh bunaithe ar an réamh-dhréachtbhuiséad arna ullmhú ag an Stiúrthóir. Déanfaidh an Bord Riaracháin an meastachán sin, lena n-áireofar dréachtphlean bunaíochta, a tharchur chuig an gCoimisiún faoin 31 Márta. Sula nglacfar an meastachán, cuirfear an dréacht a d'ullmhaigh an Stiúrthóir chuig an mBord Rialálaithe agus féadfaidh an Bord sin tuairim réasúnaithe a thabhairt faoin dréacht.

2. Déanfaidh an Coimisiún an meastachán dá dtagraítear i mír 1 a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (an t-údarás buiséadach), mar aon le réamh-dhréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh.

3. Ar bhonn an mheastacháin, déanfaidh an Coimisiún na réamhaisnéisí a mheasann sé a bheith riachtanach maidir leis an bplean bunaíochta agus an méid den deontas atá le muirearú ar bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 272 den Chonradh a iontráil i réamh-dhréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh.

4. Glacfaidh an t-údarás buiséadach an plean bunaíochta don Ghníomhaireacht.

5. Déanfaidh an Bord Riaracháin buiséad na Gníomhaireachta a tharraingt suas. Beidh sé ina bhuiséad críochnaitheach tar éis buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a bheith glactha go críochnaitheach. I gcás inar gá, coigeartófar é dá réir.

6. Tabharfaidh an Bord Riaracháin fógra gan mhoill don údarás buiséadach faoi aon tionscadal atá ar intinn aige a chur chun feidhme agus a bhféadfadh impleachtaí suntasacha airgeadais a bheith aige ar mhaoiniú bhuiséad na Gníomhaireachta, go háirithe faoi aon tionscadal a bhaineann le maoin amhail foirgnimh a fháil ar cíos nó a cheannach. Cuirfidh an Bord Riaracháin an Coimisiún ar an eolas faoina bhfuil ar intinn aige freisin. Má tá sé ar intinn ag ceachtar brainse den údarás buiséadach tuairim a eisiúint, cuirfidh sé in iúl don Ghníomhaireacht, laistigh de dhá sheachtain tar éis dó an fhaisnéis maidir leis an tionscadal a fháil, go bhfuil sé ar intinn aige tuairim den sórt sin a eisiúint. Mura bhfaighfear freagra, féadfaidh an Ghníomhaireacht dul ar aghaidh leis an tionscadal atá beartaithe.

*Airteagal 24*

**Cur chun feidhme agus rialú an bhuiséid**

1. Gníomhóidh an Stiúrthóir mar oifigeach údaráis agus cuirfidh sé buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme.

2. Faoin 1 Márta tar éis dheireadh gach bliana airgeadais, cuirfidh oifigeach cuntasaíochta na Gníomhaireachta na cuntais shealadacha ar aghaidh chuig oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin agus chuig an gCúirt Iniúchóirí mar aon leis an tuarascáil faoin mbainistíocht bhuiséadach agus airgeadais don bhliain airgeadais sin. Chomh maith leis sin, seolfaidh oifigeach cuntasaíochta na Gníomhaireachta an tuarascáil faoin mbainistíocht bhuiséadach agus airgeadais chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle faoin 31 Márta sa bhliain dár gcionn. Comhdhlúthóidh oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin cuntais shealadacha na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí díláraithe ansin i gcomhréir le hAirteagal 128 de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme ar bhuiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach ([1]) (an Rialachán Airgeadais).

3. Faoin 31 Márta tar éis dheireadh gach bliana airgeadais, cuirfidh oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin cuntais shealadacha na Gníomhaireachta ar aghaidh chuig an gCúirt Iniúchóirí mar aon le tuarascáil faoin mbainistíocht bhuiséadach agus airgeadais don bhliain airgeadais sin. Déanfar an tuarascáil faoin mbainistíocht bhuiséadach agus airgeadais don bhliain airgeadais sin a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle freisin.

4. Tar éis don Stiúrthóir barúlacha na Cúirte Iniúchóirí a fháil maidir le cuntais shealadacha na Gníomhaireachta i gcomhréir le forálacha Airteagal 129 den Rialachán Airgeadais, déanfaidh sé cuntais chríochnaitheacha na Gníomhaireachta a tharraingt suas, faoina fhreagracht féin, agus tarchuirfidh sé chuig an mBord Riaracháin iad chun tuairim a fháil uaidh ina leith.

5. Tabharfaidh an Bord Riaracháin tuairim maidir le cuntais chríochnaitheacha na Gníomhaireachta.

6. Faoin 1 Iúil tar éis dheireadh na bliana airgeadais, tarchuirfidh an Stiúrthóir na cuntais chríochnaitheacha sin, mar aon le tuairim an Bhoird Riaracháin, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí.

7. Foilseofar na cuntais chríochnaitheacha.

([1]) IO L 248, 16.9.2002, lch. 1.

8. Faoin 15 Deireadh Fómhair, déanfaidh an Stiúrthóir freagra a chur chuig an gCúirt Iniúchóirí ar bharúlacha na Cúirte sin. Cuirfidh sé cóip den fhreagra sin chuig an mBord Riaracháin agus chuig an gCoimisiún freisin.

9. Déanfaidh an Stiúrthóir aon fhaisnéis is gá maidir le cur i bhfeidhm rianúil an nós imeachta um urscaoileadh don bhliain airgeadais i dtrácht a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, arna iarraidh sin di agus de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 146(3) den Rialachán Airgeadais.

10. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, ar mholadh ón gComhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, urscaoileadh a thabhairt don Stiúrthóir roimh an 15 Bealtaine den bhliain N N + 2, i leith an buiséad don bhliain airgeadais N a chur chun feidhme.

*Airteagal 25*

**Rialacha Airgeadais**

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún, tarraingeoidh an Bord Riaracháin suas na rialacha airgeadais a mbeidh feidhm acu maidir leis an nGníomhaireacht. Féadfaidh na rialacha sin claonadh ó Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2343/2002 más gá sin de réir riachtanais shonracha oibríochtúla na Gníomhaireachta, ach ní fhéadfaidh siad claonadh amhlaidh ach amháin le haontú roimh ré ón gCoimisiún.

*Airteagal 26*

**Bearta frithchalaoise**

1. Chun calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhlíthiúil eile a chomhrac, beidh feidhm gan srian ag forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 1999 maidir le himscrúduithe arna gcur i gcrích ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) ([1]) maidir leis an nGníomhaireacht.

2. Aontóidh an Ghníomhaireacht do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 25 Bealtaine 1999 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontas Eorpaigh agus Coimisiún na gComhphobal Eorpach maidir le himscrúduithe inmheánacha arna seoladh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) ([2]) agus glacfaidh sí láithreach na forálacha iomchuí maidir le foireann uile na Gníomhaireachta.

3. Maidir leis na cinntí ar mhaoiniú agus leis na comhaontuithe agus na hionstraimí cur chun feidhme a eascraíonn as na cinntí sin, sonrófar go sainráite iontu go bhféadfaidh an Chúirt Iniúchóirí agus OLAF seiceálacha ar an láthair a chur i gcrích, más gá, ar thairbhithe airgid atá eisíoctha ag an nGníomhaireacht agus ar dhaoine den fhoireann atá freagrach as an airgead sin a leithdháileadh.

CAIBIDIL V

**FORÁLACHA GINEARÁLTA**

*Airteagal 27*

**Pribhléidí agus díolúintí**

Beidh feidhm ag an bPrótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí na gComhphobal Eorpach maidir leis an nGníomhaireacht.

([1]) IO L 136, 31.5.1999, lch. 1.
([2]) IO L 136, 31.5.1999, lch. 15.

*Airteagal 28*

**An fhoireann**

1. Beidh feidhm ag na Rialacháin Foirne, ag na Coinníollacha fostaíochta agus ag na rialacha arna nglacadh ag institiúidí na gComhphobal Eorpach go comhpháirteach chun na Rialacháin Foirne agus na Coinníollacha Fostaíochta a chur i bhfeidhm, maidir le foireann na Gníomhaireachta, lena n-áirítear Stiúrthóir na Gníomhaireachta.

2. Déanfaidh an Bord Riaracháin, le comhaontú an Choimisiúin, rialacha cur chun feidhme iomchuí a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 110 de na Rialacháin Foirne.

3. Feidhmeoidh an Ghníomhaireacht, i ndáil lena foireann, na cumhachtaí a thugtar don údarás ceapacháin leis na Rialacháin Foirne agus feidhmeoidh sí na cumhachtaí a thugtar leis na Coinníollacha Fostaíochta don údarás atá i dteideal conarthaí a thabhairt i gcrích.

4. Féadfaidh an Bord Riaracháin forálacha a ghlacadh chun go bhféadfar saineolaithe náisiúnta ó na Ballstáit a fhostú ar iasacht chuig an nGníomhaireacht.

*Airteagal 29*

**Dliteanas na Gníomhaireachta**

1. I gcás dliteanais neamhchonarthaigh, déanfaidh an Ghníomhaireacht, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta is coiteann do dhlíthe na mBallstát, aon damáiste a shlánú arb í féin nó arb í a foireann is cúis leis i gcomhlíonadh a gcuid dualgas. Beidh dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais in aon díospóid a bhaineann le damáiste den sórt sin a leigheas.

2. Beidh dliteanas pearsanta airgeadais agus dliteanas araíonachta fhoireann na Gníomhaireachta i leith na Gníomhaireachta faoi rialú ag na forálacha ábhartha a bhfuil feidhm acu maidir le foireann na Gníomhaireachta.

*Airteagal 30*

**Rochtain ar dhoiciméid**

1. Beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin ([3]) maidir le doiciméid a shealbhaíonn na Gníomhaireachta.

2. Glacfaidh an Bord Riaracháin bearta praiticiúla, faoin 3 Márta 2010 chun Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 a chur i bhfeidhm.

3. Féadfaidh na cinntí a ghlacann an Ghníomhaireacht de bhun Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 a bheith ina n-ábhar gearáin chuig an Ombudsman nó ina n-ábhar imeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 195 agus in Airteagal 230 den Chonradh faoi seach.

([3]) IO L 145, 31.5.2001, lch. 43.

*Article 31*

**Rannpháirtíocht tríú tíortha**

1. Beidh an Ghníomhaireacht oscailte do rannpháirtíocht tríú tíortha a mbeidh comhaontuithe tugtha i gcrích acu leis an gComhphobal ar comhaontuithe iad ar dá réir a bheidh dlí an Chomhphobail glactha acu agus á chur i bhfeidhm acu i réimse an fhuinnimh, agus, más ábhartha, i réimsí an chomhshaoil agus na hiomaíochta.

2. Faoi fhorálacha ábhartha na gcomhaontuithe sin, déanfar socruithe lena sonrófar, go háirithe, cineál, méid, scóip agus gnéithe nós imeachta rannpháirtíocht na dtíortha sin in obair na Gníomhaireachta, lena n-áirítear forálacha maidir le ranníocaíochtaí airgeadais agus foireann.

*Airteagal 32*

**An Coiste**

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagail 5a(1) go (4) agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.

*Article 33*

**Socruithe teanga**

1. Beidh feidhm ag forálacha Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle an 15 Aibreán 1958 lena gcinntear na teangacha atá le húsáid ag an gComhphobal Eorpach [1] maidir leis an nGníomhaireacht.

2. Déanfaidh an Bord Riaracháin cinneadh maidir le socruithe inmheánacha teanga na Gníomhaireachta.

3. Soláthróidh Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh na seirbhísí aistriúcháin is gá i ndáil le feidhmiú na Gníomhaireachta.

CAIBIDIL VI

**FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

*Airteagal 34*

**Meastóireacht**

1. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht, le cúnamh ó saineolaí seachtrach neamhspleách, ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta. Cuimseoidh an mheastóireacht sin torthaí obair na Gníomhaireachta agus torthaí a modhanna oibre, i gcomparáid lena cuspóir, lena sainordú agus leis na cúraimí atá sainithe sa Rialachán seo agus ina cláir oibre bhliantúla. Beidh an mheastóireacht sin bunaithe ar chomhairliúchán fairsing i gcomhréir le hAirteagal 10.

2. Cuirfidh an Coimisiún an mheastóireacht dá dtagraítear i mír 1 faoi bhráid Bhord Rialálaithe na Gníomhaireachta. Déanfaidh an Bord Rialálaithe moltaí maidir le hathruithe ar an Rialachán seo, ar an nGníomhaireacht agus ar a mhodhanna oibre a eisiúint chuig an gCoimisiún, agus féadfaidh an Coimisiún na moltaí sin a chur ar aghaidh, maille lena thuairim féin agus aon togra iomchuí, chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

3. Cuirfidh an Coimisiún an chéad mheastóireacht faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle laistigh de thrí bliana tar éis don chéad Stiúrthóir dul i mbun a dhualgas. Dá éis sin, tíolacfaidh an Coimisiún meastóireacht gach ceithre bliana ar a laghad.

*Airteagal 35*

**Teacht i bhfeidhm agus bearta idirthréimhseacha**

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Beidh feidhm ag Airteagail 5 go 11 ón 3 Márta 2011.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Iúil 2009.

| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
|---|---|
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |
| H.-G. PÖTTERING | E. ERLANDSSON |

---

(1) IO 17, 6.10.1958, lch. 385.

# RIALACHÁN (CE) Uimh. 9992/2009 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## an 13 Iúil 2009

## maidir le coinníollacha rochtana ar an ngréasán um malartuithe trasteorann sa leictreachas agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1228/2003

**(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 95 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa [1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún [2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 251 den Chonradh [3],

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm don mhargadh inmheánach sa leictreachas, atá á chur chun feidhme de réir a chéile ó 1999 ar aghaidh, ná fíor-rogha, deiseanna nua gnó agus tuilleadh trádála trasteorann a thabhairt do thomhaltóirí uile an Chomhphobail, cibé acu saoránaigh nó gnóthaí, chun éifeachtúlacht a mhéadú, chun praghsanna iomaíocha agus caighdeáin níos airde seirbhíse a bhaint amach agus chun rannchuidiú le slándáil an tsoláthair agus leis an inbhuanaitheacht.

(2) Le Treoir 2003/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2003 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa leictreachas [4] agus le Rialachán (CE) Uimh. 1228/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2003 maidir le coinníollacha rochtana ar an ngréasán um malartuithe trasteorann sa leictreachas [5], tá rannchuidiú suntasach déanta maidir le cruthú an mhargaidh inmheánaigh sin sa leictreachas.

(3) Tá constaicí ann faoi láthair sa Chomhphobal, áfach, maidir le leictreachas a dhíol faoi choinníollacha comhionanna, gan idirdhealú ná míbhuntáiste. Go háirithe, níl rochtain neamh-idirdhealaitheach ar ghréasáin ann, agus níl comhionannas éifeachta ann fós i ngach mBallstát i dtaca le leibhéal na maoirseachta rialála, agus is ann do mhargaí leithlisithe i gcónaí.

(4) Leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2007 dar teideal 'Beartas Fuinnimh don Eoraip', leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé an margadh inmheánach sa leictreachas a chomhlánú agus coinníollacha cothroma a chruthú do gach gnóthais fuinnimh sa Chomhphobal. Le Teachtaireachtaí an Choimisiúin an 10 Eanáir 2007 dar teideal 'Ionchais an mhargaidh inmheánaigh sa ghás agus sa leictreachas' agus 'Fiosrúchán de bhun Airteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ar earnálacha an gháis agus an leictreachais san Eoraip (Tuarascáil Chríochnaitheach)', léiríodh nach soláthraítear, leis na rialacha agus na bearta reatha, an creat is gá chun cuspóir an mhargaidh inmheánaigh a fheidhmíonn go maith agus atá éifeachtúil agus oscailte a bhaint amach, ná nach ndéantar foráil leo maidir le cruthú acmhainní idirnaisc chun an cuspóir sin a bhaint amach.

(5) De bhreis ar an gcreat rialála atá ann a chur chun feidhme go críochnúil, ba cheart an creat rialála don mhargadh inmheánach sa leictreachas a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1228/2003 a oiriúnú i gcomhréir leis na teachtaireachtaí sin.

(6) Go háirithe, tá gá le comhar agus comhordú méadaithe idir na hoibreoirí córas tarchurtha chun cóid ghréasáin a chruthú lena soláthrófar agus lena mbainisteofar rochtain éifeachtach agus thrédhearcach ar na gréasáin tarchurtha thar theorainneacha, agus chun pleanáil atá comhordaithe agus réamhbhreathnaitheach go leor agus forás fónta teicniúil a áirithiú don chóras tarchurtha sa Chomhphobal, lena n-áirítear acmhainní idirnaisc a chruthú, ag féachaint go cuí don chomhshaol. Ba cheart go mbeadh na cóid ghréasáin sin i gcomhréir leis na creat-treoirlínte ar de chineál neamhcheangailteach iad (creat-treoirlínte) agus a d'fhorbair an Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh arna bunú le Rialachán (CE) Uimh. 9991/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Gníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh [6], (an Ghníomhaireacht). Ba cheart go mbeadh ról ag an nGníomhaireacht maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar na dréachtchóid ghréasáin, ar athbhreithniú é a bheidh bunaithe ar ábhair fíoras, lena n-áirítear athbhreithniú i dtaobh an gcomhlíonann siad na creat-treoirlínte, agus ba cheart go gcumasófaí di a mholadh don Choimisiún iad a ghlacadh. Ba cheart go ndéanfadh an Ghníomhaireacht measúnú ar leasuithe a bheartaítear a dhéanamh ar na cóid ghréasáin agus ba cheart go gcumasófaí di a mholadh don Choimisiún iad a ghlacadh. Ba cheart go n-oibreodh oibreoirí córas tarchurtha a ngréasáin i gcomhréir leis na cóid ghréasáin sin.

(7) Chun go n-áiritheofar bainistiú optamach an ghréasáin tarchurtha leictreachais agus chun go mbeifear in ann trádáil a dhéanamh sa leictreachas agus é a sholáthar thar

(1) IO C 211, 19.8.2008, lch. 23.
(2) IO C 172, 5.7.2008, lch. 55.
(3) Tuairim ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Meitheamh 2008 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil), Comhsheasamh ón gComhairle an 9 Eanáir 2009 (IO C 75 E, 31.3.2009, lch. 16) agus Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 22 Aibreán 2009 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil). Cinneadh ón gComhairle an 25 Meitheamh 2009.
(4) IO L 176, 15.7.2003, lch. 37.
(5) IO L 176, 15.7.2003, lch. 1.
(6) Féach leathanach 1 den Iris Oifigúil seo.

theorainneacha sa Chomhphobal, ba cheart Gréasán Eorpach Oibreoirí na gCóras Tarchurtha don Leictreachas (an ENTSO don Leictreachas) a bhunú. Ba cheart go gcuirfeadh an ENTSO don Leictreachas a chuid cúraimí i gcrích i gcomhréir le rialacha iomaíochta an Chomhphobail atá infheidhme i gcónaí maidir le cinntí an ENTSO don Leictreachas. Ba cheart go saineofaí cúraimí an ENTSO don Leictreachas ar bhealach soiléir agus ba cheart go n-áiritheofaí lena mhodh oibre éifeachtúlacht, cineál ionadaíoch agus trédhearcacht an ENTSO don Leictreachas. Níl sé beartaithe go ngabhfadh na cóid ghréasáin a ullmhaíonn an ENTSO don Leictreachas ionad na gcód gréasáin náisiúnta atá riachtanach maidir le saincheisteanna nach saincheisteanna trasteorann iad. De bhrí go bhféadfar dul chun cinn níos éifeachtaí a dhéanamh trí chur chuige ar an leibhéal réigiúnach, ba cheart d'oibreoirí córas tarchurtha struchtúir réigiúnacha a chur ar bun laistigh den struchtúr comhair foriomlán, agus go n-áireofaí ag an am céanna go mbeadh na torthaí ar an leibhéal réigiúnach comhoiriúnach le cóid ghréasáin agus le pleananna forbartha gréasáin neamhcheangailteacha deich mbliana ar leibhéal an Chomhphobail. Ba cheart do na Ballstáit an comhar ar leibhéal réigiúnach a chur chun cinn mar aon le faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht an ghréasáin ar an leibhéal sin. Ba cheart go mbeadh an comhar ar leibhéal réigiúnach comhoiriúnach leis an dul chun cinn i ndáil le margadh inmheánach iomaíoch agus éifeachtúil a bhaint amach i gcúrsaí leictreachais.

(8) Tá leas ag rannpháirtithe uile an mhargaidh san obair a bhfuiltear ag súil léi ón ENTSO don Leictreachas. Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, go mbeadh próiseas comhairliúcháin éifeachtach ann agus go mbeadh ról tábhachtach ag na struchtúir atá ann cheana féin agus a cuireadh ar bun chun an próiseas comhairliúcháin a éascú agus a shruthlíniú, amhail an tAontas um Chomhordú Tharchur an Leictreachais, rialálaithe náisiúnta nó an Ghníomhaireacht.

(9) D'fhonn breis trédhearcachta a áirithiú maidir leis an ngréasán iomlán tarchurtha leictreachais sa Chomhphobal, ba cheart don ENTSO don Leictreachas plean forbartha gréasáin uile-Chomhphobail neamhcheangailteach deich mbliana a tharraingt suas, a fhoilsiú agus a uasdátú go rialta (plean forbartha gréasáin uile-Chomhphobail). Ba cheart go ndéanfaí gréasáin inmharthana tarchurtha leictreachais agus na hidirnaisc réigiúnacha is gá, atá ábhartha ó thaobh tráchtála nó chinnteacht soláthair de, a chur san áireamh sa phlean forbartha gréasáin sin.

(10) Leis an Rialachán seo, ba cheart go leagfaí síos bunphrionsabail maidir le taraifiú agus leithdháileadh acmhainne, agus ba cheart go bhforálfaí go nglacfar Treoirlínte ina dtabharfar mionsonraí maidir le tuilleadh prionsabal agus modheolaíochtaí ábhartha, d'fhonn go bhféadfaí oiriúnú gasta a dhéanamh do chúinsí athraitheacha.

(11) I margadh atá oscailte, iomaíoch, ba cheart go gcúiteofaí oibreoirí córas tarchurtha as na costais a thabhaítear mar thoradh ar shreabha leictreachais trasteorann a óstáil ar a ngréasáin agus gurbh iad oibreoirí na gcóras tarchurtha ina dtionscnaítear na sreabha trasteorann sin agus na gcóras tarchurtha ina gcríochnaíonn siad a chúiteodh iad.

(12) Ba cheart íocaíochtaí agus fáltais a eascraíonn as cúiteamh idir oibreoirí córas tarchurtha a chur san áireamh le linn taraifí gréasáin náisiúnta a shocrú.

(13) D'fhéadfadh sé go mbeidh dífríochtaí móra ann maidir leis an méid iarbhír is iníoctha ar rochtain trasteorann ar an gcóras, ag brath ar an oibreoir córais tarchurtha lena mbaineann agus mar thoradh ar dhifríochtaí i struchtúr na gcóras taraifithe a chuirtear i bhfeidhm sna Ballstáit. Dá bhrí sin, tá leibhéal áirithe comhchuibhithe riachtanach chun saobhadh trádála a sheachaint.

(14) Tá gá le córas cuí comharthaí suímh fadtéarma, agus é bunaithe ar an bprionsabal gur cheart go léireodh leibhéal na muirear ar rochtain ar an ngréasán an comhardú idir giniúint agus tomhaltas sa réigiún lena mbaineann, ar an mbonn go ndéantar difreáil maidir leis na muirir ar rochtain ar an ngréasán a ghearrtar ar tháirgeoirí agus/nó ar thomhaltóirí.

(15) Ní bheadh sé oiriúnach go gcuirfí taraifí acharchoibhneasta i bhfeidhm nó, ar choinníoll go mbeadh comharthaí suímh iomchuí i bhfeidhm, go ndéanfaí taraif shonrach nach mbeadh le híoc ach amháin ag onnmhaireoirí nó allmhaireoirí a chur i bhfeidhm chomh maith leis an muirear ginearálta ar rochtain ar an ghréasán náisiúnta.

(16) Is é atá sa réamhchoinníoll maidir le hiomaíocht éifeachtach sa mhargadh inmheánach sa leictreachas ná muirir neamh-idirdhealaitheacha agus trédhearcacha a bheith ann ar úsáid an ghréasáin, lena n-áirítear línte idirnasctha sa chóras tarchurtha. Ba cheart an acmhainn atá ar fáil sna línte sin a shocrú ar na leibhéil uasta atá i gcomhréir leis na caighdeáin sábháilteachta i ndáil le hoibriú slán an ghréasáin.

(17) Tá sé tábhachtach go seachnófar saobhadh iomaíochta mar thoradh ar chaighdeáin éagsúla sábháilteachta, oibríochta agus pleanála a bheith in úsáid ag oibreoirí córas tarchurtha sna Ballstáit. Thairis sin, ba cheart go mbeadh trédhearcacht ann do rannpháirtithe sa mhargadh maidir leis an acmhainn aistrithe atá ar fáil agus maidir leis na caighdeáin slándála, pleanála agus oibríochta a dhéanann difear don acmhainn aistrithe atá ar fáil.

(18) De réir an fhaireacháin atá déanta ag an gCoimisiún agus ag na húdaráis rialála náisiúnta ar an margadh le blianta beaga anuas, léirítear nach leor na ceanglais reatha trédhearcachta agus na rialacha reatha maidir le rochtain ar bhonneagar chun fíormhargadh inmheánach a fheidhmíonn go maith agus atá oscailte agus éifeachtúil a bhaint amach.

(19) Tá gá le rochtain chomhionann ar fhaisnéis maidir le stádas fisiceach agus le héifeachtúlacht an chórais ionas go mbeidh rannpháirtithe uile an mhargaidh in ann staid fhoriomlán an éilimh agus an tsoláthair a mheasúnú agus go mbeidh siad in ann cúiseanna na n-athruithe sa phraghas mórdhíola a shainaithint. Áirítear leis sin, faisnéis níos cruinne ar ghiniúint, ar sholáthar agus ar éileamh leictreachais, lena n-áirítear réamhfhaisnéisí, acmhainn an ghréasáin agus an idirnaisc, sreabha agus cothabháil, cothromú agus acmhainn chúltaca.

(20) D'fhonn muinín sa mhargadh a fheabhsú, ní foláir do na rannpháirtithe a bheith cinnte go bhféadfar iad siúd a ghabhann do mhí-úsáid a chur faoi réir pionós atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Ba cheart go dtabharfaí an inniúlacht do na húdaráis inniúla chun líomhaintí maidir le mí-úsáid an mhargaidh a fhiosrú go héifeachtach. Chun na críche sin, is gá rochtain a bheith ag na húdaráis inniúla ar shonraí ina bhfuil faisnéis maidir le cinntí oibríochtúla a ghlacann gnóthais soláthair. Déanann ginteoirí go leor cinntí ábhartha i margadh an leictreachais agus ba cheart dóibh an fhaisnéis i dtaca leis sin a choimeád ar fáil do na húdaráis inniúla, agus rochtain éasca a bheith ag na húdaráis sin uirthi, go ceann tréimhse socraithe. Dá bhrí sin, ba cheart go ndéanfadh na húdaráis inniúla faireachán go tráthrialta ar chomhlíonadh na rialacha ar thaobh na n-oibreoirí córas tarchurtha. Ba cheart go mbeadh díolúine ón oibleagáid sin ag ginteoirí beaga nach bhfuil de chumas acu i ndáiríre an margadh a shaobhadh.

(21) Ba cheart go mbeadh rialacha ann maidir le húsáid an ioncaim a eascraíonn as nósanna imeachta um bainistiú ar phlódú, mura rud é go mbeadh cineál sonrach an idirnascaire lena mbaineann ina údar maith le díolúine ó na rialacha sin.

(22) Ba cheart go ndéanfadh bainistiú ar fhadhbanna an phlódaithe comharthaí eacnamaíocha cuí a sholáthar d'oibreoirí córas tarchurtha agus do rannpháirtithe sa mhargadh agus ba cheart go mbeadh an bainistiú sin bunaithe ar shásraí an mhargaidh.

(23) Ba cheart infheistíochtaí i mbonneagar mór nua a chur chun cinn go láidir agus feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh sa leictreachas a áirithiú ag an am céanna. D'fhonn an tionchar dearfach atá ag idirnascairí díolmhaithe srutha dhírigh ar iomaíocht agus ar chinnteacht soláthair a fheabhsú, ba cheart spéis an mhargaidh a thástáil le linn chéim phleanála an tionscadail agus ba cheart rialacha maidir le bainistiú ar phlódú a ghlacadh. I gcás ina mbeidh idirnascairí srutha dhírigh suite ar chríoch níos mó ná Ballstát amháin, ba cheart don Ghníomhaireacht déileáil leis an iarraidh ar dhíolúine, mar rogha deiridh, le go gcuirfí a himpleachtaí trasteorann san áireamh ar bhealach níos fearr agus chun an láimhseáil riaracháin a gheobhaidh sí a fheabhsú. Thairis sin, mar gheall ar phróifíl riosca neamhghnách a bhaineann leis na mórthionscadail bhonneagair dhíolmhaithe sin a thógáil, ba cheart go mbeadh gnóthais a bhfuil leasanna soláthair agus táirgthe acu in ann tairbhe a bhaint as maolú sealadach ar na rialacha maidir le díchuachadh iomlán do na tionscadail lena mbaineann. Leanfaidh na díolúintí arna ndeonú faoi Rialachán (CE) Uimh. 1228/2003 d'fheidhm a bheith acu go dtí an dáta sceidealta éagtha faoi mar a cinneadh sa chinneadh chun díolúine a dheonú.

(24) Chun feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh sa leictreachas a áirithiú, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le nósanna imeachta lena gceadaítear cinntí agus Treoirlínte a ghlacadh, inter alia maidir le tairifiú agus leithdháileadh acmhainne ag an gCoimisiún agus fós rannpháirtíocht údaráis rialála na mBallstát a áirithiú sa phróiseas sin, trína gcomhlachas Eorpach i gcás inarb iomchuí sin. Tá ról tábhachtach ag na húdaráis rialála, mar aon le húdaráis ábhartha eile sna Ballstáit, i ndáil le rannchuidiú le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh sa leictreachas.

(25) Ba cheart go n-áiritheodh na húdaráis rialála náisiúnta comhlíonadh na rialacha atá sa Rialachán seo agus na dTreoirlínte a ghlactar ar bhonn an Rialacháin seo.

(26) Ba cheart go gceanglófaí ar na Ballstáit agus ar na húdaráis náisiúnta inniúla faisnéis ábhartha a sholáthar don Choimisiún. Ba cheart don Choimisiún déileáil le faisnéis den sórt sin mar fhaisnéis rúnda. I gcás inar gá, ba cheart go mbeadh deis ag an gCoimisiún faisnéis ábhartha a iarraidh go díreach ar na gnóthais lena mbaineann, ar choinníoll go gcuirtear na húdaráis náisiúnta inniúla ar an eolas faoi sin.

(27) Ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir leis na pionóis a bheidh infheidhme i gcás sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo agus ba cheart dóibh a áirithiú go gcuirtear chun feidhme iad. Ní mór go mbeidh na pionóis sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

(28) Maidir leis na bearta atá riachtanach chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart iad a ghlacadh i gcomhréir le Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 ag leagan síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún ([1]).

(29) Ba cheart, go háirithe, go gcumhachtófaí don Choimisiún na Treoirlínte is gá a bhunú nó a ghlacadh d'fhonn an leibhéal íosta comhchuibhithe is gá a sholáthar chun aidhmeanna an Rialacháin seo a bhaint amach. Ós rud é go bhfuil raon feidhme ginearálta ag na bearta sin agus go bhfuil siad ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, trína fhorlíonadh le heilimintí nua neamhriachtanacha, ní mór iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá bhforáiltear in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE.

(30) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon creat comhchuibhithe a sholáthar le haghaidh malartuithe trasteorann leictreachais, a bhaint amach go leordhóthanach agus gur fearr, dá bhrí sin, is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Chomhphobail, féadfaidh an Comhphobal bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

(31) Ag féachaint do raon feidhme na leasuithe atá á ndéanamh leis seo ar Rialachán (CE) Uimh. 1228/2003, is inmhianaithe, ar mhaithe le soiléireacht agus le cuíchóiriú, na forálacha i dtrácht a athmhúnlú trína dtabhairt le chéile i dtéacs amháin i Rialachán nua,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar agus raon feidhme**

Is é is aidhm don Rialachán seo:

(a) rialacha córa a shocrú maidir le malartuithe trasteorann leictreachais, agus feabhas a chur, sa tslí sin, ar iomaíocht sa

([1]) IO L 184, 17.7.1999, lch. 23.

mhargadh inmheánach sa leictreachas, agus saintréithe áirithe na margaí náisiúnta agus réigiúnacha á gcur san áireamh. Chuige sin, bunófar sásra cúitimh do shreabha trasteorann an leictreachais agus socrófar prionsabail chomhchuibhithe maidir le muirir tarchurtha trasteorann agus maidir le leithdháileadh acmhainne atá ar fáil sna hidirnaisc idir córais tarchurtha náisiúnta;

(b) teacht chun cinn margaidh mórdhíola sa leictreachas a éascú ar margadh é a bheidh trédhearcach agus a fheidhmeoidh go maith agus a mbeidh leibhéal ard cinnteachta soláthair leictreachais. Foráiltear leis maidir le sásraí chun na rialacha do mhalartuithe trasteorann sa leictreachas a chomhchuibhiú.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

1. Chun críche an Rialacháin seo, is iad na sainmhínithe atá in Airteagal 2 de Threoir 2009/72/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa leictreachas ([1]) is infheidhme, ach amháin an sainmhíniú ar 'idirnascaire' a gcuirtear an méid seo a leanas ina ionad:

— ciallaíonn 'idirnascaire' líne tarchurtha a thrasnaíonn nó a réisíonn teorainn idir Ballstáit agus a nascann córais náisiúnta tarchurtha na mBallstát.

2. Beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'údaráis rialála' na húdaráis rialála dá dtagraítear in Airteagal 35(1) de Threoir 2009/72/CE;

(b) ciallaíonn 'sreabh trasteorainn' sreabh fisiceach leictreachais ar líonra tarchurtha Ballstáit a eascraíonn as tionchar gníomhaíochtaí na dtáirgeoirí agus/nó na gcustaiméirí lasmuigh den Bhallstát sin ar a ghréasán tarchurtha;

(c) ciallaíonn 'plódú' staid a fhágann nach féidir le hidirnasc a nascann gréasáin náisiúnta tarchurtha freastal ar na sreabha fisiceacha uile a eascraíonn as trádáil idirnáisiúnta agus atá á n-iarraidh ag rannpháirtithe sa mhargadh, toisc go bhfuil easpa acmhainne sna hidirnascairí agus/nó sna córais ghréasáin náisiúnta tarchurtha lena mbaineann;

(d) ciallaíonn 'onnmhairiú dearbhaithe' seoladh leictreachais i mBallstát amháin ar bhonn bunsocraithe chonarthaigh a chiallaíonn go mbeidh glacadh comhfhreagrach comhuaineach (allmhairiú dearbhaithe) leictreachais i mBallstát eile nó i dtríú tír;

(e) ciallaíonn 'idirthuras dearbhaithe' cúinse a fhágann go dtarlaíonn onnmhairiú dearbhaithe leictreachais agus go mbaineann an chonair ainmnithe don idirbheart le tír nach dtarlóidh an seoladh nó an glacadh comhfhreagrach comhuaineach leictreachais inti;

(f) ciallaíonn 'allmhairiú dearbhaithe' leictreachas a ghlacadh i mBallstát nó i dtríú tír go comhuaineach le seoladh an leictreachais (onnmhairiú dearbhaithe) i mBallstát eile;

(g) ciallaíonn 'idirnascaire nua' idirnascaire nach gcríochnaítear faoin 4 Lúnasa 2003.

Chun críche an tsásra um chúiteamh idir oibreoirí córas tarchurtha dá dtagraítear in Airteagal 13, agus chun na críche sin amháin, i gcás inar cuid de bhloc rialaithe singil iad gréasáin tarchurtha dhá Bhallstát nó níos mó, go hiomlán nó go páirteach, measfar gur cuid de ghréasán tarchurtha ceann amháin de na Ballstáit lena mbaineann an bloc rialaithe ina iomláine, chun go seachnófar go measfaí maidir le sreabha laistigh de na bloic rialaithe céanna gur sreabha trasteorann iad faoi phointe (b) den chéad fhomhír den mhír seo agus gur sreabha iad is cúis le híocaíochtaí cúitimh faoi Airteagal 13. Féadfaidh údaráis rialála na mBallstát lena mbaineann a chinneadh cé acu de na Ballstáit lena mbaineann a measfar ina leith gur cuid dá ghréasán tarchurtha é an bloc rialaithe ina iomláine.

*Airteagal 3*

**Deimhniúchán oibreoirí córas tarchurtha**

1. A luaithe is a fhaightear é, scrúdóidh an Coimisiún aon fhógra faoi chinneadh ar dheimhniúchán oibreora córas tarchurtha mar a leagtar síos é in Airteagal 10(6) de Threoir 2009/72/CE. Laistigh de dhá mhí ón lá a bhfaighidh sé an fógra sin, tabharfaidh an Coimisiún a thuairim don údarás rialála náisiúnta ábhartha maidir lena chomhoiriúnacht le hAirteagal 10(2) nó le hAirteagal 11, agus le hAirteagal 9 de Threoir 2009/72/CE.

Nuair atá an tuairim dá dtagraítear sa chéad fhomhír á hullmhú aige, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar an nGníomhaireacht a tuairim a thabhairt ar chinneadh an údaráis rialála náisiúnta. I gcás den sórt sin, déanfar an tréimhse dhá mhí dá dtagraítear sa chéad fhomhír a fhadú dhá mhí eile.

In éagmais tuairime ón gCoimisiún laistigh den tréimhse dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír, measfar nach bhfuil aon agóid ag an gCoimisiún i gcoinne chinneadh an údaráis rialála.

2. Laistigh de dhá mhí ón tráth a fhaightear tuairim ón gCoimisiún, glacfaidh an t-údarás rialála náisiúnta a chinneadh críochnaitheach maidir le deimhniúchán an oibreora córas tarchurtha, agus an aird is mó is féidir á tabhairt ar an tuairim sin. Foilseofar cinneadh an údaráis rialála agus tuairim an Choimisiúin in éineacht lena chéile.

3. Féadfaidh na húdaráis rialála agus/nó an Coimisiún, tráth ar bith le linn an nós imeachta, a iarraidh ar oibreoir córais tarchurtha agus/nó ar ghnóthas a dhéanann aon cheann de na feidhmeanna giniúna nó soláthair, aon fhaisnéis a sholáthar atá ábhartha maidir le comhlíonadh a gcúraimí faoin Airteagal seo.

4. Déanfaidh na húdaráis rialála agus an Coimisiún rúndacht aon fhaisnéise íogaire tráchtála a chaomhnú.

([1]) Féach leathanach 55 den Iris Oifigiúil seo.

5. Féadfaidh an Coimisiún Treoirlínte a ghlacadh lena leagtar amach mionsonraí an nós imeachta a bheidh le leanúint chun mír 1 agus mír 2 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm. Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú trína fhorlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 23(2).

6. I gcás ina bhfaighidh an Coimisiún fógra faoi chinneadh ar dheimhniúchán oibreora córais tarchurtha faoi Airteagal 9(10) de Threoir 2009/72/CE déanfaidh sé cinneadh a bhaineann le deimhniúchán. Comhlíonfaidh an t-údarás rialála cinneadh an Choimisiúin.

*Airteagal 4*

**Gréasán Eorpach na n-oibreoirí córas tarchurtha don leictreachas**

Comhoibreoidh na hoibreoirí córas tarchurtha uile ar leibhéal an Chomhphobail tríd an ENTSO don Leictreachas chun comhlánú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh sa leictreachas agus trádáil trasteorann a chur chun cinn agus chun bainistiú optamach, oibríocht chomhordaithe agus forás fónta teicniúil an ghréasáin tarchurtha Eorpaigh don leictreachas a áirithiú.

*Airteagal 5*

**An ENTSO don Leictreachas a bhunú**

1. Faoin 3 Márta 2011 déanfaidh na hoibreoirí córas tarchurtha don leictreachas dréacht-reachtanna, liosta comhaltaí agus dréacht-rialacha nós imeachta an ENTSO don Leictreachas a bheidh le bunú, lena n-áirítear rialacha nós imeachta a bhaineann leis an gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara eile, a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus na Gníomhaireachta.

2. Laistigh de dhá mhí ón lá a bhfaighfear iad, tar éis di dul i gcomhairle go foirmiúil le heagraíochtaí atá ionadaitheach do na páirtithe leasmhara uile, go háirithe úsáideoirí an chórais, lena n-áirítear custaiméirí, soláthróidh an Ghníomhaireacht tuairim don Choimisiún maidir leis na dréacht-reachtanna, maidir le liosta na gcomhaltaí agus maidir leis na dréacht-rialacha nós imeachta.

3. Tabharfaidh an Coimisiún tuairim maidir leis na dréacht-reachtanna, maidir le liosta na gcomhaltaí agus maidir leis na dréacht-rialacha nós imeachta, agus aird á tabhairt aige ar thuairim na Gníomhaireachta dá bhforáiltear i mír 2, agus déanfar amhlaidh laistigh de thrí mhí ón lá a bhfaighfear an tuairim ón nGníomhaireacht.

4. Laistigh de thrí mhí ón lá a bhfaighfear an tuairim ón gCoimisiún, bunóidh na hoibreoirí córas tarchurtha an ENTSO don Leictreachas, agus glacfaidh siad, agus foilseoidh siad, a reachtanna agus a rialacha nós imeachta.

*Airteagal 6*

**Cóid ghréasáin a bhunú**

1. Tar éis dó dul i gcomhairle leis an nGníomhaireacht, leis an ENTSO don Leictreachas agus leis na geallsealbhóirí ábhartha eile, bunóidh an Coimisiún liosta tosaíochta bliantúil lena sainaithneofar na réimsí a leagtar amach in Airteagal 8(6) mar réimsí a bheidh le cur san áireamh i bhforbairt na gcód gréasáin.

2. Iarrfaidh an Coimisiún ar an nGníomhaireacht creat-treoirlíne neamhcheangailteach (creat-treoirlíne) a chur faoina bhráid laistigh de thréimhse réasúnach nach faide ná sé mhí, ar treoirlíne í lena leagfar amach prionsabail a bheidh oibiachtúil agus soiléir, i gcomhréir le hAirteagal 8(7), maidir le forbairt cód gréasáin a bhaineann leis na réimsí arna sainaithint sa liosta tosaíochta. Rannchuideoidh gach creat-treoirlíne le neamh-idirdhealú, le hiomaíocht éifeachtach agus le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh a chur chun cinn. Ar iarraidh réasúnaithe ón nGníomhaireacht, féadfaidh an Coimisiún an tréimhse sin a fhadú.

3. Rachaidh an Ghníomhaireacht i gcomhairle go foirmiúil leis an ENTSO don Leictreachas agus leis na geallsealbhóirí ábhartha eile maidir leis an gcreat-treoirlíne, le linn tréimhse nach giorra ná dhá mhí, ar bhealach oscailte agus trédhearcach.

4. Má mheasann an Coimisiún nach rannchuidíonn an chreat-treoirlíne le neamh-idirdhealú, iomaíocht éifeachtach agus feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh, féadfaidh sé a iarraidh ar an nGníomhaireacht athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat-treoirlíne laistigh de thréimhse réasúnach agus í a chur faoi bhráid an Coimisiún athuair.

5. Má mhainníonn an Ghníomhaireacht creat-treoirlíne a chur faoi bhráid an Choimisiún nó í a chur faoina bhráid athuair laistigh den tréimhse arna socrú ag an gCoimisiún faoi mhír 2 nó faoi mhír 4, tarraingeoidh an Coimisiún suas an chreat-treoirlíne neamhcheangailteach i dtrácht.

6. Iarrfaidh an Coimisiún ar an ENTSO don Leictreachas cód gréasáin atá i gcomhréir leis an gcreat-treoirlíne ábhartha a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta laistigh de thréimhse réasúnach nach faide ná 12 mhí.

7. Laistigh de thréimhse trí mhí ón lá a bhfaighfear cód gréasáin, ar tréimhse í a bhféadfaidh an Ghníomhaireacht dul i gcomhairle go foirmiúil leis na geallsealbhóirí ábhartha lena linn, soláthróidh an Ghníomhaireacht tuairim réasúnaithe don ENTSO don Leictreachas maidir leis an gcód gréasáin.

8. Féadfaidh an ENTSO don Leictreachas an cód gréasáin a leasú i bhfianaise thuairim na Gníomhaireachta agus é a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta athuair.

9. Nuair is deimhin leis an nGníomhaireacht go bhfuil an cód gréasáin i gcomhréir leis an gcreat-treoirlíne ábhartha, cuirfidh an Ghníomhaireacht an cód gréasáin faoi bhráid an Choimisiúin agus féadfaidh sí a mholadh go nglacfar é laistigh de thréimhse ama réasúnach. Mura nglacfaidh an Coimisiún an cód gréasáin, luafaidh sé na cúiseanna atá leis sin.

10. I gcás an ENTSO don Leictreachas a bheith tar éis mainneachtain cód gréasáin a fhorbairt laistigh den tréimhse ama a bheidh socraithe ag an gCoimisiún faoi mhír 6, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar an nGníomhaireacht dréachtchód gréasáin a ullmhú ar bhonn na creat-treoirlíne ábhartha. Féadfaidh an Ghníomhaireacht dul i mbun tuilleadh comhairliúcháin le linn dréachtchód gréasáin a ullmhú faoin mír seo. Déanfaidh an Ghníomhaireacht dréachtchód gréasáin, arna ullmhú faoin mír seo, a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus féadfaidh sí a mholadh go nglacfar é.

11. Féadfaidh an Coimisiún cód gréasáin amháin nó níos mó sna réimsí a liostaítear in Airteagal 8(6) a ghlacadh, ar a thionscnamh féin, i gcás an ENTSO don Leictreachas a bheith tar éis mainneachtain cód gréasáin a fhorbairt nó i gcás an Ghníomhaireacht a bheith tar éis mainneachtain dréachtchód gréasáin dá dtagraítear i mír 10 den Airteagal seo a ullmhú, nó ar mholadh ón nGníomhaireacht faoi mhír 9 den Airteagal seo.

I gcás ina mbeartóidh an Coimisiún cód gréasáin a ghlacadh ar a thionscnamh féin, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an nGníomhaireacht, leis an ENTSO don Leictreachas agus leis na geallsealbhóirí ábhartha uile maidir leis an dréachtchód gréasáin le linn tréimhse nach giorra ná dhá mhí. Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú trína fhorlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 23(2).

12. Beidh an tAirteagal seo gan dochar do cheart an Choimisiúin na Treoirlínte a ghlacadh agus a leasú mar atá leagtha síos in Airteagal 18.

*Airteagal 7*

**Leasuithe ar chóid ghréasáin**

1. Féadfaidh daoine ar dóigh dóibh leas a bheith acu sa chód gréasáin, lena n-áirítear an ENTSO don Leictreachas, oibreoirí córais tarchurtha, úsáideoirí córas agus tomhaltóirí, dréachtleasuithe ar aon chód gréasáin a ghlactar faoi Airteagal 6 a mholadh don Ghníomhaireacht. Ar a tionscnamh féin, féadfaidh an Ghníomhaireacht leasuithe a mholadh freisin.

2. Rachaidh an Ghníomhaireacht i gcomhairle leis na geallsealbhóirí go léir i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 9991/2009. Tar éis an phróisis sin, féadfaidh an Ghníomhaireacht tograí réasúnaithe le haghaidh leasuithe a chur chuig an gCoimisiún, á mhíniú conas atá na tograí sin i gcomhréir le cuspóirí na gcód gréasáin a leagtar amach in Airteagal 6(2).

3. Féadfaidh an Coimisiún leasuithe a ghlacadh ar aon chód gréasáin arna ghlacadh faoi Airteagal 6, agus moltaí na Gníomhaireachta á gcur san áireamh aige. Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú trína fhorlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 23(2).

4. Le linn na leasuithe atá beartaithe faoin nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 23(2) a bheith á mbreithniú, ní bhreithneofar ach amháin na gnéithe a bhaineann leis an leasú atá beartaithe. Beidh na leasuithe sin atá beartaithe gan dochar do leasuithe eile a fhéadfaidh an Coimisiún a mholadh.

*Airteagal 8*

**Cúraimí an ENTSO don Leictreachas**

1. Tarraingeoidh an ENTSO don Leictreachas suas cóid ghréasáin sna réimsí dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo, arna iarraidh sin ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 6(6).

2. Féadfaidh an ENTSO don Leictreachas cóid ghréasáin a tharraingt suas sna réimsí a leagtar amach i mír 6 d'fhonn na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 4 a bhaint amach, i gcás nach mbainfidh na cóid sin le réimsí a chumhdaítear leis an iarraidh a dhíreoidh an Coimisiún chuige. Cuirfear na cóid ghréasáin sin faoi bhráid na Gníomhaireachta le go dtabharfaidh sí tuairim ina leith. Tabharfaidh an ENTSO don Leictreachas aird chuí ar an tuairim sin.

3. Glacfaidh an ENTSO don Leictreachas:

(a) uirlisí coiteanna d'oibriú an ghréasáin, lena áirithiú go ndéanfar comhordú ar oibriú an ghréasáin i ngnáthdhálaí agus i ndálaí éigeandála, lena n-áirítear scála coiteann chun teagmhais a aicmiú agus pleananna taighde;

(b) plean forbartha líonra neamhcheangailteach deich mbliana uile-Chomhphobail, (plean forbartha líonra uile-Chomhphobail), lena n-áirítear tuar Eorpach ar leordhóthanacht giniúna, gach dhá bhliain;

(c) moltaí maidir le comhordú an chomhair theicniúil idir oibreoirí córas tarchurtha sa Chomhphobal agus oibreoirí córas tarchurtha i dtríú tíortha;

(d) clár oibre bliantúil;

(e) tuarascáil bhliantúil;

(f) tuar bliantúil ar leordhóthanacht giniúna an tsamhraidh agus an gheimhridh.

4. Cumhdófar leis an tuar ar leordhóthanacht giniúna Eorpach dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 3, leordhóthanacht foriomlán an chórais leictreachais chun freastal ar éilimh reatha agus ar éilimh réamh-mheasta ar an leictreachas don tréimhse cúig bliana atá le teacht chomh maith leis an tréimhse idir cúig bliana agus 15 bliana ó dháta an tuair sin. Déanfaidh an tuar Eorpach ar leordhóthanacht giniúna forbairt na tuar náisiúnta ar leordhóthanacht giniúna a ullmhaíonn gach oibreoir córais tarchurtha ar leith.

5. Is é a bheidh sa chlár oibre bliantúil dá dtagraítear i bpointe (d) de mhír 3 ná liosta de na cóid ghréasáin atá le hullmhú agus tuairisc orthu, plean maidir le comhordú oibriú an ghréasáin agus gníomhaíochtaí taighde agus forbartha, a dhéanfar an bhliain sin, mar aon le féilire táscach.

6. Agus sainiúlachtaí réigiúnacha á gcur san áireamh, más iomchuí, cumhdóidh na cóid ghréasáin dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 na réimsí seo a leanas:

(a) rialacha maidir le slándáil agus iontaofacht an ghréasáin, lena n-áirítear rialacha i dtaca le hacmhainn chúltaca tarchurtha theicniúil do shlándáil oibríochtúil an ghréasáin;

(b) rialacha maidir le nascadh leis an ngréasán;

(c) rialacha maidir le rochtain ag tríú páirtithe;

(d) rialacha maidir le malartú sonraí agus maidir le socrú sonraí;

(e) rialacha idir-inoibritheachta;

(f) nósanna imeachta oibríochtúla i gcás éigeandála;

(g) rialacha maidir le leithdháileadh acmhainne agus maidir le bainistiú ar phlódú;

(h) rialacha trádála a bhaineann le soláthar teicniúil agus oibríochtúil seirbhísí rochtana ar an ngréasán agus le comhardú an chórais;

(i) rialacha trédhearcachta;

(j) rialacha comhardaithe lena n-áirítear rialacha maidir le cumhacht chúltaca a bhaineann leis an ngréasán;

(k) rialacha maidir le struchtúir chomhchuibhithe do tharaifí tarchurtha lena n-áirítear comharthaí suímh agus rialacha maidir le cúiteamh idir oibreoirí córas tarchurtha; agus

(l) éifeachtúlacht an fhuinnimh i dtaca le gréasáin leictreachais.

7. Déanfar na cóid ghréasáin a fhorbairt maidir le saincheisteanna a bhaineann le líonraí trasteorann agus saincheisteanna a bhaineann le comhtháthú an mhargaidh agus beidh siad gan dochar do cheart na mBallstát cóid ghréasáin náisiúnta a bhunú nach ndéanann difear don trádáil trasteorann.

8. Déanfaidh an ENTSO don Leictreachas faireachán agus anailís ar chur chun feidhme na gcód gréasáin agus na dTreoirlínte arna nglacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 6(11), agus ar a n-éifeacht ar chomhchuibhiú na rialacha is infheidhme agus arb é is aidhm dóibh comhtháthú an mhargaidh a éascú. Déanfaidh an ENTSO don Leictreachas a fhionnachtana a thuairisciú don Ghníomhaireacht agus déanfaidh sé torthaí na hanailíse a chur san áireamh sa tuarascáil bhliantúil dá dtagraítear i bpointe (e) de mhír 3 den Airteagal seo.

9. Déanfaidh an ENTSO don Leictreachas an fhaisnéis uile a chur ar fáil a éilíonn an Ghníomhaireacht chun a cúraimí a chomhlíonadh faoi Airteagal 9(1).

10. Gach dhá bhliain, glacfaidh agus foilseoidh an ENTSO don Leictreachas plean forbartha gréasáin uile-Chomhphobail. Cuimseofar samhaltú an ghréasáin chomhtháthaithe, forbairt cásanna, tuar Eorpach ar leordhóthanacht giniúna agus measúnú ar stóinseacht an chórais sa phlean forbartha uile-Chomhphobail.

Go háirithe, déanfar na nithe seo a leanas tríd an bplean forbartha gréasáin uile-Chomhphobail:

(a) cuirfidh sé le pleananna infheistíochta náisiúnta, agus aird á tabhairt ar phleananna infheistíochta réigiúnacha dá dtagraítear in Airteagal 12(1) agus, más iomchuí, ar na gnéithe Comhphobail den phleanáil gréasáin lena n-áirítear na treoirlínte do Ghréasáin Fuinnimh Tras-Eorpacha i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 1364/2006/CE ([1]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

(b) i réimse na n-idirnascairí trasteorann, cuirfidh sé le riachtanais réasúnacha úsáideoirí na gcóras éagsúil agus déanfaidh sé gealltanais fhadtéarmacha ó infheisteoirí dá dtagraítear in Airteagal 8 agus in Airteagal 13 agus in Airteagal 22 de Threoir 2009/72/CE a chomhtháthú; agus

(c) sainaithneofar sé bearnaí san infheistíocht, go háirithe maidir le hacmhainn trasteorann.

I dtaca le pointe (c) den dara fomhír, féadfar athbhreithniú a chur mar iarscríbhinn leis an bplean forbartha gréasáin uile-Chomhphobail, is é sin, athbhreithniú ar na bacainní atá ar mhéadú acmhainn trasteorann an ghréasáin agus a eascraíonn as nósanna imeachta nó cleachtais formheasta éagsúla.

11. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht tuairim i dtaca leis na pleananna forbartha gréasáin deich mbliana náisiúnta d'fhonn measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá siad i gcomhréir leis an bplean forbartha gréasáin deich mbliana uile-Chomhphobail. Má shainaithníonn an Ghníomhaireacht neamhréireachtaí idir plean forbartha gréasáin deich mbliana náisiúnta agus an plean forbartha gréasáin deich mbliana uile-Chomhphobail, molfaidh sé go ndéanfar an plean forbartha gréasáin náisiúnta nó an plean forbartha gréasáin deich mbliana uile-Chomhphobail a leasú de réir mar is cuí. Má fhorbraítear plean forbartha gréasáin náisiúnta deich mbliana den sórt sin i gcomhréir le hAirteagal 22 de Threoir 2009/72/CE molfaidh an Ghníomhaireacht don údarás rialála náisiúnta inniúil an plean forbartha gréasáin deich mbliana náisiúnta a leasú i gcomhréir le hAirteagal 22(7) den Treoir sin agus cuirfidh sé an méid sin in iúl don Choimisiún.

12. Arna iarraidh sin don Choimisiún, tabharfaidh an ENTSO don Leictreachas a thuairimí don Choimisiún maidir le glacadh na dTreoirlínte de réir mar atá leagtha síos in Airteagal 18.

*Airteagal 9*

**An faireachán a dhéanfaidh an Ghníomhaireacht**

1. Déanfaidh an Ghníomhaireacht faireachán ar fhorghníomhú chúraimí an ENTSO don Leictreachas dá dtagraítear in Airteagal 8(1), (2) agus (3) agus tíolacfaidh sí tuarascáil don Choimisiún.

Déanfaidh an Ghníomhaireacht faireachán ar an mbealach a ndéanann an ENTSO don Leictreachas na cóid ghréasáin arna dtarraingt suas faoi Airteagal 8(2) agus na cóid ghréasáin arna bhforbairt i gcomhréir le hAirteagal 6(1) go dtí (10), ach nach bhfuil glactha ag an gCoimisiún faoi Airteagal 6(11), a chur chun feidhme. I gcás ina mbeidh an ENTSO don Leictreachas tar éis mainneachtain cóid ghréasáin den sórt sin a chur chun feidhme, iarrfaidh an Ghníomhaireacht ar an ENTSO don Leictreachas míniú cuí-réasúnaithe a thabhairt faoin gcúis gur mhainnigh sé déanamh amhlaidh. Cuirfidh an Ghníomhaireacht an míniú sin in iúl don Choimisiún agus tabharfaidh sí a tuairim ina leith.

Déanfaidh an Ghníomhaireacht faireachán agus anailís ar chur chun feidhme na gcód gréasáin agus na dTreoirlínte arna nglacadh ag an gCoimisiún de réir mar a leagtar síos in Airteagal 6(11), agus ar a n-éifeacht ar chomhchuibhiú na rialacha is infheidhme, arb é is aidhm dóibh comhtháthú an mhargaidh a éascú, agus ar neamh-idirdhealú, ar iomaíocht éifeachtach agus ar fheidhmiú éifeachtúil an mhargaidh, agus tíolacfaidh sí tuarascáil don Choimisiún.

2. Déanfaidh an ENTSO don Leictreachas an dréachtphlean forbartha gréasáin uile-Chomhphobail, an dréachtchlár oibre bliantúil, lena n-áirítear an fhaisnéis maidir leis an bpróiseas comhairliúcháin agus na doiciméid eile dá dtagraítear in Airteagal 8(3) a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta chun a tuairim a fháil.

Laistigh de thréimhse dhá mhí ón lá a bhfaighfear é, tabharfaidh an Ghníomhaireacht tuairim chuí-réasúnaithe, chomh maith le moltaí, don ENTSO don Leictreachas agus don Choimisiún, i gcás ina measfaidh sé nach rannchuideoidh an dréachtchlár oibre bliantúil nó an dréachtphlean forbartha gréasáin uile-Chomhphobail le neamh-idirdhealú, le hiomaíocht éifeachtach nó le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh nó le leibhéal sásúil idirnaisc trasteorann a bheidh oscailte do rochtain ag tríú páirtithe,.

([1]) IO L 262, 22.9.2006, lch. 1.

*Airteagal 10*

**Comhairliúcháin**

1. Agus é ag ullmhú na gcód gréasáin, an dréachtphlean forbartha gréasáin uile-Chomhphobail agus an chláir oibre bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 8(1), (2) agus (3), seolfaidh an ENTSO don Leictreachas próiseas comhairliúcháin forleathan, ag céim luath agus ar bhealach trédhearcach agus oscailte, ina n-áireofar na rannpháirtithe ábhartha go léir sa mhargadh, agus, go háirithe, na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do na geallsealbhóirí uile, i gcomhréir lena rialacha nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 5(1). Áireofar sa chomhairliúchán sin na húdaráis rialála náisiúnta agus údaráis náisiúnta eile, gnóthais soláthair agus giniúna, úsáideoirí córais, lena n-áirítear custaiméirí, oibreoirí córas dáileacháin, lena n-áirítear comhlachais tionsclaíocha ábhartha agus comhlachtaí teicniúla agus grúpaí de gheallsealbhóirí. Is é a bheidh mar aidhm aige ná tuairimí agus tograí na bpáirtithe ábhartha uile a shainaithint i rith an phróisis cinnteoireachta.

2. Poibleofar na doiciméid agus na miontuairiscí uile a bhaineann leis na comhairliúcháin dá dtagraítear i mír 1.

3. Sula nglacfaidh sé an clár oibre bliantúil agus na cóid ghréasáin dá dtagraítear in Airteagal 8(1), (2) agus (3), tabharfaidh an ENTSO don Leictreachas le fios conas a rinneadh na barúlacha a fuarthas le linn an chomhairliúcháin a chur san áireamh. I gcás nach mbeidh barúlacha curtha san áireamh, tabharfaidh sé na cúiseanna atá leis sin.

*Airteagal 11*

**Costais**

Is iad na hoibreoirí córas tarchurtha a iompróidh na costais a bhaineann le gníomhaíochtaí an ENTSO don Leictreachas dá dtagraítear in Airteagal 4 go hAirteagal 12, agus cuirfear na costais sin san áireamh le linn taraifí a ríomh. Ní dhéanfaidh na húdaráis rialála na costais sin a fhormheas ach amháin má tá siad réasúnach agus comhréireach.

*Airteagal 12*

**Comhar réigiúnach idir na hoibreoirí córas tarchurtha**

1. Bunóidh na hoibreoirí córas tarchurtha comhar réigiúnach laistigh den ENTSO don Leictreachas d'fhonn rannchuidiú leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 8(1), (2) agus (3). Déanfaidh siad, go háirithe, plean infheistíochta réigiúnach a fhoilsiú gach dara bliain agus féadfaidh siad cinntí infheistíochta a ghlacadh a bheidh bunaithe ar an bplean infheistíochta réigiúnach sin.

2. Cuirfidh oibreoirí córas tarchurtha socruithe oibríochtúla chun cinn d'fhonn an bainistiú is fearr ar an ngréasán a áirithiú agus déanfaidh siad forbairt malartuithe fuinnimh, leithdháileadh comhordaithe acmhainne trasteorann trí réitigh neamh-idirdhealaitheacha margadh-bhunaithe, agus aird chuí á tabhairt ar thuillteanais shonracha na gceantanna intuigthe do leithdháileadh gearrthéarmach, agus comhtháthú na sásraí um chomhardú agus um chumhacht chúltaca a chur chun cinn.

3. Chun na spriocanna atá leagtha síos i mír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo a bhaint amach, féadfaidh an Coimisiún an limistéar geografach a chumhdaíonn gach struchtúr comhair réigiúnaigh a shainiú, ag féachaint do na struchtúir comhair réigiúnaigh atá ann cheana féin. Ceadófar do gach Ballstát comhar a chur chun cinn i níos mó ná limistéar geografach amháin. Maidir leis an mbeart dá dtagraítear sa chéad abairt, ar beart é atá cheaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú trína fhorlíonadh, glacfar é i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 23(2).

Chuige sin, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an nGníomhaireacht agus leis an ENTSO don Leictreachas.

*Airteagal 13*

**Sásra um chúiteamh idir oibreoirí córas tarchurtha**

1. Gheobhaidh oibreoirí córas tarchurtha cúiteamh as na costais a thabhaítear mar thoradh ar shreabha leictreachais trasteorann a óstáil ar a ngréasáin.

2. Is iad oibreoirí na gcóras náisiúnta tarchurtha ina dtionscnaíonn sreabha trasteorann agus oibreoirí na gcóras náisiúnta tarchurtha ina gcríochnaíonn na sreabha sin a íocfaidh an cúiteamh dá dtagraítear i mír 1.

3. Déanfar íocaíochtaí cúitimh ar bhonn rialta maidir le tréimhse ar leith san am atá thart. Déanfar coigeartú *ex post* ar chúiteamh a íocadh nuair is gá sin chun costais a tabhaíodh iarbhír a léiriú.

Déanfar an chéad tréimhse a ndéanfar íocaíochtaí cúitimh ina leith a chinneadh sna Treoirlínte dá dtagraítear in Airteagal 18.

4. Cinnfidh an Coimisiún méideanna na n-íocaíochtaí cúitimh is iníoctha. Maidir leis an mbeart sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a léasú trína fhorlíonadh, glacfar é i gcomhréir leis an nós imeachta lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 23(2).

5. Méid na sreabh trasteorann a óstáiltear agus méid na sreabh trasteorann a ainmnítear mar shreabha a thionscnaíonn agus/nó a chríochnaíonn i gcórais náisiúnta tarchurtha, cinnfear í ar bhonn na sreabh fisiciúil leictreachais a thomhaistear iarbhír le linn tréimhse ar leith.

6. Déanfar na costais a thabhaítear mar thoradh ar shreabha leictreachais trasteorann a óstáil a shuíomh ar bhonn meánchostas incriminteach, fadtréimhseach, réamhbhreathnaitheach, agus caillteanais, infheistíocht i mbonneagar nua, agus cionmhaireacht iomchuí de chostas an bhonneagair atá ann cheana, a mhéid a úsáidtear an bonneagar sin chun sreabha trasteorann a tharchur, á gcur san áireamh agus, go háirithe, an gá le ráthaíocht maidir le cinnteacht an tsoláthair á chur san áireamh. Nuair a bheidh na costais a tabhaíodh á suíomh, úsáidfear modheolaíochtaí costála atá caighdeánach agus aitheanta. D'fhonn an cúiteamh a gheofar a laghdú, cuirfear san áireamh sochair a fhaigheann gréasán mar thoradh ar shreabha trasteorann a óstáil.

*Airteagal 14*

**Muirir ar rochtain ar ghréasáin**

1. Beidh na muirir a ghearrfaidh oibreoirí líonra ar rochtain ar ghréasáin trédhearcach agus cuirfear san áireamh leo an gá le slándáil ghréasáin agus léireofar iontu na costais iarbhír a thabhaítear a mhéid a fhreagraíonn siad do chostais oibreora gréasáin atá éifeachtúil agus a bhfuil struchtúr inchomparáide aige agus cuirfear na muirir sin i bhfeidhm ar mhodh neamh-idirdhealaitheach. Ní bheidh na muirir sin bainteach le hachar.

2. Más iomchuí, le leibhéal na dtaraifí a ghearrfar ar tháirgeoirí agus/nó ar thomhaltóirí, soláthrófar comharthaí suímh ar leibhéal an Chomhphobail agus cuirfear san áireamh méid na gcaillteanas gréasáin agus an phlódaithe atá ann, agus costais na hinfheistíochta sa bhonneagar.

3. Nuair a bheidh na muirir ar rochtain ar ghréasán á socrú, cuirfear an méid seo a leanas san áireamh:

(a) íocaíochtaí agus fáltais a eascraíonn as an sásra um chúiteamh idir oibreoirí córas tarchurtha;

(b) íocaíochtaí iarbhír a rinneadh agus a fuarthas mar aon le híocaíochtaí tuartha do thréimhsí ama sa todhchaí, agus a ndéantar meastachán orthu ar bhonn tréimhsí san am atá caite.

4. Beidh socrú na muirear ar rochtain ar ghréasán gan dochar do mhuirir ar onnmhairiú dearbhaithe agus ar allmhairiú dearbhaithe a eascraíonn ón mbainistiú ar phlódú dá dtagraítear in Airteagal 16.

5. Ní ghearrfar aon mhuirear sonrach gréasáin ar idirbhearta aonair maidir le hidirthurais dhearbhaithe leictreachais.

*Airteagal 15*

**Faisnéis a sholáthar**

1. Cuirfidh oibreoirí córas tarchurtha sásraí malartaithe faisnéise agus comhordaithe i bhfeidhm chun slándáil na ngréasán a áirithiú i gcomhthéacs an bhainistithe ar phlódú.

2. Poibleofar na caighdeáin sábháilteachta, oibríochtúla agus pleanála a úsáideann oibreoirí córas tarchurtha. Cuimseoidh an fhaisnéis a fhoilseofar scéim ghinearálta chun acmhainn iomlán an aistrithe agus corrlach iontaofachta an tarchuir a ríomh ar bhonn ghnéithe leictreacha agus fisiciúla an ghréasáin. Beidh scéimeanna den sórt sin faoi réir a bhformheasta ag na húdaráis rialála.

3. Foilseoidh oibreoirí córas tarchurtha meastacháin ar an acmhainn istrithe atá ar fáil do gach lá, agus léireofar iontu aon acmhainn aistrithe atá ar fáil agus atá curtha in áirithe cheana féin. Déanfar na foilseacháin sin ag eatraimh shonraithe roimh an lá iompair agus cuimseofar iontu, in aon chás, meastacháin a dhéanfar seachtain roimh ré agus mí roimh ré, mar aon le léiriú cainníochtúil maidir le hiontaofacht tuartha na hacmhainne atá ar fáil.

4. Foilseoidh na hoibreoirí córas tarchurtha sonraí ábhartha maidir le réamhaisnéis chomhiomlánaithe agus éileamh iarbhír, maidir le hinfhaighteacht agus úsáid iarbhír na sócmhainní giniúna agus lóid, maidir le hinfhaighteacht agus úsáid na ngréasán agus na n-idirnasc, agus maidir le cumhacht agus acmhainn chúltaca a chomhardú. Féadfar sonraí comhiomlánaithe meastacháin a úsáid maidir le hinfhaighteacht agus úsáid iarbhír aonad beag giniúna agus lóid.

5. Déanfaidh na rannpháirtithe margaidh lena mbaineann na sonraí ábhartha a sholáthar do na hoibreoirí córas tarchurtha.

6. Déanfaidh gnóthais ghiniúna ar leo nó a oibríonn sócmhainní giniúna, i gcás ina bhfuil acmhainn shuiteáilte 250 MW ag ar a laghad ag ceann amháin de na sócmhainní giniúna, na sonraí uile in aghaidh na huaire an chloig agus in aghaidh an ghléasra is gá chun fíorú a dhéanamh maidir leis na cinntí seolta oibríochtúla go léir, agus maidir leis an iompar tairsceana i malartuithe fuinnimh, i gceantanna idirnaisc, i margaí cúltaca agus i margaí thar an gcuntar a choimeád ar fáil don údarás rialála náisiúnta, don údarás iomaíochta náisiúnta agus don Choimisiún, go ceann cúig bliana. Cuimsíonn fhaisnéis in aghaidh an ghléasra agus in aghaidh na huaire an chloig atá le stóráil, ach ní gá gurb iad sin amháin a bheadh i gceist léi, sonraí maidir leis an acmhainn ghiniúna agus na cúltacaí geallta atá ar fáil, lena n-áirítear leithdháileadh na gcúltacaí sin in aghaidh an ghléasra, ag na tráthanna a dhéantar an tairiscint agus nuair a dhéantar an táirgeadh.

*Airteagal 16*

**Prionsabail ghinearálta maidir le bainistiú ar phlódú**

1. Tabharfar aghaidh ar fhadhbanna maidir le plódú gréasáin trí réitigh neamh-idirdhealaitheacha margadh-bhunaithe lena dtabharfar comharthaí eacnamaíocha éifeachtúla do na rannpháirtithe sa mhargadh agus do na hoibreoirí córas tarchurtha lena mbaineann. Is fearr go réiteofar fadhbanna an phlódaithe gréasáin trí mhodhanna nach bhfuil bunaithe ar idirbheart i.e. modhanna nach mbaineann le roghnú idir conarthaí rannpháirtithe aonair sa mhargadh.

2. Ní úsáidfear nósanna imeachta um chiorrú idirbhirt ach amháin i gcúinsí éigeandála ina mbeadh ar an oibreoir córais tarchurtha gníomhú ar mhodh gasta agus nach mbeadh athsheoladh nó fritrádáil indéanta. Cuirfear aon nós imeachta den sórt sin i bhfeidhm ar mhodh neamh-idirdhealaitheach.

Déanfar rannpháirtithe sa mhargadh dar leithdháileadh acmhainn a chúiteamh as aon chiorrú, seachas i gcásanna *force majeure*.

3. Déanfar acmhainn uasta na n-idirnasc agus/nó na ngréasán tarchurtha a dhéanann difear do shreabha trasteorann a chur ar fáil do rannpháirtithe sa mhargadh, agus na caighdeáin sábháilteachta á gcomhlíonadh maidir le hoibriú slán gréasáin.

4. Cuirfidh rannpháirtithe sa mhargadh in iúl do na hoibreoirí córas tarchurtha, tráth réasúnach roimh an tréimhse oibríochtúil ábhartha, an bhfuil sé ar intinn acu an acmhainn atá leithdháilte chucu a úsáid. Déanfar aon acmhainn leithdháilte nach n-úsáidfear a athsheoladh isteach sa mhargadh ar mhodh oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach.

5. Déanfaidh oibreoirí córas tarchurtha, a mhéid is indéanta é go teicniúil, cothromú ar riachtanais acmhainne na sreabh cumhachta leictreachais ag dul sa treo contrártha thar an líne idirnaisc phlódaithe, ionas go n-úsáidfear an líne sin go barr a hacmhainne. Agus lánaird á tabhairt ar shlándáil líonra, ní dhiúltófar riamh d'aon idirbhearta a mhaolóidh an plódú.

6. Úsáidfear aon ioncam a eascróidh as leithdháileadh idirnaisc chun na gcríoch seo a leanas:

(a) infhaighteacht iarbhír na hacmhainne leithdháilte a ráthú; agus/nó

(b) acmhainn idirnaisc a chothabháil nó a mhéadú trí infheistíochtaí i líonraí, go háirithe in idirnascairí nua.

Mura féidir an t-ioncam a úsáid go héifeachtúil chun na gcríoch a leagtar amach i bpointe (a) agus/nó i bpointe (b) den chéad fhomhír, féadfar é a úsáid faoi réir a fhormheasta ag údaráis rialála na mBallstát lena mbaineann, suas go méid uasta a chinnfidh na húdaráis rialála sin, mar ioncam a chuirfidh na húdaráis rialála san áireamh le linn dóibh formheas a dhéanamh maidir leis an mhodheolaíocht chun taraifí gréasáin a ríomh agus/nó a shocrú.

Cuirfear an chuid eile den ioncam ar líne leithleach inmheánach cuntais go dtí go bhféadfar é a chaitheamh chun na gcríoch a leagtar amach i bpointe (a) agus/nó i bpointe (b) den chéad fhomhír. Cuirfidh an t-údarás rialála na Gníomhaireachta ar an eolas faoin bhformheas dá dtagraítear sa dara fomhír.

*Airteagal 17*

**Idirnascairí nua**

1. Féadfar idirnascairí nua srutha dhírigh a dhíolmhú go ceann tréimhse teoranta, arna iarraidh sin, ó fhorálacha Airteagal 16(6) den Rialachán seo agus Airteagal 9, Airteagal 32 agus Airteagal 37(6) agus (8) de Threoir 2009/72/CE faoi na coinníollacha seo a leanas:

(a) ní mór go bhfeabhsaíonn an infheistíocht an iomaíocht i soláthar an leictreachais;

(b) tá an leibhéal riosca a bhaineann leis an infheistíocht de chineál a fhágann nach ndéanfar an infheistíocht mura dtugtar díolúine;

(c) ní mór an t-idirnascaire a bheith faoi úinéireacht duine nádúrtha nó duine dhlítheanaigh nach ionann, ó thaobh a fhoirm dlí de ar a laghad, agus na hoibreoirí córais ar ina gcórais a thógfar an t-idirnascaire sin;

(d) gearrfar muirir ar úsáideoirí an idirnascaire sin;

(e) ón tráth a tharla oscailt pháirteach an mhargaidh dá dtagraítear in Airteagal 19 de Threoir 96/92/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 1996 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa leictreachas [1], ní dhearnadh aon chuid de chostais chaipitiúla ná de chostais oibriúcháin an idirnascaire a ghnóthú ó aon chuid de na muirir a gearradh as úsáid na gcóras tarchurtha nó dáileacháin a nasctar le chéile leis an idirnascaire; agus

(f) ní chun aimhleas na hiomaíochta ná chun aimhleas fheidhmiú éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh sa leictreachas atá an díolúine, ná chun aimhleas fheidhmiú éifeachtúil an chórais atá á rialáil agus a bhfuil an t-idirnascaire nasctha leis.

2. Beidh feidhm freisin ag mír 1, i gcásanna eisceachtúla, maidir le hidirnascairí srutha ailtéarnaigh ar choinníoll go mbeidh na costais agus na rioscaí a ghabhann leis an infheistíocht sách ard i gcomparáid leis na costais agus na rioscaí a thabhaítear de ghnáth nuair a dhéantar dhá chóras tarchurtha náisiúnta chomharsanacha a nascadh.

3. Beidh feidhm freisin ag mír 1 maidir le méaduithe suntasacha acmhainne in idirnascairí atá ann cheana féin.

4. Glacfaidh údaráis rialála na mBallstát lena mbaineann an cinneadh maidir leis an díolúine dá dtagraítear faoi mhír 1, faoi mhír 2 agus faoi mhír 3, ar bhonn cás ar chás. Féadfar acmhainn iomlán nó cuid d'acmhainn an idirnascaire nua, nó acmhainn iomlán nó cuid d'acmhainn an idirnascaire atá ann cheana féin ach a bhfuil méadú suntasach curtha ar a acmhainn, a chumhdach le díolúine.

Laistigh de dhá mhí ón dáta a mbeidh an iarraidh ar dhíolúine faighte ag an údarás deireanach de na húdaráis rialála lena mbaineann, féadfaidh an Ghníomhaireacht tuairim chomhairleach a chur faoi bhráid na n-údaráis rialála sin, ar tuairim í a d'fhéadfadh a bheith mar bhunús dá gcinneadh.

Agus cinneadh á dhéanamh i dtaobh díolúine a dheonú, breithneofar, ar bhonn cás ar chás, an gá atá le coinníollacha a fhorchur maidir le ré na díolúine agus maidir le rochtain neamhidirdhealaitheach ar an idirnascaire. Agus cinneadh á dhéanamh i dtaobh na gcoinníollacha sin, cuirfear san áireamh, go háirithe, an acmhainn bhreise a bheidh le forbairt nó an modhnú a bheidh le déanamh ar an acmhainn atá ann cheana, creat ama an tionscadail agus na dálaí náisiúnta.

Sula ndeonóidh siad díolúine, déanfaidh údaráis rialála na mBallstát lena mbaineann cinneadh faoi na rialacha agus faoi na sásraí a bheidh ann leis an acmhainn a bhainistiú agus a leithdháileadh. Áireofar leis na rialacha um bainistiú ar phlódú go mbeidh oibleagáid ann maidir le haon acmhainn neamhúsáidte a thairiscint ar an margadh agus go mbeidh úsáideoirí i dteideal a n-acmhainní conarthacha a thrádáil ar an margadh tánaisteach. Agus measúnú á dhéanamh ar na critéir dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (f) de mhír 1, cuirfear san áireamh torthaí an nós imeachta um leithdháileadh acmhainne.

I gcás ina dtagann na húdaráis rialála go léir lena mbaineann ar chomhaontú, laistigh de shé mhí, faoin gcinneadh i dtaobh na díolúine, cuirfidh siad an cinneadh sin in iúl don Ghníomhaireacht.

(1) IO L 27, 30.1.1997, lch. 20.

Maidir leis an gcinneadh i dtaobh na díolúine, lena n-áirítear aon choinníollacha dá dtagraítear sa dara fomhír den mhír seo, beidh sé cuí-réasúnaithe agus foilseofar é.

5. Glacfaidh an Ghníomhaireacht an cinneadh dá dtagraítear i mír 4:

(a) i gcás nach mbeidh na húdaráis rialála go léir lena mbaineann in ann teacht ar chomhaontú laistigh de shé mhí ón dáta ar iarradh an díolúine os comhair an údaráis dheireanaigh de na húdaráis rialála sin; nó

(b) arna iarraidh sin go comhpháirteach do na húdaráis rialála lena mbaineann.

Sula ndéanfaidh an Ghníomhaireacht cinneadh den sórt sin, rachaidh sí i gcomhairle leis na húdaráis rialála lena mbaineann agus leis na hiarratasóirí.

6. D'ainneoin mhír 4 agus mhír 5, féadfaidh na Ballstáit a fhoráil go gcuirfidh an t-údarás rialála nó go gcuirfidh an Ghníomhaireacht, de réir mar a bheidh, a thuairim nó a tuairim maidir leis an iarraidh ar dhíolúine faoi bhráid an chomhlachta ábhartha sa Bhallstát, le cinneadh foirmiúil a fháil ina taobh. Foilseofar an tuairim sin in éineacht leis an gcinneadh.

7. Déanfaidh na húdaráis rialála cóip de gach iarraidh ar dhíolúine a tharchur gan mhoill mar eolas chuig an nGníomhaireacht agus chuig an gCoimisiún ar an iarraidh sin a fháil dóibh. Déanfaidh na húdaráis rialála lena mbaineann, nó an Ghníomhaireacht (na comhlachtaí a thugann fógra), fógra faoin gcinneadh a thabhairt don Choimisiún gan mhoill, mar aon leis an bhfaisnéis ábhartha uile a bhaineann leis an gcinneadh. Féadfar an fhaisnéis sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin i bhfoirm chomhiomlán, le go bhféadfaidh an Choimisiún teacht ar chinneadh a mbeidh bonn maith faoi. Beidh an méid seo a leanas, go háirithe, san fhaisnéis sin:

(a) na cúiseanna mionsonraithe ar ar a mbonn a deonaíodh nó a diúltaíodh an díolúine, lena n-áirítear an fhaisnéis airgeadais lena gcosnaítear an gá atá leis an díolúine;

(b) an anailís a rinneadh ar an éifeacht a bheidh ar an iomaíocht agus ar fheidhmiú éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh sa leictreachas, mar thoradh ar dheonú na díolúine;

(c) na cúiseanna atá leis an tréimhse ama agus an sciar d'acmhainn iomlán an idirnascaire i dtrácht agus a bhfuil an díolúine á deonú ina leith; agus

(d) toradh an chomhairliúcháin a rinneadh leis na húdaráis rialála lena mbaineann.

8. Laistigh de thréimhse dhá mhí ón lá tar éis an dáta a bhfaighfear an fógra faoi mhír 7, féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh lena n-iarrfar ar na comhlachtaí a thugann fógra leasú a dhéanamh ar an gcinneadh chun díolúine a dheonú, nó an cinneadh sin a tharraingt siar. Féadfar an tréimhse dhá mhí sin a fhadú go ceann tréimhse bhreise dhá mhí i gcás ina mbeidh faisnéis bhreise á lorg ag an gCoimisiún. Tosóidh an tréimhse bhreise sin ar an lá tar éis an dáta a bhfaighfear an fhaisnéis iomlán. Féadfar an tréimhse tosaigh dhá mhí a fhadú freisin le toiliú an Choimisiúin agus na gcomhlachtaí a thugann fógra araon.

Más rud é nach soláthrófar an fhaisnéis a iarradh laistigh den tréimhse a leagtar síos san iarraidh, measfar go bhfuil an fógra tarraingthe siar mura rud é, roimh dheireadh na tréimshe sin, go bhfadaítear an tréimhse le toiliú an Choimisiúin agus na gcomhlachtaí a thugann fógra araon nó go gcuireann na comhlachtaí a thugann fógra in iúl don Choimisiún, i ráiteas cuí-réasúnaithe, go measann siad go bhfuil an fógra iomlán.

Comhlíonfaidh na comhlachtaí a thugann fógra cinneadh ón gCoimisiúin chun an cinneadh i dtaobh díolúine a leasú nó a tharraingt siar laistigh de mhí amháin agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas dá réir sin.

Caomhnóidh an Coimisiún rúndacht aon fhaisnéise tráchtála íogaire.

Rachaidh formheas an Choimisiúin maidir le cinneadh i dtaobh díolúine in éag dhá bhliain tar éis an dáta ar glacadh é, i gcás nach mbeidh an obair thógála ar an idirnascaire tosaithe faoin dáta sin agus cúig bliana tar éis an dáta ar glacadh é mura mbeidh an t-idirnascaire ag feidhmiú faoin dáta sin, mura rud é go gcinneann an Coimisiún gurb ann d'aon mhoill mar gheall ar chonstaicí nach raibh aon neart ag an duine ar deonaíodh an díolúine dó orthu.

9. Féadfaidh an Coimisiún Treoirlínte a ghlacadh chun na coinníollacha a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm agus féadfaidh sé an nós imeachta a leagan amach a bheidh le leanúint d'fhonn mír 4, mír 7, agus mír 8 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm. Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú trína fhorlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 23(2).

*Airteagal 18*

**Treoirlínte**

1. I gcás inarb iomchuí, agus i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 13 agus Airteagal 14, sonrófar an méid seo a leanas sna Treoirlínte a bhaineann leis an sásra um chúiteamh idir oibreoirí córas tarchurtha:

(a) mionsonraí an nós imeachta lena gcinntear cé acu d'oibreoirí na gcóras tarchurtha a dhlífidh cúiteamh a íoc as sreabha trasteorann, lena n-áirítear an deighilt idir oibreoirí na gcóras náisiúnta tarchurtha ina dtionscnaíonn sreabha trasteorann agus oibreoirí na gcóras náisiúnta tarchurtha ina gcríochnaíonn na sreabha sin, i gcomhréir le hAirteagal 13(2);

(b) mionsonraí an nós imeachta íocaíochta a bheidh le leanúint, lena n-áirítear an chéad tréimhse a n-íocfar cúiteamh ina leith a chinneadh, i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 13(3);

(c) mionsonraí na modheolaíochtaí lena gcinnfear na sreabha trasteorann a óstáiltear agus a n-íocfar cúiteamh ina leith faoi Airteagal 13, ó thaobh chainníocht agus chineál na sreabh, agus lena gcinnfear ainmniú méideanna na sreabh sin mar shreabha a thionscnaíonn agus/nó a chríochnaíonn i gcórais tarchurtha Ballstát aonair, i gcomhréir le hAirteagal 13(5);

(d) mionsonraí na modheolaíochta lena gcinnfear na costais agus na sochair a thabhaítear mar thoradh ar shreabha trasteorann a óstáil, i gcomhréir le hAirteagal 13(6);

(e) mionsonraí na cóireála ar shreabha leictreachais a thionscnaíonn nó a chríochnaíonn i dtíortha lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, agus é sin i gcomhthéacs an tsásra um chúiteamh idir oibreoirí córas tarchurtha; agus

(f) rannpháirtíocht na gcóras náisiúnta atá idirnasctha trí línte srutha dhírigh, i gcomhréir le hAirteagal 13.

2. Féadfar, leis na Treoirlínte, rialacha iomchuí a chinneadh freisin as a dtiocfaidh comhchuibhiú leanúnach na mbunphrionsabal ar dá réir a shocraítear muirir a ghearrtar ar tháirgeoirí agus ar thomhaltóirí (lód) faoi chórais taraifí náisiúnta, lena n-áirítear an sásra um chúiteamh idir oibreoirí córas tarchurtha a chur san áireamh sna muirir gréasáin náisiúnta agus comharthaí suímh éifeachtúla agus ábhartha a sholáthar, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 14.

Déanfar foráil leis na Treoirlínte maidir le comharthaí suímh comhchuibhithe iomchuí agus éifeachtúla ar leibhéal an Chomhphobail.

Ní chuirfidh aon chomhchuibhiú den sórt sin cosc ar na Ballstáit sásraí a chur i bhfeidhm lena n-áiritheofar go mbeidh na muirir a íocann custaiméirí (lód) inchomparáide ar fud a gcríche.

3. I gcás inarb iomchuí, sonrófar an méid seo a leanas freisin sna Treoirlínte lena soláthraítear an leibhéal íosta comhchuibhithe is gá chun aidhm an Rialacháin seo a bhaint amach:

(a) mionsonraí maidir le soláthar faisnéise, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 15;

(b) mionsonraí i dtaca leis na rialacha maidir le trádáil leictreachais;

(c) mionsonraí i dtaca leis na rialacha maidir le dreasacht infheistíochta d'acmhainn idirnascairí, lena n-áirítear comharthaí suímh;

(d) mionsonraí i dtaca leis na réimsí a liostaítear in Airteagal 8(6).

Chuige sin, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an nGníomhaireacht agus leis an ENTSO don Leictreachas.

4. In Iarscríbhinn I, leagtar síos Treoirlínte maidir le bainistiú agus leithdháileadh acmhainn tarchurtha na n-idirnascairí atá ar fáil idir córais náisiúnta.

5. Féadfaidh an Coimisiún treoirlínte a ghlacadh i ndáil leis na saincheisteanna a liostaítear i mír 1, i mír 2 agus i mír 3 den Airteagal seo. Féadfaidh sé na treoirlínte dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo a leasú, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos in Airteagal 15 agus in Airteagal 16, go háirithe chun treoirlínte mionsonraithe maidir leis na modheolaíochtaí uile um leithdháileadh acmhainne a chuirtear i bhfeidhm go praiticiúil a chur san áireamh agus chun a áirithiú go bhforbrófar sásraí um bainistiú ar phlódú ar bhealach a bheidh comhoiriúnach le cuspóirí an mhargaidh inmheánaigh. I gcás inarb iomchuí le linn leasuithe den sórt sin a dhéanamh, bunófar comhrialacha maidir le caighdeáin íosta sábháilteachta agus oibríochta i ndáil le húsáid agus oibriú an ghréasáin, dá dtagraítear in Airteagal 15(2). Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú trína fhorlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 23(2).

Le linn treoirlínte a ghlacadh nó á leasú, déanfaidh an Coimisiún mar a leanas:

(a) áiritheoidh sé go soláthraíonn na treoirlínte an leibhéal íosta comhchuibhithe is gá chun aidhmeanna an Rialacháin seo a bhaint amach agus nach rachaidh siad thar a bhfuil riachtanach chun na críche sin; agus

(b) léireoidh sé na gníomhaíochtaí a rinne sé i ndáil le comhréireacht rialacha tríú tíortha, ar cuid de chóras leictreachais an Chomhphobail iad, leis na Treoirlínte i dtrácht.

Le linn Treoirlínte a ghlacadh den chéad uair faoin Airteagal seo, áiritheoidh an Coimisiún go gcumhdófar, le haon dréachtbheart amháin, na saincheisteanna sin ar a laghad dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (d) de mhír 1 agus i mír 2.

*Airteagal 19*

**Údaráis rialála**

Le linn a bhfreagrachtaí a fheidhmiú, áiritheoidh na húdaráis rialála go gcomhlíonfar an Rialachán seo agus go gcomhlíonfar na Treoirlínte arna nglacadh de bhun Airteagal 18. I gcás inarb iomchuí chun aidhmeanna an Rialacháin seo a chomhlíonadh, rachaidh na húdaráis rialála i gcomhar lena chéile, leis an gCoimisiún agus leis an nGníomhaireacht i gcomhlíonadh Chaibidil IX de Threoir 2009/72/CE.

*Airteagal 20*

**Faisnéis a sholáthar agus rúndacht**

1. Déanfaidh na Ballstáit agus na húdaráis rialála an fhaisnéis go léir is gá chun críocha Airteagal 13(4) agus Airteagal 18, a sholáthar don Choimisiún, arna iarraidh sin dó.

Go háirithe, chun críocha Airteagal 13(4) agus (6), déanfaidh na húdaráis rialála, ar bhonn tráthrialta, faisnéis a sholáthar maidir leis na costais iarbhír a thabhaíonn na hoibreoirí náisiúnta córas tarchuir, mar aon le sonraí agus an fhaisnéis ábhartha uile maidir leis na sreabha fisiciúla i ngréasáin na n-oibreoirí córas tarchurtha agus maidir le costas na ngréasán.

Socróidh an Coimisiún teorainn ama réasúnach chun faisnéis a sholáthar, agus castacht na faisnéise is gá agus an phráinn a ghabhann leis an ngá sin á gcur san áireamh.

2. Más rud é nach soláthraíonn an Ballstát nó an t-údarás rialála lena mbaineann an fhaisnéis sin laistigh den teorainn ama a shocraítear de bhun mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh an Coimisiún an fhaisnéis uile is gá chun críche Airteagal 13(4) agus Airteagal 18 a iarraidh go díreach ar na gnóthais lena mbaineann.

Agus iarraidh ar fhaisnéis á seoladh aige chuig gnóthas, seolfaidh an Coimisiún cóip den iarraidh, an tráth céanna, chuig údarás rialála an Bhallstáit a bhfuil ceannoifig an ghnóthais suite ina chríoch.

3. Ina iarraidh ar fhaisnéis faoi mhír 1, luafaidh an Coimisiún bunús dlí na hiarrata sin, an teorainn ama ar laistigh di is gá an fhaisnéis a sholáthar, cuspóir na hiarrata, agus na pionóis dá bhforáiltear in Airteagal 22(2) i gcás ina ndéantar faisnéis a sholáthar atá mícheart, neamhiomlán nó míthreorach. Socróidh an Coimisiún teorainn ama réasúnach, agus castacht na faisnéise is gá agus an phráinn a ghabhann leis an ngá sin á gcur san áireamh.

4. Déanfaidh úinéirí na ngnóthas nó a n-ionadaithe agus, i gcás daoine dlítheanacha, na daoine a bhfuil údarú acu a bheith ina n-ionadaithe dóibh faoin dlí nó faoina n-ionstraim chorpraithe, an fhaisnéis a iarrtar a sholáthar. I gcás ina ndéanfaidh dlíodóirí atá údaraithe go cuí chun gníomhú amhlaidh an fhaisnéis a sholáthar thar ceann a gcliant, beidh freagracht iomlán fós ar an gcliant i gcás ina mbeidh an fhaisnéis a sholáthraítear neamhiomlán, mícheart nó míthreorach.

5. I gcás nach soláthraíonn gnóthas an fhaisnéis a iarrtar laistigh den teorainn ama a shocraíonn an Coimisiún nó i gcás ina soláthraíonn sé faisnéis neamhiomlán, féadfaidh an Coimisiún, le cinneadh, a cheangal go soláthrófar an fhaisnéis. Sonrófar, leis an gcinneadh, an fhaisnéis atá á hiarraidh agus socrófar teorainn ama iomchuí ar féidir an fhaisnéis a sholáthar laistigh di. Sonrófar ann na pionóis dá bhforáiltear in Airteagal 22(2). Sonrófar ann freisin, an ceart chun an cinneadh a chur á athbhreithniú ag Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach.

Déanfaidh an Coimisiún, an tráth céanna, cóip dá chinneadh a sheoladh chuig údaráis rialála an Bhallstáit a bhfuil cónaí ar an duine ina chríoch nó a bhfuil ceannoifig an ghnóthais suite ina chríoch.

6. Is chun críocha Airteagal 13(4) agus Airteagal 18 agus chun críocha na nAirteagal sin amháin a úsáidfear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2.

Ní nochtfaidh an Coimisiún aon fhaisnéis a gheofar de bhun an Rialacháin seo ar faisnéis í de chineál a chumhdaítear faoi oibleagáid na rúndachta gairmiúla.

*Airteagal 21*

**Ceart na mBallstát foráil a dhéanamh maidir le bearta níos mionsonraithe**

Beidh an Rialachán seo gan dochar do chearta na mBallstát bearta a choimeád ar bun nó a thabhairt isteach ar bearta iad ina bhfuil forálacha níos mionsonraithe ná na forálacha a leagtar amach sa Rialachán seo nó sna Treoirlínte dá dtagraítear in Airteagal 18.

*Airteagal 22*

**Pionóis**

1. Gan dochar do mhír 2, leagfaidh na Ballstáit síos rialacha maidir leis na pionóis a bheidh infheidhme i gcás sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo agus glacfaidh siad na bearta uile is gá chun a áirithiú go gcuirfear na forálacha sin chun feidhme. Ní mór na pionóis dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Déanfaidh na Ballstáit, faoin 1 Iúil 2004, fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis na rialacha sin a chomhfhreagraíonn do na forálacha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1228/2003 agus tabharfaidh siad fógra don Choimisiún gan mhoill maidir le haon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh. Tabharfaidh siad fógra don Choimisiún maidir leis na rialacha sin nach gcomhfhreagraíonn do na forálacha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1228/2003 faoin 3 Márta 2011 agus tabharfaidh siad fógra gan mhoill don Choimisiún maidir le haon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

2. Féadfaidh an Coimisiún, le cinneadh, fíneálacha nach mó ná 1 % de láimhdeachas iomlán na bliana gnó roimhe sin a fhorchur ar ghnóthais i gcás ina ndéanfaidh siad, d'aon ghnó nó go faillíoch, faisnéis mhícheart, neamhiomlán nó mhíthreorach a sholáthar mar fhreagairt ar iarraidh arna déanamh de bhun Airteagal 20(3) nó i gcás ina mainneoidh siad faisnéis a sholáthar laistigh den teorainn ama arna socrú le cinneadh arna ghlacadh de bhun na chéad fhomhíre Airteagal 20(5).

Le linn méid fíneála a shocrú, tabharfar aird ar thromchúis na mainneachtana ceanglais na chéad fhomhíre a chomhlíonadh.

3. Ní pionóis de chineál dlí choiriúil a bheidh sna pionóis dá bhforáiltear de bhun mhír 1 agus ní cinntí de chineál dlí choiriúil a bheidh na cinntí a ghlacfar de bhun mhír 2.

*Airteagal 23*

**An nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh an coiste arna chur ar bun le hAirteagal 46 de Threoir 2009/72/CE cúnamh don Choimisiún.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5a(1) go (4) agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.

*Airteagal 24*

**Tuarascáil an Choimisiúin**

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme an Rialacháin seo. Ina thuairisc faoi Airteagal 47(6) de Threoir 2009/72/CE, tabharfaidh an Coimisiún tuairisc freisin ar an taithí a fuarthas agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm. Go háirithe, déanfar scrúdú sa tuarascáil ar a mhéid a d'éirigh leis an Rialachán seo coinníollacha neamh-idirdhealaitheacha agus costas-léiritheacha a áirithiú do rochtain ar an ngréasán ar coinníollacha iad a bhaineann le malartuithe trasteorann leictreachais, d'fhonn rannchuidiú leis an rogha atá ag an gcustaiméir i margadh inmheánach sa leictreachas a fheidhmíonn go maith agus d'fhonn rannchuidiú le cinnteacht fhadtéarmach an tsoláthair, agus ar a mhéid atá comharthaí éifeachtacha suímh ann. Más gá, beidh tograí agus/nó moltaí iomchuí ann in éineacht leis an tuarascáil

*Airteagal 25*

**Aisghairm**

Aisghairfear Rialachán (CE) Uimh. 1228/2003 ón 3 Márta 2011. Maidir le tagairtí a dhéantar don Rialachán aisghairthe, forléireofar iad mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn II.

*Airteagal 26*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 3 Márta 2011.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Iúil 2009.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
H.-G. PÖTTERING

*Thar ceann na Comhairle,*
*An tUachtarán*
E. ERLANDSSON

*IARSCRÍBHINN I*

**TREOIRLÍNTE MAIDIR LE BAINISTIÚ AGUS LEITHDHÁILEADH NA hACMHAINNE AISTRITHE ATÁ AR FÁIL SNA hIDIRNAISC IDIR CÓRAIS NÁISIÚNTA**

1. **Forálacha Ginearálta**

1.1. Féachfaidh na hoibreoirí córais tarchurtha (OCTanna) le glacadh leis na hidirbhearta tráchtála go léir, lena n-áirítear iad sin a bhfuil trádáil trasteorann i gceist leo.

1.2. Nuair nach mbeidh aon phlódú ann, ní chuirfear srian ar rochtain ar an idirnasc. I gcás inarb amhlaidh a bheidh de ghnáth, ní bheidh aon ghá le nós imeachta ginearálta buan um leithdháileadh maidir le rochtain ar sheirbhís tarchurtha trasteorann.

1.3. I gcás nach mbeidh idirbhearta sceidealta tráchtála i gcomhréir le hoibriú slán na ngréasán, laghdóidh na OCTanna an plódú i gcomhlíonadh cheanglais slándála oibríochtúla an ghréasáin, agus iad ag féachaint lena áirithiú, ag an am céanna, go bhfanfaidh aon chostais ghaolmhara ar leibhéal éifeachtúil ó thaobh an gheilleagair de. Samhlaítear go mbeidh athsheoladh nó fritrádáil leigheasach ann i gcás nach bhféadfar bearta is lú costas a chur i bhfeidhm.

1.4. Má thagann plódú struchtúrach chun cinn, déanfaidh na OCTanna modhanna agus socruithe iomchuí a chur chun feidhme láithreach maidir le bainistiú ar phlódú, ar modhanna agus socruithe iad a bheidh sainithe agus comhaontaithe roimh ré. Áiritheofar leis na modhanna um bainistiú ar phlódú go gcomhlíonfaidh na sreabha fisiciúla cumhachta a bhaineann leis an acmhainn tarchurtha leithdháilte ar fad caighdeáin slándála gréasán.

1.5. Tabharfaidh na modhanna a ghlacfar chun plódú a bhainistiú comharthaí eacnamaíocha éifeachtúla do rannpháirtithe sa mhargadh agus d'OCTanna, cuirfidh siad iomaíocht chun cinn agus beidh siad oiriúnach lena gcur i bhfeidhm ar bhonn réigiúnach agus ar bhonn uile-Chomhphobail.

1.6. Ní dhéanfar aon idirdhealú a bheidh bunaithe ar idirbheart a chur i bhfeidhm i ndáil le bainistiú ar phlódú. Ní dhiúltófar d'iarraidh ar leith ar sheirbhís tarchurtha ach amháin nuair a chomhlíonfar na coinníollacha carnacha seo a leanas:

(a) gurb é is intuigthe as sreabha fisiciúla incriminteacha cumhachta a eascróidh ó ghlacadh leis an iarraidh seo ná nach bhféadfar oibriú slán an chórais cumhachta a ráthú a thuilleadh, agus

(b) go mbeidh an luach airgeadaíochta a ghabhann leis an iarraidh sa nós imeachta um bainistiú ar phlódú níos ísle ná na hiarrataí eile go léir a bhfuil sé beartaithe ina leith go nglacfar leo don tseirbhís chéanna agus ar na coinníollacha céanna.

1.7. Nuair a bheidh réimsí iomchuí na ngréasán á sainiú arb iontu, agus arb eatarthu, a bheidh feidhm ag an mbainistiú ar phlódú, glacfaidh OCTanna treoir ó phrionsabail na cost-éifeachtachta agus ó na prionsabail um íoslaghdú tionchar diúltach ar an margadh inmheánach sa leictreachas. Go sonrach, ní bheidh na OCTanna in ann teorainn a chur ar acmhainn na n-idirnasc d'fhonn plódú laistigh dá réimse rialaithe féin a réiteach, ach amháin ar na cúiseanna thuasluaite nó ar chúiseanna slándála oibríochtúla [1]. Má tharlaíonn sé sin, tabharfaidh na OCTanna tuairisc air agus cuirfidh siad in iúl é go trédhearcach do na húsáideoirí córais go léir. Ní fhéadfar glacadh le staid den sórt sin ach amháin go dtí go dtiocfar ar réiteach fadtéarmach. Tabharfaidh na OCTanna tuairisc ar an modheolaíocht agus ar na tionscadail chun an réiteach fadtéarmach a bhaint amach agus cuirfidh siad faoi bhráid na n-úsáideoirí córais go léir iad ar bhealach trédhearcach.

1.8. Nuair a bheidh an líonra á chomhardú laistigh den réimse rialaithe trí bhearta oibríochtúla sa ghréasán agus trí athsheoladh, tabharfaidh an OCT aird ar an éifeacht a bheidh ag na bearta sin ar na réimsí rialaithe comharsanacha.

1.9. Faoin 1 Eanáir 2008, déanfar sásraí maidir le bainistiú san aon lá amháin ar phlódú acmhainne idirnascaire a bhunú ar bhealach comhordaithe agus faoi choinníollacha slána oibríochtúla, d'fhonn deiseanna trádála a uasmhéadú agus d'fhonn foráil a dhéanamh maidir le comhardú trasteorann.

(1) Ciallaíonn slándáil oibríochtúil 'an córas tarchurtha a choinneáil laistigh de theorainneacha comhaontaithe slándála'.

1.10. Déanfaidh na húdaráis rialála náisiúnta measúnú go rialta ar na modhanna um bainistiú ar phlódú, agus aird ar leith á tabhairt acu ar chomhlíonadh na bprionsabal agus na rialacha a bhunaítear sa Rialachán seo agus sna Treoirlínte sin agus ar chomhlíonadh na dtéarmaí agus na gcoinníollacha arna socrú ag na húdaráis rialála iad féin faoi na prionsabail agus faoi na rialacha sin. Cuimseoidh an measúnú sin comhairliúchán leis na rannpháirtithe uile sa mhargadh agus staidéir thiomnaithe.

2. **Modhanna chun bainistiú a dhéanamh ar phlódú**

2.1. Beidh na modhanna chun bainistiú a dhéanamh ar phlódú bunaithe ar an margadh d'fhonn trádáil éifeachtúil trasteorann a éascú. Chun na críche sin, ní dhéanfar acmhainn a leithdháileadh ach amháin trí cheantanna sainráite (acmhainn) nó trí cheantanna intuigthe (acmhainn agus fuinneamh). Féadfaidh an dá mhodh a bheith ann ag an am céanna i ndáil leis an idirnasc céanna. Féadfar trádáil leanúnach a úsáid maidir le trádáil san aon lá amháin.

2.2. Ag brath ar na coinníollacha iomaíochta, d'fhéadfadh sé gur gá, leis na sásraí um bainistiú ar phlódú, go gceadófar leithdháileadh fadtéarmach agus gearrthéarmach acmhainne tarchurtha.

2.3. Le gach nós imeachta um leithdháileadh acmhainne, leithdháilfear codán forordaithe den acmhainn idirnaisc atá ar fáil móide aon acmhainn a bheidh fágtha agus nach mbeidh leithdháilte cheana agus aon acmhainn a scaoilfidh sealbhóirí acmhainne ó leithdháiltí roimhe sin.

2.4. Déanfaidh na OCTanna daingne acmhainne a bharrfheabhsú, á chur san áireamh oibleagáidí agus cearta na OCTanna lena mbaineann agus oibleagáidí agus cearta na rannpháirtithe sa mhargadh d'fhonn iomaíocht éifeachtach agus éifeachtúil a éascú. Féadfar codán réasúnach den acmhainn a thairiscint don mhargadh ar leibhéal laghdaithe daingne, ach cuirfear coinníollacha cruinne an iompair thar línte trasteorann in iúl do na rannpháirtithe sa mhargadh i gcónaí.

2.5. Cearta chun acmhainne daingne tarchurtha a bheidh sna cearta rochtana ar leithdháiltí fadtéarmacha agus meántéarmacha. Beidh siad faoi réir na bprionsabal 'mura n-úsáidfear í, caillfear í' nó 'mura n-úsáidfear í, díolfar í', an tráth a dhéantar an t-ainmniú.

2.6. Saineoidh na OCTanna struchtúr iomchuí chun acmhainn a leithdháileadh idir creataí ama éagsúla. D'fhéadfadh sé go gcuimseodh sé seo rogha chun céatadán íosta acmhainne idirnaisc a chur in áirithe lena leithdháileadh go laethúil nó san aon lá amháin. Beidh struchtúr um leithdháileadh den sórt sin faoi réir a athbhreithnithe ag na húdaráis rialála faoi seach. Le linn a dtograí a tharraingt suas, cuirfidh na OCTanna na nithe seo a leanas san áireamh:

(a) saintréithe na margaí,

(b) na coinníollacha oibríochtúla, amhail na himpleachtaí a bheadh ag comhardú na sceideal atá dearbhaithe go daingean,

(c) leibhéal comhchuibhithe na gcéatadán agus na gcreataí ama a ghlacfar i ndáil leis na sásraí éagsúla leithdháilte acmhainne atá ann.

2.7. Ní fhéadfar, leis an leithdháileadh acmhainne, idirdhealú a dhéanamh idir rannpháirtithe sa mhargadh ar mian leo a gcearta a úsáid chun conarthaí déthaobhacha soláthair a úsáid nó chun tairiscintí a dhéanamh ar mhalartuithe fuinnimh. Glacfar na tairiscintí is airde luach, bíodh siad intuigthe nó sainráite, in aon chreat ama ar leith.

2.8. I réigiúin ina bhfuil margaí leictreachais réamh-airgeadais dea-fhorbartha a bhfuil a n-éifeachtúlacht léirithe acu, féadfar an acmhainn idirnaisc uile a leithdháileadh trí cheantanna intuigthe.

2.9. Seachas i gcás idirnascairí nua a thairbheoidh ó dhíolúine faoi Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1228/2003 nó faoi Airteagal 17 den Rialachán seo, ní cheadófar praghsanna cúltaca a bhunú i modhanna leithdháilte acmhainne.

2.10. I bprionsabal, ceadófar do gach rannpháirtí ionchasach sa mhargadh a bheith rannpháirteach gan srian i bpróiseas an leithdháilte. Chun go seachnófar fadhbanna agus chun nach gcuirfear le fadhbanna a bhaineann le húsáid ionchasach cheannasacht aon rannpháirtí sa mhargadh, féadfaidh na húdaráis ábhartha rialála agus/nó iomaíochta, i gcás inar iomchuí, srianta a fhorchur i gcoitinne nó ar chuideachta aonair mar gheall ar cheannasacht sa mhargadh.

2.11. Déanfaidh rannpháirtithe sa mhargadh an úsáid a bhainfidh siad as an acmhainn a ainmniú go daingean do na OCTanna faoi spriocdháta a bheidh sainithe do gach creat ama. Beidh an spriocdháta sin de chineál a fhágfaidh go mbeidh OCTanna in ann acmhainn nár úsáideadh a athshannadh lena hathleithdháileadh sa chéad chreat ama ábhartha eile — lena n-áirítear seisiúin san aon lá amháin.

2.12. Beidh an acmhainn intrádáilte ar bhonn tánaisteach gan bhac, ar choinníoll go gcuirfear an OCT ar an eolas luath go leor roimh ré. I gcás ina ndiúltóidh an OCT d'aon trádáil thánaisteach (idirbheart), ní mór don OCT sin an méid sin a chur in iúl agus a mhíniú go soiléir do na rannpháirtithe sa mhargadh agus é a chur in iúl don údarás rialála.

2.13. Déanfar na hiarmhairtí airgeadais a ghabhann le mainneachtain oibleagáidí a urramú maidir le hacmhainn a leithdháileadh a chur ina leith sin atá freagrach as an mainneachtain sin. Más rud é go mainneoidh rannpháirtithe sa mhargadh úsáid a bhaint as an acmhainn a gheall siad a úsáid, nó i gcás acmhainn a cheantáiltear go sainráite, más rud é go mainneoidh rannpháirtithe trádáil ar bhonn tánaisteach nó go mainneoidh siad acmhainn a thabhairt ar ais in am trátha, caillfidh siad na cearta ar an acmhainn sin agus íocfaidh siad muirear costas-léiritheach. Beidh údar maith le haon mhuirir chostas-léiritheacha i leith neamhúsáide acmhainne agus beidh siad comhréireach. Ar an gcuma chéanna, mura gcomhlíonann OCT a chuid oibleagáidí, dlífidh sé cúiteamh a thabhairt don rannpháirtí sa mhargadh as cailleadh a cheart acmhainne. Ní chuirfear aon chaillteanais iarmhartacha san áireamh chuige sin. Leagfar amach roimh ré na coincheapa lárnacha agus na modhanna lena gcinnfear na dliteanais a fhabhrófar mar thoradh ar mhainneachtain oibleagáidí a urramú i leith na n-iarmhairtí airgeadais, agus beidh siad faoi réir a n-athbhreithnithe ag an údarás rialála náisiúnta ábhartha nó ag na húdaráis rialála náisiúnta ábhartha.

## 3. Comhordú

3.1. Déanfaidh na OCTanna lena mbaineann leithdháileadh acmhainne ag idirnasc a chomhordú agus a chur chun feidhme trí na nósanna imeachta coiteanna leithdháilte a úsáid. I gcásanna ina mbeifí ag súil go ndéanfadh malartuithe idir dhá thír (OCTanna) difear suntasach do na coinníollacha maidir le sreabhadh fisiceach in aon tríú tír (OCT), déanfar modhanna bainistithe ar phlódú idir na OCTanna go léir a ndéantar difear dóibh amhlaidh a chomhordú trí nós imeachta comhchoiteann um bainistiú ar phlódú. Áiritheoidh údaráis rialála náisiúnta agus OCTanna nach ndéanfar aon nós imeachta bainistithe plódaithe a mbeidh éifeachtaí suntasacha aige ar shreabha fisiceacha cumhachta leictrí a cheapadh go haontaobhach.

3.2. Déanfar modh comhordaithe comhchoiteann um bainistiú ar phlódú agus nós imeachta comhordaithe comhchoiteann leithdháilte acmhainne ar an margadh, ar a laghad go bliantúil, go míosúil agus lá roimh ré, a chur i bhfeidhm faoin 1 Eanáir 2007, idir tíortha sna réigiúin seo a leanas:

(a) Tuaisceart na hEorpa (i.e. an Danmhairg, an tSualainn, an Fhionlainn, an Ghearmáin agus an Pholainn),

(b) Iarthuaisceart na hEorpa (i.e. Benelux, an Ghearmáin agus an Fhrainc),

(c) an Iodáil (i.e. an Iodáil, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ostair, an tSlóivéin agus an Ghréig),

(d) Lár na hEorpa Thoir (i.e. an Ghearmáin, an Pholainn, Poblacht na Seice, an tSlóvaic, an Ungáir, an Ostair agus an tSlóivéin),

(e) Iardheisceart na hEorpa (i.e. an Spáinn, an Phortaingéil agus an Fhrainc),

(f) An Ríocht Aontaithe, Éire agus an Fhrainc,

(g) na Stáit Bhaltacha (i.e. an Eastóin, an Laitvia agus an Liotuáin).

Ag idirnasc lena mbeidh tíortha i gceist a bhfuil baint acu le níos mó ná réigiún amháin, féadfaidh an modh um bainistiú ar phlódú a chuirfear i bhfeidhm a bheith éagsúil d'fhonn go mbeadh na modhanna a chuirfear i bhfeidhm i gcomhréir leis na modhanna a chuirtear i bhfeidhm sna réigiúin eile lena mbaineann na tíortha sin. Sa chás sin, molfaidh na OCTanna lena mbaineann an modh agus beidh an modh sin faoi réir a athbhreithnithe ag na húdaráis rialála ábhartha.

3.3. Féadfaidh na réigiúin dá dtagraítear i bpointe 2.8 an acmhainn idirnaisc ar fad a leithdháileadh trí leithdháileadh lá roimh ré a dhéanamh.

3.4. Déanfar nósanna imeachta comhoiriúnacha um bainistiú ar phlódú a shainiú sna seacht réigiún sin ar fad d'fhonn margadh inmheánach sa leictreachas atá fíor-chomhtháite a fhoirmiú. Ní thiocfaidh córais réigiúnacha neamhchomhoiriúnacha sa bhealach ar rannpháirtithe sa mhargadh.

3.5. D'fhonn iomaíocht agus trádáil trasteorann atá cóir agus éifeachtúil a chur chun cinn, áireofar sa chomhordú idir na OCTanna laistigh de na réigiúin a leagtar amach i bpointe 3.2 na bearta uile ó ríomh acmhainne agus barrfheabhsú an leithdháilte go hoibriú slán an ghréasáin, agus beidh sannadh soiléir freagrachta ag gabháil leo. Áireofar leis an gcomhordú sin go háirithe:

(a) samhail choiteann tarchurtha a úsáid lena ndéileáiltear go héifeachtúil le lúbshreabha fisiceacha idirspleácha agus ag féachaint do neamhréireachtaí idir sreabha fisiceacha agus tráchtála,

(b) an acmhainn a leithdháileadh agus a ainmniú chun déileáil go héifeachtach le lúbshreabha fisiceacha idirspleácha,

(c) oibleagáidí comhionanna ar shealbhóirí acmhainne i dtaca le faisnéis a sholáthar maidir leis an úsáid atá beartaithe acu don acmhainn, i.e. ainmniú na hacmhainne (do cheantanna sainráite),

(d) creata ama comhionanna agus spriocdhátaí comhionanna,

(e) struchtúr comhionann maidir le hacmhainn a leithdháileadh idir creataí ama éagsúla (mar shampla 1 lá, 3 huaire an chloig, 1 seachtain, etc.) agus maidir le bloic acmhainne a dhíoltar (an méid cumhachta i MW, MWh, etc.),

(f) creat conarthach comhsheasmhach le rannpháirtithe sa mhargadh,

(g) sreabha a fhíorú d'fhonn na ceanglais slándála gréasáin maidir le pleanáil oibríochtúil agus maidir le hoibríochtaí fíorama a chomhlíonadh,

(h) cuntasaíocht agus socrú na ngníomhaíochtaí um bainistiú ar phlódú.

3.6. Áireofar sa chomhordú freisin an malartú faisnéise idir na OCTanna. Beidh nádúr, am agus minicíocht na malartuithe faisnéise i gcomhréir leis na gníomhaíochtaí a leagtar amach i bpointe 3.5 agus beidh sé i gcomhréir le feidhmiú na margaí leictreachais. Leis an malartú faisnéise sin, cuirfear, go háirithe, ar chumas na OCTanna an réamhaisnéis is fearr is féidir i leith staid an ghréasáin dhomhanda a dhéanamh d'fhonn na sreabha ina ngréasán agus na hacmhainní idirnaisc a bheidh ar fáil a mheasúnú. Aon OCT a bheidh ag bailiú faisnéise thar ceann OCTanna eile, tabharfaidh sé na torthaí maidir leis an mbailiú sonraí ar ais do na OCTanna rannpháirteacha.

## 4. An tráthchlár le haghaidh oibríochtaí sa mhargadh

4.1. Déanfar leithdháileadh na hacmhainne tarchurtha luath go leor roimh ré. Déanfaidh na OCTanna lena mbaineann, roimh gach leithdháileadh, an acmhainn a bheidh le leithdháileadh a fhoilsiú go comhpháirteach agus, i gcás inarb iomchuí, cuirfear san áireamh an acmhainn a scaoilfear ó aon chearta daingne tarchurtha agus, i gcás inarb ábhartha, ainmniúcháin chomhardaithe ghaolmhara, mar aon le haon tréimhsí ama ina laghdófar an acmhainn nó nach mbeidh sí ar fáil (chun críche cothabhála, mar shampla).

4.2. Ag féachaint go hiomlán do shlándáil ghréasáin, déanfar ainmniú na gceart tarchurtha luath go leor roimh ré, roimh sheisiúin lá roimh ré na margaí eagraithe ábhartha uile agus roimh fhoilsiú na hacmhainne a bheidh le leithdháileadh faoin sásra um leithdháileadh sa lá roimh ré nó san aon lá amháin. Déanfar ainmniúcháin na gceart tarchurtha i malairt treo a chomhardú chun úsáid éifeachtúil a bhaint as an idirnasc.

4.3. Déanfar leithdháiltí leanúnacha san aon lá amháin i dtaca le hacmhainn tarchurtha atá ar fáil do lá D ar lá D – 1 agus ar lá D, tar éis an sceidil shonraithe um tháirgeadh don lá roimh ré nó an sceidil iarbhír um tháirgeadh don lá roimh ré a eisiúint.

4.4. Le linn an oibríocht ghréasáin lá roimh ré a ullmhú, déanfaidh na OCTanna faisnéis a mhalartú le OCTanna comharsanacha, lena n-áirítear an toipeolaíocht réamh-mheasta gréasáin, infhaighteacht agus táirgeadh réamh-mheasta na n-aonad giniúna, agus na lódsreabha chun úsáid an ghréasáin fhoriomláin a bharrfheabhsú trí bhearta oibríochtúla i gcomhlíonadh na rialacha maidir le hoibriú slán an ghréasáin.

## 5. Trédhearcacht

5.1. Foilseoidh na OCTanna na sonraí ábhartha uile maidir le hinfhaighteacht an ghréasáin, rochtain ar an ngréasán agus úsáid an ghréasáin, lena n-áirítear tuarascáil i dtaobh cá háit a bhfuil an plódú cad chuige a bhfuil plódú ann, i dtaobh na modhanna a chuirtear i bhfeidhm chun an plódú a bhainistiú agus i dtaobh na bpleananna chun an plódú a bhainistiú amach anseo.

5.2. Foilseoidh OCTanna cur síos ginearálta ar an modh um bainistiú ar phlódú a chuirtear i bhfeidhm faoi chúinsí éagsúla chun an acmhainn a bheidh ar fáil don mhargadh a uasmhéadú, agus scéim ghinearálta chun an acmhainn idirnaisc do chreataí ama éagsúla a ríomh, ar scéim í a bheidh bunaithe ar fhíorghnéithe leictreacha agus fisiceacha an ghréasáin. Beidh scéim den sórt sin faoi réir a athbhreithnithe ag údaráis rialála na mBallstát lena mbaineann.

5.3. Tabharfaidh na OCTanna tuairisc mion ar na nósanna imeachta um bainistiú ar phlódú agus na nósanna imeachta um leithdháileadh acmhainne a bheidh in úsáid, mar aon leis na hamanna agus na nósanna imeachta chun iarratas a dhéanamh ar acmhainn, tuairisc ar na táirgí a thairgtear agus ar oibleagáidí agus ar chearta na OCTanna agus an pháirtí a gheobhaidh an acmhainn, lena n-áirítear na dliteanais a fhabhróidh mar thoradh ar mhainneachtain oibleagáidí a urramú, agus cuirfidh siad ar fáil ar bhealach trédhearcach iad d'úsáideoirí ionchasacha uile an ghréasáin.

5.4. Beidh na caighdeáin slándála oibríochtúla agus na caighdeáin slándála um pleanáil mar chuid dhílis den fhaisnéis a fhoilseoidh na OCTanna i ndoiciméad oscailte agus poiblí. Beidh an doiciméad sin freisin faoi réir a athbhreithnithe ag na húdaráis rialála náisiúnta freisin.

5.5. Foilseoidh na OCTanna an fhaisnéis ábhartha uile maidir le trádáil trasteorann ar bhonn na réamhaisnéise is fearr a fhéadfar a chur ar fáil. D'fhonn an oibleagáid sin a chomhlíonadh, soláthróidh na rannpháirtithe lena mbaineann sa mhargadh na sonraí ábhartha do na OCTanna. Beidh an bealach ina ndéanfar an fhaisnéis sin a fhoilsiú faoi réir a athbhreithnithe ag na húdaráis rialála. Déanfaidh na nithe seo a leanas a fhoilsiú:

(a) go bliantúil ar a laghad: faisnéis ar éabhlóid fhadtéarmach an bhonneagair tarchurtha agus ar a thionchar ar an acmhainn tarchurtha trasteorann;

(b) go míosúil ar a laghad: réamhaisnéisí a bheadh mí roimh ré agus bliain roimh ré maidir leis an acmhainn tarchurtha a bheidh ar fáil don mhargadh, agus an fhaisnéis uile a bheidh ar fáil don OCT tráth a ndéanfaí an ríomh réamhaisnéise (mar shampla, tionchar shéasúir an tsamhraidh agus an gheimhridh ar acmhainn na línte, cothabháil an ghréasáin, infhaighteacht na n-aonad táirgeachta, etc.);

(c) go seachtainiúil ar a laghad: réamhaisnéisí a bheadh seachtain roimh ré maidir leis an acmhainn tarchurtha a bheidh ar fáil don mhargadh, lena gcuirfear san áireamh an fhaisnéis uile a bheidh ar fáil don OCT tráth a ríomhfar an réamhaisnéis, amhail réamhaisnéis na haimsire, na hoibreacha cothabhála a bheadh pleanáilte don ghréasán, infhaighteacht na n-aonad táirgeachta, etc.;

(d) go laethúil ar a laghad: an acmhainn tarchurtha a bheidh ar fáil don mhargadh lá roimh ré nó san aon lá amháin maidir le gach aonad ama sa mhargadh, lena gcuirfear san áireamh na hainmniúcháin chomhardaithe uile lá roimh ré, na sceidil um tháirgeadh lá roimh ré, na réamhaisnéisí ar éileamh agus na hoibreacha cothabhála a bheidh pleanáilte don líonra;

(e) an acmhainn iomlán a leithdháileadh cheana féin, de réir aonaid ama an mhargaidh, agus na coinníollacha ábhartha uile lena bhféadfar an acmhainn a úsáid (mar shampla, praghas díolta ag an gceant, oibleagáidí maidir leis an acmhainn a úsáid, etc.) ionas go ndéanfar aon acmhainn a bheidh fágtha a shainaithint;

(f) an acmhainn a leithdháileadh, a luaithe is féidir tar éis gach leithdháileadh a dhéanamh, chomh maith le léiriú ar na praghsanna a íocadh;

(g) an acmhainn iomlán a úsáideadh, de réir aonaid ama an mhargaidh, díreach i ndiaidh ainmniúcháin;

(h) a ghaire is féidir don fhíoram: sreabha comhiomlánaithe réadaithe tráchtála agus fisiciúla, in aonaid ama an mhargaidh, lena n-áirítear tuairisc ar thionchar aon ghníomhartha ceartaitheacha a dhéanfaidh OCTanna (amhail ciorrú) chun fadhbanna a réiteach sa ghréasán nó sa chóras;

(i) faisnéis *ex-ante* faoi bhristeacha pleanáilte agus faisnéis *ex-post* don lá roimh ré faoi bhristeacha pleanáilte agus neamhphleanáilte na n-aonad giniúna is mó ná 100 MW.

5.6. Beidh an fhaisnéis ábhartha uile ar fáil don mhargadh in am trátha chun gach idirbheart a chaibidliú (amhail tráth chaibidliú na gconarthaí soláthair bliantúla do chustaiméirí tionsclaíocha nó an tráth a gcaithfear tairiscintí a chur chuig margaí eagraithe).

5.7. Foilseoidh an OCT freisin an fhaisnéis ábhartha faoin éileamh a thuartar agus faoin nginiúint de réir na gcreataí ama dá dtagraítear i bpointe 5.5 agus i bpointe 5.6. Foilseoidh an OCT freisin an fhaisnéis ábhartha is gá don mhargadh trasteorann um chomhardú.

5.8. Nuair a dhéanfar na réamhaisnéisí a fhoilsiú, déanfar na luachanna *ex-post* réadaithe don fhaisnéis a tuaradh a fhoilsiú freisin sa tréimhse i ndiaidh na tréimhse ama a mbaineann an réamhaisnéis léi nó ar a dhéanaí an lá dár gcionn (D + 1).

5.9. Déanfar an fhaisnéis go léir a fhoilsíonn na OCTanna a chur ar fáil gan bhacainn i bhfoirm a bheidh inrochtana. Beidh rochtain freisin ar na sonraí go léir trí mheáin leordhóthanacha chaighdeánaithe malartaithe faisnéise, a shaineofar i ndlúthchomhar le rannpháirtithe sa mhargadh. Áireofar leis na sonraí sin faisnéis faoi thréimhsí ama atá thart ar tréimhsí iad nach giorra ná dhá bhliain ionas go mbeidh rochtain ag iontrálaithe nua sa mhargadh ar na sonraí sin.

5.10. Malartóidh OCTanna, go tráthrialta, sraith sonraí leorchruinne maidir leis an ngréasán agus maidir le lód na sreibhe chun go bhféadfar lód na sreibhe a ríomh do gach OCT ina limistéar ábhartha. Déanfar an tsraith chéanna sonraí a chur ar fáil do na húdaráis rialála agus don Choimisiún arna iarraidh sin dóibh nó dó. Áiritheoidh na húdaráis rialála agus an Coimisiún go ndéileálfaidh siad leis an tsraith sonraí sin go rúnda agus gurb amhlaidh a dhéanfaidh aon sainchomhairleoir a mbeidh obair anailíse á déanamh aige ar a son ar bhonn na sonraí sin.

6. **Úsáid an ioncaim ó phlódú**

6.1. Ní fhéadfaidh nósanna imeachta um bainistiú ar phlódú, agus a bhaineann le creat ama réamhshonraithe, ioncam a ghiniúint ach amháin i gcás ina dtarlóidh plódú i dtaca leis an gcreat ama sin, ach amháin i gcás idirnascairí nua a thairbhíonn ó dhíolúine faoi Airteagal 7 de Rialachán 1228/2003 nó faoi Airteagal 17 den Rialachán seo. Beidh an nós imeachta chun an t-ioncam sin a leithdháileadh faoi réir a athbhreithnithe ag na húdaráis rialála agus ní dhéanfaidh sé saobhadh i bhfabhar aon pháirtí a iarrfaidh acmhainn nó fuinneamh ná ní sholáthróidh sé díspreagadh i dtaca le laghdú an phlódaithe.

6.2. Beidh na húdaráis rialála náisiúnta trédhearcach maidir le húsáid an ioncaim a thiocfaidh ó leithdháileadh na hacmhainne idirnaisc.

6.3. Déanfar an t-ioncam ó phlódú a roinnt idir na OCTanna lena mbaineann i gcomhréir leis na critéir a chomhaontóidh na OCTanna lena mbaineann agus a athbhreithneoidh na húdaráis rialála faoi seach.

6.4. Déanfaidh na OCTanna an úsáid a bhainfidh siad as aon ioncam a fhéadfaidh siad a fháil ó phlódú a leagan síos go soiléir roimh ré agus tabharfaidh siad tuairisc ar úsáid iarbhír an ioncaim. Fíoróidh na húdaráis rialála go gcomhlíonfaidh úsáid den sórt sin an Rialachán seo agus na Treoirlínte sin agus go ndéanfar méid iomlán an ioncaim ó phlódú a thiocfaidh as leithdháileadh na hacmhainne idirnaisc a chaitheamh ar cheann amháin nó níos mó de na trí chuspóir a leagtar amach in Airteagal 16(6) den Rialachán seo.

6.5. Déanfaidh na húdaráis rialála, ar bhonn bliantúil agus faoin 31 Iúil gach bliain, tuarascáil a fhoilsiú ina leagfar amach méid an ioncaim a bailíodh i rith na tréimhse 12 mhí suas go dtí an 30 Meitheamh den bhliain chéanna agus an úsáid a baineadh as an ioncam sin, agus fíoróidh siad gur chomhlíon an úsáid sin an Rialachán seo agus na Treoirlínte sin agus gur caitheadh méid iomlán an ioncaim ó phlódú ar cheann amháin nó níos mó de na trí chuspóir fhorordaithe.

6.6. Maidir le húsáid an ioncaim ó phlódú le haghaidh infheistíochta chun acmhainn idirnaisc a choinneáil mar atá sí nó a mhéadú, is fearr go ndéanfar í a shannadh do thionscnaimh shonracha réamhshainithe, lena rannchuideofar le fuascailt an phlódaithe atá ann cheana agus ar tionscadail iad a fhéadfar a chur chun feidhme freisin laistigh de thréimhse réasúnach, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an nós imeachta um údarú.

*IARSCRÍBHINN II*

**TÁBLA COMHGAOIL**

| Rialachán (CE) Uimh. 1228/2003 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 1 | Airteagal 1 |
| Airteagal 2 | Airteagal 2 |
| — | Airteagal 3 |
| — | Airteagal 4 |
| — | Airteagal 5 |
| — | Airteagal 6 |
| — | Airteagal 7 |
| — | Airteagal 8 |
| — | Airteagal 9 |
| — | Airteagal 10 |
| — | Airteagal 11 |
| — | Airteagal 12 |
| Airteagal 3 | Airteagal 13 |
| Airteagal 4 | Airteagal 14 |
| Airteagal 5 | Airteagal 15 |
| Airteagal 6 | Airteagal 16 |
| Airteagal 7 | Airteagal 17 |
| Airteagal 8 | Airteagal 18 |
| Airteagal 9 | Airteagal 19 |
| Airteagal 10 | Airteagal 20 |
| Airteagal 11 | Airteagal 21 |
| Airteagal 12 | Airteagal 22 |
| Airteagal 13 | Airteagal 23 |
| Airteagal 14 | Airteagal 24 |
| — | Airteagal 25 |
| Airteagal 15 | Airteagal 26 |
| Iarscríbhinn | Iarscríbhinn I |

**RIALACHÁN (CE) Uimh. 9993/2009 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an 13 Iúil 2009**

**maidir le coinníollacha le haghaidh rochtana ar na gréasáin gáis nádúrtha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005**

**(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 95 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ([2]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta síos a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh ([3]),

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm don mhargadh inmheánach sa ghás, atá á chur chun feidhme de réir a chéile ó 1999 ar aghaidh, ná fíor-rogha, deiseanna nua gnó agus tuilleadh trádála trasteorann a thabhairt do thomhaltóirí uile an Chomhphobail, cibé acu saoránaigh nó gnóthaí, chun éifeachtúlacht a mhéadú, chun praghsanna iomaíocha agus caighdeáin níos airde seirbhíse a bhaint amach agus chun rannchuidiú le slándáil an tsoláthair agus leis an inbhuanaitheacht.

(2) Le Treoir 2003/55/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2003 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha ([4]) agus le Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meán Fómhair 2005 maidir le coinníollacha rochtana ar ghréasáin tarchurtha gáis nádúrtha ([5]), tá rannchuidiú suntasach déanta maidir le cruthú an mhargaidh inmheánaigh sin sa ghás nádúrtha.

(3) Taispeánann an taithí a fuarthas maidir le cur chun feidhme na chéad sraithe Treoirlínte i leith Dea-Chleachtais agus faireachán a rinneadh orthu, a ghlac an Fóram Eorpach um Rialáil Gáis (Fóram Mhaidrid) in 2002, gur gá, d'fhonn cur chun feidhme iomlán na rialacha a leagtar amach sna treoirlínte sin sna Ballstáit uile a bhaint amach, agus d'fhonn ráthaíocht íosta a sholáthar maidir le coinníollacha rochtana comhionainne ar an margadh go praiticiúil, foráil a dhéanamh go mbeadh na treoirlínte infhorfheidhmithe de réir dlí.

(4) Glacadh an dara sraith comhrialacha dar teideal 'an Dara sraith Treoirlínte le haghaidh Dea-Chleachtais' ag an gcruinniú d'Fhóram Mhaidrid an 24 agus an 25 Meán Fómhair 2003, agus is é is cuspóir don Rialacháin seo ná prionsabail bhunúsacha agus rialacha a leagan síos, ar bhonn na dtreoirlínte sin, maidir le seirbhísí rochtana ar ghréasáin agus seirbhísí rochtana tríú páirtí, bainistiú ar phlódú, trédhearcacht, cothromú agus trádáil i gcearta acmhainne.

(5) Le Treoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna i dtaca leis an margadh inmheánach sa ghás nádúrtha ([6]) déantar fóráil maidir le leis an bhféidearthacht go mbeidh oibreoir comhcheangailte córas tarchurtha agus dáileacháin ann. Dá réir sin, ní éilíonn na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo go ndéanfar modhnú ar eagrú na gcóras náisiúnta tarchurtha agus dáileacháin atá i gcomhréir le forálacha ábhartha na Treorach sin.

(6) Áirítear i raon feidhme an Rialacháin seo píblínte ardbhrú a nascann dáileoirí áitiúla leis an ngréasán gáis, ar píblínte iad nach n-úsáidtear go príomha i gcomhthéacs an dáileacháin áitiúil.

(7) Is gá na critéir a shonrú a gcinnfear na taraifí maidir le rochtain ar an ngréasán dá réir, chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad go hiomlán prionsabal an neamhidirdhealaithe agus riachtanais an mhargaidh inmheánaigh atá ag feidhmiú go maith agus chun go gcuirfear san áireamh ina iomláine an gá atá le sláine an chórais agus go léireofar na costais iarbhír a thabhaítear, a mhéid a fhreagraíonn na costais sin do chostais oibreora gréasáin atá éifeachtúil agus inchomparáide go struchtúrach agus a mhéid atá na costais trédhearcach, agus, ag an am céanna, fáltas iomchuí ó infheistíocht á áireamh ann, agus, i gcás inarb iomchuí, go gcuirfear san áireamh tagarmharcáil na dtaraifí a dhéanfaidh na húdaráis rialála.

(8) Le linn taraifí a ríomh maidir le rochtain ar ghréasáin, tá sé tábhachtach go gcuirfear san áireamh na costais iarbhír a tabhaíodh, a mhéid a fhreagraíonn na costais sin do chostais oibreora gréasáin atá éifeachtúil agus inchomparáide go struchtúrach agus a mhéid atá na costais sin trédhearcach, chomh maith leis an ngá go soláthrófar fáltas iomchuí ar infheistíochtaí agus dreasachtaí chun bonneagar nua a thógáil lena n-áirítear cóir speisialta rialála le haghaidh infheistíochtaí nua mar a fhoráiltear i dTreoir 2009/73/CE. Chuige sin, agus go háirithe más ann d'iomaíocht éifeachtach píblíne go píblíne, beidh sé ábhartha go ndéanfaidh na húdaráis rialála tagarmharcáil ar na taraifí.

(9) Ní mór úsáid socruithe margadh-bhunaithe, amhail ceantanna, chun taraifí a chinneadh a bheith comhoiriúnach leis na forálacha a leagtar síos i dTreoir 2009/73/CE.

([1]) IO C 211, 19.8.2008, lch. 23.

([2]) IO C 172, 5.7.2008, lch. 55.

([3]) Tuairim ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Iúil 2008 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil), Comhsheasamh ón gComhairle an 9 Eanáir 2009 (IO C 75 E, 31.3.2009, lch. 38) agus Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 22 Aibreán 2009 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil). Cinneadh ón gComhairle an 25 Meitheamh 2009.

([4]) IO L 176, 15.7.2003, lch. 57.

([5]) IO L 289, 3.11.2005, lch. 1.

([6]) Féach leathanach 94 den Iris Oifigiúil seo.

(10) Is gá sraith íosta chomhchoiteann seirbhísí rochtana tríú páirtí chun comhchaighdeán íosta rochtana a sholáthar go praiticiúil ar fud an Chomhphobail, chun a áirithiú go bhfuil na seirbhísí rochtana tríú páirtí sách comhoiriúnach lena chéile agus le gur féidir na sochair a fhabhróidh ó mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha atá ag feidhmiú go maith a shaothrú.

(11) Tá constaicí ann faoi láthair sa Chomhphobal, áfach, maidir le gás a dhíol faoi choinníollacha comhionanna, gan idirdhealú ná míbhuntáiste. Go háirithe, níl rochtain neamh-idirdhealaitheach ar ghréasáin ann, agus níl comhionannas éifeachta ann fós i ngach mBallstát i dtaca le leibhéal na maoirseachta rialála, agus is ann do mhargaí leithlisithe i gcónaí.

(12) Ba cheart go mbainfí leibhéal dóthanach amach maidir le hacmhainn idirnaisc trasteorann gáis agus go gcuirfí comhtháthú chun cinn chun an margadh inmheánach sa ghás nádúrtha a chomhlánú.

(13) Leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2007 dar teideal 'Beartas Fuinnimh don Eoraip', leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé an margadh inmheánach sa ghás nádúrtha a chomhlánú agus coinníollacha cothroma a chruthú do gach gnóthais gháis nádúrtha sa Chomhphobal. Le Teachtaireachtaí an Choimisiúin an 10 Eanáir 2007 dar teideal 'Ionchais an mhargaidh inmheánaigh sa ghás agus sa leictreachas' agus 'Fiosrúchán de bhun Airteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ar earnálacha an gháis agus an leictreachais san Eoraip (Tuarascáil Chríochnaitheach)', léiríodh nach soláthraítear, leis na rialacha agus na bearta reatha, an creat is gá chun cuspóir an mhargaidh inmheánaigh a fheidhmíonn go maith agus atá éifeachtúil agus oscailte a bhaint amach, ná nach ndéantar foráil leo maidir le cruthú acmhainní idirnaisc chun an cuspóir sin a bhaint amach.

(14) De bhreis ar an gcreat rialála atá ann a chur chun feidhme go críochnúil, ba cheart an creat rialála don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005 a oiriúnú i gcomhréir leis na teachtaireachtaí sin.

(15) Go háirithe, tá gá le comhar agus comhordú méadaithe idir na hoibreoirí córas tarchurtha chun cóid ghréasáin a chruthú lena soláthrófar agus lena mbainisteofar rochtain éifeachtach agus thrédhearcach ar na gréasáin tarchurtha thar theorainneacha, agus chun pleanáil atá comhordaithe agus réamhbhreathnaitheach go leor agus forás fónta teicniúil a áirithiú don chóras tarchurtha sa Chomhphobal, lena n-áirítear acmhainní idirnaisc a chruthú, ag féachaint go cuí don chomhshaol. Ba cheart go mbeadh na cóid ghréasáin sin i gcomhréir leis na creat-treoirlínte ar de chineál neamhcheangailteach iad (creat-treoirlínte) agus a d'fhorbair an Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh arna bunú le Rialachán (CE) Uimh. 9991/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Gníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh ([1]), (an Ghníomhaireacht). Ba cheart go mbeadh ról ag an nGníomhaireacht maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar na dréachtchóid ghréasáin, ar athbhreithniú é a bheidh bunaithe ar ábhair fíoras, lena n-áirítear athbhreithniú i dtaobh an gcomhlíonann siad na creat-treoirlínte, agus ba cheart go gcumasófaí di a mholadh don Choimisiún iad a ghlacadh. Ba cheart go ndéanfadh an Ghníomhaireacht measúnú ar leasuithe a bheartaítear a dhéanamh ar na cóid ghréasáin agus ba cheart go gcumasófaí di a mholadh don Choimisiún iad a ghlacadh. Ba cheart go n-oibreodh oibreoirí córas tarchurtha a ngréasáin i gcomhréir leis na cóid ghréasáin sin.

(16) Chun go n-áiritheofar bainistiú optamach an ghréasáin tarchurtha gáis sa Chomhphobal, ba cheart Gréasán Eorpach Oibreoirí na gCóras Tarchurtha don Ghás (an ENTSO don Ghás) a bhunú. Ba cheart go gcuirfeadh an ENTSO don Ghás a chuid cúraimí i gcrích i gcomhréir le rialacha iomaíochta an Chomhphobail atá infheidhme i gcónaí maidir le cinntí an ENTSO don Ghás. Ba cheart go saineofaí cúraimí an ENTSO don Ghás ar bhealach soiléir agus ba cheart go n-áiritheofaí lena mhodh oibre éifeachtúlacht, cineál ionadaíoch agus trédhearcacht an ENTSO don Ghás. Níl sé beartaithe go ngabhfadh na cóid ghréasáin a ullmhaíonn an ENTSO don Ghás ionad na gcód gréasáin náisiúnta atá riachtanach maidir le saincheisteanna nach saincheisteanna trasteorann iad. De bhrí go bhféadfar dul chun cinn níos éifeachtaí a dhéanamh trí chur chuige ar an leibhéal réigiúnach, ba cheart d'oibreoirí córas tarchurtha struchtúir réigiúnacha a chur ar bun laistigh den struchtúr comhair foriomlán, agus go n-áireofaí ag an am céanna go mbeadh na torthaí ar an leibhéal réigiúnach comhoiriúnach le cóid ghréasáin agus le pleananna forbartha gréasáin neamhcheangailteacha deich mbliana ar leibhéal an Chomhphobail. Maidir le comhar laistigh de struchtúir réigiúnacha den sórt sin, glactar leis go bhfuil díchuachadh éifeachtach á dhéanamh amhail idir gníomhaíochtaí gréasáin agus gníomhaíochtaí táirgthe agus soláthair. In éagmaig d'chuachaidh den sórt sin, tá riosca iompair frithiomaíochta ann mar gheall ar chomhar réigiúnach idir oibreoirí córas tarchurtha. Ba cheart do na Ballstáit an comhar ar leibhéal réigiúnach a chur chun cinn mar aon le faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht an ghréasáin ar an leibhéal sin. Ba cheart go mbeadh an comhar ar leibhéal réigiúnach comhoiriúnach leis an dul chun cinn i ndáil le margadh inmheánach iomaíoch agus éifeachtúil a bhaint amach i gcúrsaí gáis.

(17) Tá leas ag rannpháirtithe uile an mhargaidh san obair a bhfuiltear ag súil léi ón ENTSO don Ghás. Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, go mbeadh próiseas comhairliúcháin éifeachtach ann agus go mbeadh ról tábhachtach ag na struchtúir atá ann cheana féin agus a cuireadh ar bun chun an próiseas comhairliúcháin a éascú agus a shruthlíniú, amhail an Comhlachas Eorpach um shruthlíniú Malartaithe Fuinnimh, rialálaithe náisiúnta nó an Ghníomhaireacht.

(18) D'fhonn breis trédhearcachta a áirithiú maidir le forbairt an ghréasáin iomláin tarchurtha gáis sa Chomhphobal, ba cheart don ENTSO don Ghás plean forbartha gréasáin uile-Chomhphobail neamhcheangailteach deich mbliana a tharraingt suas, a fhoilsiú agus a uasdátú go rialta (plean forbartha gréasáin uile-Chomhphobail). Ba cheart go ndéanfaí gréasáin inmharthana tarchurtha gáis agus na hidirnaisc réigiúnacha is gá, atá ábhartha ó thaobh tráchtála nó chinnteacht soláthair de, a chur san áireamh sa phlean forbartha gréasáin sin.

([1]) Féach leathanach 1 den Iris Oifigiúil seo.

(19) Chun iomaíocht a fheabhsú trí mhargaí mórdhíola leachtacha sa ghás, tá sé ríthábhachtach go bhféadfaí an gás a thrádáil go neamhspleách ón suíomh atá aige sa chóras. An t-aon slí chun é seo a dhéanamh is ea trí shaoirse a thabhairt d'úsáideoirí an ghréasáin acmhainn iontrála sa chóras agus acmhainn scoir as an gcóras a chur in áirithe go neamhspleách ar a chéile, agus sa chaoi sin iompar gáis a chruthú trí chriosanna seachas trí chonairí conarthacha. Thug formhór na ngeallsealbhóirí le fios cheana ag 6ú Fóram Mhaidrid an 30 agus an 31 Deireadh Fómhair 2002 gurbh é ba rogha leo córais iontrála-scoir chun forbairt iomaíochta a éascú. Níor cheart go mbeadh taraifí spleách ar an mbealach iompair. Dá bhrí sin, níor cheart go mbeadh baint ag an taraif arna socrú le haghaidh pointe iontrála amháin nó níos mó leis an taraif arna socrú le haghaidh pointe scoir amháin nó níos mó, agus *vice versa*.

(20) Ní chiallaíonn tagairtí do chonarthaí comhchuibhithe iompair i gcomhthéacs na rochtana neamh-idirdhealaithí ar ghréasán oibreoirí na gcóras tarchurtha gur gá gurb ionann téarmaí agus coinníollacha na gconarthaí iompair atá ag oibreoir córais ar leith i mBallstát amháin agus téarmaí agus coinníollacha oibreora eile córais sa Bhallstát sin nó i mBallstát eile, mura rud é go leagtar síos ceanglais íosta nach mór iad a chomhlíonadh sna conarthaí iompair uile.

(21) Tá plódú suntasach conarthach ann sna gréasáin gáis. Dá bhrí sin, tá na prionsabail a bhaineann le bainistiú ar phlódú agus leithdháileadh maidir le hacmhainn i gcomhair conarthaí nua nó conarthaí a caibidlíodh as an nua bunaithe ar acmhainn nach bhfuil in úsáid a scaoileadh trí chead a thabhairt d'úsáideoirí an ghréasáin an acmhainn chonarthach atá acu a fholigean nó a athdhíol agus ar an oibleagáid atá ar oibreoirí na gcóras tarchurtha an acmhainn nach bhfuil in úsáid acu a thairiscint don mhargadh, ar bhonn lá roimh ré agus ar bhonn in-idirbhriste ar a laghad. I bhfianaise líon mór na gconarthaí reatha agus i bhfianaise an ghá atá le coinníollacha cothroma a chruthú idir úsáideoirí na hacmhainne nua agus na hacmhainne atá ann cheana, ba cheart na prionsabail sin a chur i bhfeidhm maidir leis an acmhainn chonarthach go léir, lena n-áirítear na conarthaí atá ann cheana.

(22) Cé gurb annamh plódú fisiceach na ngréasán a bheith ina fhadhb sa Chomhphobal faoi láthair, d'fhéadfadh sé a bheith ina fhadhb amach anseo. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, an bunphrionsabal a sholáthar maidir le hacmhainn phlódaithe a leithdháileadh in imthosca den sórt sin.

(23) De réir an fhaireacháin atá déanta ag an gCoimisiún agus ag na húdaráis rialála náisiúnta ar an margadh le blianta beaga anuas, léirítear nach leor na ceanglais reatha trédhearcachta agus na rialacha reatha maidir le rochtain ar bhonneagar chun fíormhargadh inmheánach a fheidhmíonn go maith agus atá oscailte agus éifeachtúil a bhaint amach.

(24) Tá gá le rochtain chomhionann ar fhaisnéis maidir le stádas fisiceach agus le héifeachtúlacht an chórais ionas go mbeidh rannpháirtithe uile an mhargaidh in ann staid fhoriomlán an éilimh agus an tsoláthair a mheasúnú agus go mbeidh siad in ann cúiseanna na n-athruithe sa phraghas mórdhíola a shainaithint. Áirítear leis sin, faisnéis níos cruinne ar sholáthar agus ar éileamh, ar acmhainn an ghréasáin ar shreabha agus ar chothabháil, ar cothromú agus ar infhaighteacht agus úsáid stórála. Mar gheall ar an tábhacht a bhaineann leis an bhfaisnéis sin d'fheidhmiú an mhargaidh, is gá maolú ar na srianta atá ann cheana ar fhoilsiú ar chúiseanna rúndachta.

(25) Maidir le ceanglais rúndachta i leith faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de, tá siad ábhartha go háirithe nuair a bhaineann siad le sonraí de chineál straitéiseach ó thaobh tráchtála don chuideachta lena mbaineann, i gcás nach bhfuil ach úsáideoir aonair amháin ann do shaoráid stórála, nó i gcás ina mbaineann sonraí le pointí scoir laistigh de chóras nó d'fhochóras nach bhfuil nasctha le córas tarchurtha ná dáileacháin eile ach atá nasctha le custaiméir deiridh tráchtála aonair, i gcás ina nochtfadh foilsiú sonraí den sórt sin faisnéis rúnda maidir le próiseas táirgthe an chustaiméara sin.

(26) D'fhonn muinín sa mhargadh a fheabhsú, ní foláir do na rannpháirtithe a bheith cinnte go bhféadfar iad siúd a ghabhann do mhí-úsáid a chur faoi réir pionós atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Ba cheart go dtabharfaí an inniúlacht do na húdaráis inniúla chun líomhaintí maidir le mí-úsáid an mhargaidh a fhiosrú go héifeachtach. Chun na críche sin, is gá rochtain a bheith ag na húdaráis inniúla ar shonraí ina bhfuil faisnéis maidir le cinntí oibríochtúla a ghlacann gnóthais soláthair. I margadh an gháis, déantar na cinntí sin go léir a chur in iúl do na hoibreoirí córais i bhfoirm forchoimeádas acmhainne, ainmniúcháin agus sreabha réadaithe, Ba cheart d'oibreoirí córais faisnéis i dtaca leis sin a choimeád ar fáil do na húdaráis inniúla, agus rochtain éasca a bheith ag na húdaráis sin uirthi, go ceann tréimhse socraithe. Ina theannta sin, ba cheart go ndéanfadh na húdaráis inniúla faireachán go tráthrialta ar chomhlíonadh na rialacha ar thaobh na n-oibreoirí córas tarchurtha.

(27) Ní leor an rochtain atá ann ar shaoráidí stórála gáis agus ar shaoráidí gáis nádúrtha leachtaithe (GNL), i roinnt Ballstát, agus is gá, dá bhrí sin, cur chun feidhme na rialacha atá ann cheana a fheabhsú. Is é an tátal a baineadh as faireachán Ghrúpa Rialálaithe na hEorpa um Leictreachas agus Ghás ná nach gcuirtear i bhfeidhm go leordhóthanach na treoirlínte deonacha maidir le cleachtas rochtana tríú páirtí le haghaidh oibreoirí na gcóras stórála, ar treoirlínte iad ar chomhaontaigh na geallsealbhóirí go léir orthu ag Fóram Mhaidrid, agus nach mór, dá bhrí sin, na treoirlínte sin a bheith ceangailteach.

(28) Is sásraí tábhachtacha iad córais chomhardúcháin neamhidirdhealaitheacha trédhearcacha a oibríonn oibreoirí na gcóras tarchurtha, go háirithe maidir le hiontrálaithe nua ar an margadh a bhféadfadh níos mó deacrachta a bheith acu a bpunann fhoriomlán díolacháin a chomhardú ná mar atá ag cuideachtaí atá bunaithe cheana laistigh den mhargadh ábhartha. Is gá, dá bhrí sin, rialacha a leagan síos chun a áirithiú go n-oibreoidh oibreoirí na gcóras tarchurtha sásraí den sórt sin ar dhóigh atá comhoiriúnach le coinníollacha neamh-idirdhealaitheacha, trédhearcacha agus éifeachtacha rochtana ar an ngréasán.

(29) Is cuid thábhachtach de mhargadh iomaíoch a fhorbairt agus de leachtacht a chruthú cearta acmhainne príomhúla a thrádáil. Ba cheart, dá bhrí sin, go ndéanfaí bunrialacha a bhaineann le trádáil den sórt sin a leagan síos leis an Rialachán seo.

(30) Ba cheart go n-áiritheodh na húdaráis rialála náisiúnta comhlíonadh na rialacha atá sa Rialachán seo agus na dTreoirlínte a ghlactar ar bhonn an Rialacháin seo.

(31) Sna Treoirlínte atá i gceangal leis an Rialachán seo, déantar rialacha cur chun feidhme mionsonraithe sonracha a shainiú ar bhonn an dara sraith Treoirlínte le haghaidh Dea-Chleachtais. I gcás inarb iomchuí, tiocfaidh éabhlóid ar na rialacha sin le himeacht ama, agus na difríochtaí idir na córais náisiúnta gáis á gcur san áireamh.

(32) Le linn leasú ar na treoirlínte atá san Iarscríbhinn atá i gceangal leis an Rialachán seo a mholadh, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go rachfaí i gcomhairle roimh ré leis na páirtithe ábhartha uile a bhfuil baint acu leis na Treoirlínte, arb iad na heagraíochtaí gairmiúla a n-ionadaithe, agus leis na Ballstáit laistigh d'Fhóram Mhaidrid.

(33) Ba cheart go gceanglófaí ar na Ballstáit agus ar na húdaráis náisiúnta inniúla faisnéis ábhartha a sholáthar don Choimisiún. Ba cheart don Choimisiún déileáil le faisnéis den sórt sin mar fhaisnéis rúnda.

(34) Beidh an Rialachán seo agus na Treoirlínte a ghlacfar i gcomhréir leis gan dochar do chur i bhfeidhm rialacha iomaíochta an Chomhphobail.

(35) Maidir leis na bearta is gá chun an Rialachán seo a chur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún ([1]).

(36) Ba cheart, go háirithe, go gcumhachtófaí don Choimisiún na Treoirlínte is gá a bhunú nó a ghlacadh d'fhonn an leibhéal íosta comhchuibhithe is gá a sholáthar chun aidhmeanna an Rialacháin seo a bhaint amach. Ós rud é go bhfuil raon feidhme ginearálta ag na bearta sin agus go bhfuil siad ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, *inter alia* trína fhorlíonadh le heilimintí nua neamhriachtanacha, ní mór iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá bhforáiltear in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE.

(37) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon rialacha córa a leagan síos maidir le coinníollacha rochtana ar ghréasáin tarchurtha gáis nádúrtha, saoráidí stórála agus GNL, a bhaint amach go leordhóthanach agus gur fearr, dá bhrí sin, is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Chomhphobail, féadfaidh an Comhphobal bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

(38) Ag féachaint do raon feidhme na leasuithe atá á ndéanamh leis seo ar Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005, is inmhianaithe, ar mhaithe le soiléireacht agus le cuíchóiriú, na forálacha i dtrácht a athmhúnlú trína dtabhairt le chéile i dtéacs amháin i Rialachán nua.

([1]) IO L 184, 17.7.1999, lch. 23.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar agus raon feidhme**

Is é is aidhm don Rialachán seo:

(a) rialacha neamh-idirdhealaitheacha maidir le coinníollacha rochtana ar chórais tarchurtha gáis nádúrtha a shocrú, agus saintréithe speisialta na margaí náisiúnta agus na margaí réigiúnacha á gcur san áireamh, d'fhonn feidhmiú ceart an mhargaidh inmheánaigh sa ghás a áirithiú;

(b) rialacha neamh-idirdhealaitheacha maidir le coinníollacha rochtana ar shaoráidí GNL agus ar shaoráidí stórála a shocrú, agus saintréithe speisialta na margaí náisiúnta agus na margaí réigiúnacha á gcur san áireamh; agus

(c) teacht chun cinn margaidh mórdhíola a éascú ar margadh é a bheidh trédhearcach agus a fheidhmeoidh go maith agus a mbeidh leibhéal ard cinnteachta soláthair gáis aige agus sásraí a sholáthar chun na rialacha rochtana gréasáin do mhalartuithe trasteorann sa ghás a chomhchuibhiú.

Áireofar sna cuspóirí dá dtagraítear sa chéad fhomhír seo prionsabail chomhchuibhithe a shocrú i gcomhair taraifí, nó le haghaidh na modheolaíochtaí is bun lena ríomh, le haghaidh rochtana ar an ngréasán, ach ní ar saoráidí stórála, seirbhísí rochtana a bhunú do thríú páirtithe agus prionsabail chomhchuibhithe a bhaineann le leithdháileadh acmhainne agus le bainistiú ar phlódú, ceanglais trédhearcachta, rialacha comhardúcháin agus muirir i leith éagothroime a chinneadh agus trádáil in acmhainn a éascú.

Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo, cé is moite d'Airteagal 19(4), ach amháin maidir le saoráidí stórála a thagann faoi Airteagal 33(3) nó (4) de Threoir 2009/73/CE.

Féadfaidh na Ballstáit eintiteas nó comhlacht a bhunú i gcomhréir le Treoir 2009/73/CE chun ceann amháin nó níos mó de na feidhmeanna a leagtar de ghnáth ar an oibreoir córais tarchurtha a chur i gcrích agus beidh an t-eintiteas nó an comhlacht sin faoi réir cheanglais an Rialacháin seo. Beidh an t-eintiteas nó an comhlacht sin faoi réir deimhniúcháin i gcomhréir le hAirteagal 3 den Rialachán seo agus beidh sé faoi réir ainmniúcháin i gcomhréir le hAirteagal 10 de Threoir 2009/73/CE.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

1. Chun críche an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'tarchur' gás nádúrtha a iompar trí ghréasán, arb é atá ann den chuid is mó píblínte ardbhrú, seachas gréasán réamhtheachtach píblínte agus seachas an chuid de na píblínte ardbhrú a úsáidtear go príomha i gcomhthéacs an dáileacháin áitiúil ar ghás nádúrtha d'fhonn é a sheachadadh ar chustaiméirí, ach gan soláthar a áireamh ann;

(2) ciallaíonn 'conradh iompair' conradh a chuir an t-oibreoir córais tarchurtha i gcrích le húsáideoir gréasáin d'fhonn tarchur a chur i gcrích;

(3) ciallaíonn 'acmhainn' an sreabhadh uasta, arna shloinneadh i méadair chiúbacha in aghaidh an aonaid ama nó in aonad fuinnimh in aghaidh an aonaid ama, arb é an sreabhadh é a bhfuil úsáideoir an ghréasáin i dteideal é a bheith aige i gcomhréir le forálacha an chonartha iompair;

(4) ciallaíonn 'acmhainn neamhúsáidte' acmhainn dhocht a fuair úsáideoir gréasáin faoi chonradh iompair ach nár ainmnigh an t-úsáideoir roimh an spriocdháta a sonraíodh sa chonradh;

(5) ciallaíonn 'bainistiú ar phlódú' bainistiú phunann acmhainne an oibreora córais tarchurtha d'fhonn an úsáid optamach agus an úsáid uasta a bhaint as an acmhainn theicniúil agus brath tráthúil a dhéanamh ar na pointí plódúcháin agus sáithiúcháin amach anseo;

(6) ciallaíonn 'margadh tánaisteach' margadh na hacmhainne a ndéantar trádáil uirthi seachas ar an margadh príomha;

(7) ciallaíonn 'ainmniúchán' an tuairisciú roimh ré a dhéanann úsáideoir an ghréasáin chuig an oibreoir córais tarchurtha maidir leis an sreabhadh iarbhír ar mian le húsáideoir an ghréasáin a instealladh isteach sa chóras nó a bhaint uaidh;

(8) ciallaíonn 'ath-ainmniúchán' an tuairisciú ina dhiaidh sin ar ainmniúchán ceartaithe;

(9) ciallaíonn 'sláine córais' aon staid maidir le gréasán tarchurtha, lena n-áirítear na saoráidí tarchurtha riachtanacha ina bhfanann brú agus cáilíocht an gháis nádúrtha laistigh de na teorainneacha íosta agus uasta arna leagan síos ag an ibreoir córais tarchurtha, ionas go ndéantar ráthú ar tharchur an gháis nádúrtha ón taobh teicniúil;

(10) ciallaíonn 'tréimhse chothromúcháin' an tréimhse inar gá do gach úsáideoir gréasáin aistarraingt méid gáis nádúrtha, arna shloinneadh in aonaid fuinnimh, a fhritháireamh tríd an oiread céanna gáis nádúrtha a instealladh sa ghréasán tarchurtha i gcomhréir leis an gconradh iompair nó leis an gcód gréasáin;

(11) ciallaíonn 'úsáideoir gréasáin' custaiméir nó custaiméir ionchasach de chuid oibreora córais tarchurtha, agus oibreoirí na gcóras tarchurtha iad féin, a mhéid is gá dóibh a gcuid feidhmeanna a chur i gcrích maidir leis an tarchur;

(12) ciallaíonn 'seirbhísí in-idirbhriste' seirbhísí a thairgeann an t-oibreoir córais tarchurtha i dtaca le hacmhainn in-idirbhriste;

(13) ciallaíonn 'acmhainn in-idirbhriste' acmhainn tarchurtha gáis a fhéadfaidh an t-oibreoir córais tarchurtha a idirbhriseadh i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa chonradh iompair;

(14) ciallaíonn 'seirbhísí fadtéarmacha' seirbhísí a thairgeann an t-oibreoir córais tarchurtha ar bliain amháin nó níos faide a ré;

(15) ciallaíonn 'seirbhísí gearrthéarmacha' seirbhísí a thairgeann an t-oibreoir córais tarchurtha ar giorra a ré ná bliain amháin;

(16) ciallaíonn 'acmhainn dhocht' acmhainn tarchurtha gáis ar ina leith, de réir conartha, a ráthaíonn an t-oibreoir córais tarchurtha go bhfuil sí do-idirbhriste;

(17) ciallaíonn 'seirbhísí dochta' seirbhísí a thairgeann an t-oibreoir córais tarchurtha i dtaca le hacmhainn dhocht;

(18) ciallaíonn 'acmhainn theicniúil' an acmhainn dhocht uasta ar féidir leis an oibreoir córais tarchurtha a thairscint do na húsáideoirí gréasáin, agus sláine an chórais agus riachtanais oibríochtúla an ghréasáin tarchurtha á gcur san áireamh;

(19) ciallaíonn 'acmhainn chonarthach' an acmhainn a leithdháil an t-oibreoir córais tarchurtha d'úsáideoir gréasáin trí bhíthin conartha iompair;

(20) ciallaíonn 'acmhainn atá ar fáil' an chuid den acmhainn theicniúil nach bhfuil leithdháilte agus atá ar fáil i gcónaí ag an gcóras an tráth sin;

(21) ciallaíonn 'plódú conarthach' staid inar mó leibhéal na hacmhainne doichte ná an acmhainn theicniúil;

(22) ciallaíonn 'margadh príomha' margadh na hacmhainne a dhéanann an t-oibreoir córais tarchurtha a thrádáil go díreach;

(23) ciallaíonn 'plódú fisiceach' staid inar mó leibhéal an éilimh ar sheachadtaí iarbhír ná an acmhainn theicniúil aon tráth áirithe;

(24) ciallaíonn 'acmhainn saoráide GNL' acmhainn a bheadh ag críochfort GNL do leachtú gáis nádúrtha nó d'allmhairiú, do dhí-ualú, do sheirbhísí coimhdeacha, do stóráil shealadach agus d'athghású GNL;

(25) ciallaíonn 'spás' an méid gáis atá úsáideoir saoráide stórála i dteideal a úsáid chun gás a stóráil;

(26) ciallaíonn 'inseachadtacht' an ráta ag a bhfuil úsáideoir na saoráide stórála i dteideal gás a aistarraingt as an tsaoráid stórála;

(27) ciallaíonn 'in-insealltacht' an ráta ag a bhfuil úsáideoir na saoráide stórála i dteideal gás a instealladh isteach sa tsaoráid stórála;

(28) ciallaíonn 'acmhainn stórála' aon teaglaim spáis, in-insealltachta agus inseachadtachta.

2. Gan dochar do na sainmhínithe atá i mír 1 den Airteagal seo, tá feidhm freisin ag na sainmhínithe atá in Airteagal 2 de Threoir 2009/73/CE, agus atá ábhartha maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, cé is moite den sainmhíniú ar tharchur i bpointe 3 den Airteagal sin.

Ar an gcuma chéanna, tá feidhm ag na sainmhínithe i dtaca le tarchur a thugtar i bpointí 3 go 23 de mhír 1 den Airteagal seo maidir le saoráidí stórála agus GNL.

*Airteagal 3*

**Deimhniú ar oibreoirí na gcóras tarchurtha**

1. A luaithe is a fhaightear é, scrúdóidh an Coimisiún aon fhógra faoi chinneadh ar dheimhniúchán oibreora córas tarchurtha mar a leagtar síos é in Airteagal 10(6) de Threoir 2009/73/CE. Laistigh de dhá mhí ón lá a bhfaighidh sé an fógra sin, tabharfaidh an Coimisiún a thuairim don údarás rialála náisiúnta ábhartha i dtaca lena chomhoiriúnacht le hAirteagal 10(2) nó le hAirteagal 11, agus le hAirteagal 9 de Threoir 2009/73/CE.

Nuair atá an tuairim dá dtagraítear sa chéad fhomhír á hullmhú aige, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar an nGníomhaireacht a tuairim a thabhairt ar chinneadh an údaráis rialála náisiúnta. I gcás den sórt sin, déanfar an tréimhse dhá mhí dá dtagraítear sa chéad fhomhír a fhadú dhá mhí eile.

In éagmais tuairime ón gCoimisiún laistigh den tréimhse dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír, measfar nach bhfuil aon agóid ag an gCoimisiún i gcoinne chinneadh an údaráis rialála.

2. Laistigh de dhá mhí ón tráth a fhaightear tuairim ón gCoimisiún, glacfaidh an t-údarás rialála náisiúnta a chinneadh críochnaitheach maidir le deimhniúchán an oibreora córas tarchurtha, agus an aird is mó is féidir á tabhairt ar an tuairim sin. Foilseofar cinneadh an údaráis rialála agus tuairim an Choimisiúin in éineacht lena chéile.

3. Féadfaidh na húdaráis rialála agus/nó an Coimisiún, tráth ar bith le linn an nós imeachta, a iarraidh ar oibreoir córais tarchurtha agus/nó ar ghnóthas a dhéanann aon cheann de na feidhmeanna giniúna nó soláthair, aon fhaisnéis a sholáthar atá ábhartha maidir le comhlíonadh a gcúraimí faoin Airteagal seo.

4. Déanfaidh na húdaráis rialála agus an Coimisiún rúndacht aon fhaisnéise íogaire tráchtála a chaomhnú.

5. Féadfaidh an Coimisiún Treoirlínte a ghlacadh lena leagtar amach mionsonraí an nós imeachta a bheidh le leanúint chun mír 1 agus mír 2 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm. Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú trína fhorlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 28(2).

6. I gcás ina bhfaighidh an Coimisiún fógra faoi chinneadh ar dheimhniúchán oibreora córais tarchurtha faoi Airteagal 9(10) de Threoir 2009/73/CE, déanfaidh sé cinneadh a bhaineann le deimhniúchán. Comhlíonfaidh an t-údarás rialála cinneadh an Choimisiúin.

*Airteagal 4*

**Gréasán Eorpach na n-oibreoirí córas tarchurtha don ghás**

Comhoibreoidh na hoibreoirí córas tarchurtha uile ar leibhéal an Chomhphobail tríd an ENTSO don Ghás chun comhlánú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh sa ghás nádúrtha agus trádáil trasteorann a chur chun cinn agus chun bainistiú optamach, oibríocht chomhordaithe agus forás fónta teicniúil an ghréasáin tarchurtha Eorpaigh don ghás nádúrtha a áirithiú.

*Airteagal 5*

**An ENTSO don Ghás a bhunú**

1. Faoin 3 Márta 2011 déanfaidh na hoibreoirí córas tarchurtha don ghás dréacht-reachtanna, liosta comhaltaí agus dréacht-rialacha nós imeachta an ENTSO don Ghás a bheidh le bunú, lena n-áirítear rialacha nós imeachta a bhaineann leis an gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara eile, a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus na Gníomhaireachta.

2. Laistigh de dhá mhí ón lá a bhfaighfear iad, tar éis di dul i gcomhairle go foirmiúil le heagraíochtaí atá ionadaitheach do na páirtithe leasmhara uile, go háirithe úsáideoirí an chórais, lena n-áirítear custaiméirí, soláthróidh an Ghníomhaireacht tuairim don Choimisiún maidir leis na dréacht-reachtanna, maidir le liosta na gcomhaltaí agus maidir leis na dréacht-rialacha nós imeachta.

3. Tabharfaidh an Coimisiún tuairim maidir leis na dréacht-reachtanna, maidir le liosta na gcomhaltaí agus maidir leis na dréacht-rialacha nós imeachta, agus aird á tabhairt aige ar thuairim na Gníomhaireachta dá bhforáiltear i mír 2, agus déanfar amhlaidh laistigh de thrí mhí ón lá a bhfaighfear an tuairim ón nGníomhaireacht.

4. Laistigh de thrí mhí ón lá a bhfaighfear an tuairim ón gCoimisiún, bunóidh na hoibreoirí córas tarchurtha an ENTSO don Ghás, agus glacfaidh siad, agus foilseoidh siad, a reachtanna agus a rialacha nós imeachta.

*Airteagal 6*

**Cóid ghréasáin a bhunú**

1. Tar éis dó dul i gcomhairle leis an nGníomhaireacht, leis an ENTSO don Ghás agus leis na geallsealbhóirí ábhartha eile, bunóidh an Coimisiún liosta tosaíochta bliantúil lena sainaithneofar na réimsí a leagtar amach in Airteagal 8(6) mar réimsí a bheidh le cur san áireamh i bhforbairt na gcód gréasáin.

2. Iarrfaidh an Coimisiún ar an nGníomhaireacht creat-treoirlíne neamhcheangailteach (creat-treoirlíne) a chur faoina bhráid laistigh de thréimhse réasúnach nach faide ná sé mhí, ar treoirlíne í lena leagfar amach prionsabail a bheidh oibiachtúil agus soiléir, i gcomhréir le hAirteagal 8(7), maidir le forbairt cód gréasáin a bhaineann leis na réimsí arna sainaithint sa liosta tosaíochta. Rannchuideoidh gach creat-treoirlíne le neamh-idirdhealú, le hiomaíocht éifeachtach agus le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh a chur chun cinn. Ar iarraidh réasúnaithe ón nGníomhaireacht, féadfaidh an Coimisiún an tréimhse sin a fhadú.

3. Rachaidh an Ghníomhaireacht i gcomhairle go foirmiúil leis an ENTSO don Ghás agus leis na geallsealbhóirí ábhartha eile maidir leis an gcreat-treoirlíne, le linn tréimhse nach giorra ná dhá mhí, ar bhealach oscailte agus trédhearcach.

4. Má mheasann an Coimisiún nach rannchuidíonn an chreat-treoirlíne le neamh-idirdhealú, iomaíocht éifeachtach agus feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh, féadfaidh sé a iarraidh ar an nGníomhaireacht athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat-treoirlíne laistigh de thréimhse réasúnach agus í a chur faoi bhráid an Coimisiún athuair.

5. Má mhainníonn an Ghníomhaireacht creat-treoirlíne a chur faoi bhráid an Choimisiúin nó í a chur faoina bhráid athuair laistigh den tréimhse arna socrú ag an gCoimisiún faoi mhír 2 nó faoi mhír 4, tarraingeoidh an Coimisiún suas an chreat-treoirlíne neamhcheangailteach i dtrácht.

6. Iarrfaidh an Coimisiún ar an ENTSO don Ghás cód gréasáin atá i gcomhréir leis an gcreat-treoirlíne ábhartha a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta laistigh de thréimhse réasúnach nach faide ná 12 mhí.

7. Laistigh de thréimhse trí mhí ón lá a bhfaighfear cód gréasáin, ar tréimhse í a bhféadfaidh an Ghníomhaireacht dul i gcomhairle go foirmiúil leis na geallsealbhóirí ábhartha lena linn, soláthróidh an Ghníomhaireacht tuairim réasúnaithe don ENTSO don Ghás maidir leis an gcód gréasáin.

8. Féadfaidh an ENTSO don Ghás an cód gréasáin a leasú i bhfianaise thuairim na Gníomhaireachta agus é a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta athuair.

9. Nuair is deimhin leis an nGníomhaireacht go bhfuil an cód gréasáin i gcomhréir leis an gcreat-treoirlíne ábhartha, cuirfidh an Ghníomhaireacht an cód gréasáin faoi bhráid an Choimisiúin agus féadfaidh sí a mholadh go nglacfar é laistigh de thréimhse ama réasúnach. Mura nglacfaidh an Coimisiún an cód gréasáin, luafaidh sé na cúiseanna atá leis sin.

10. I gcás an ENTSO don Ghás a bheith tar éis mainneachtain cód gréasáin a fhorbairt laistigh den thréimhse ama a bheidh socraithe ag an gCoimisiún faoi mhír 6, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar an nGníomhaireacht dréachtchód gréasáin a ullmhú ar bhonn na creat-treoirlíne ábhartha. Féadfaidh an Ghníomhaireacht dul i mbun tuilleadh comhairliúcháin le linn dréachtchód gréasáin a ullmhú faoin mír seo. Déanfaidh an Ghníomhaireacht dréachtchód gréasáin, arna ullmhú faoin mír seo, a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus féadfaidh sí a mholadh go nglacfar é.

11. Féadfaidh an Coimisiún cód gréasáin amháin nó níos mó sna réimsí a liostaítear in Airteagal 8(6) a ghlacadh, ar a thionscnamh féin, i gcás an ENTSO don Ghás a bheith tar éis mainneachtain cód gréasáin a fhorbairt nó i gcás an Ghníomhaireacht a bheith tar éis mainneachtain dréachtchód gréasáin dá dtagraítear i mír 10 den Airteagal seo a ullmhú, nó ar mholadh ón nGníomhaireacht faoi mhír 9 den Airteagal seo.

I gcás ina mbeartóidh an Coimisiún cód gréasáin a ghlacadh ar a thionscnamh féin, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an nGníomhaireacht, leis an ENTSO don Ghás agus leis na geallsealbhóirí ábhartha uile maidir leis an dréachtchód gréasáin le linn tréimhse nach giorra ná dhá mhí. Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú trína fhorlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 28(2).

12. Beidh an tAirteagal seo gan dochar do cheart an Choimisiúin na Treoirlínte a ghlacadh agus a leasú mar atá leagtha síos in Airteagal 23.

*Airteagal 7*

**Leasuithe ar chóid ghréasáin**

1. Féadfaidh daoine ar dóigh dóibh leas a bheith acu sa chód gréasáin, lena n-áirítear an ENTSO don Ghás, oibreoirí córais tarchurtha, úsáideoirí córas agus tomhaltóirí, dréachtleasuithe ar aon chód gréasáin a ghlactar faoi Airteagal 6 a mholadh don Ghníomhaireacht. Ar a tionscnamh féin, féadfaidh an Ghníomhaireacht leasuithe a mholadh freisin.

2. Rachaidh an Ghníomhaireacht i gcomhairle leis na geallsealbhóirí go léir i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 9991/2009. Tar éis an phróisis sin, féadfaidh an Ghníomhaireacht tograí réasúnaithe le haghaidh leasuithe a chur chuig an gCoimisiún, á mhíniú conas atá na tograí sin i gcomhréir le cuspóirí na gcód gréasáin a leagtar amach in Airteagal 6(2) den Rialachán seo.

3. Féadfaidh an Coimisiún leasuithe a ghlacadh ar aon chód gréasáin arna ghlacadh faoi Airteagal 6, agus moltaí na Gníomhaireachta á gcur san áireamh aige. Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú trína fhorlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 28(2).

4. Le linn na leasuithe atá beartaithe faoin nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 28(2) a bheith á mbreithniú, ní bhreithneofar ach amháin na gnéithe a bhaineann leis an leasú atá beartaithe. Beidh na leasuithe sin atá beartaithe gan dochar do leasuithe eile a fhéadfaidh an Coimisiún a mholadh.

*Airteagal 8*

**Cúraimí an ENTSO don Ghás**

1. Tarraingeoidh an ENTSO don Ghás suas cóid ghréasáin sna réimsí dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo, arna iarraidh sin ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 6(6).

2. Féadfaidh an ENTSO don Ghás cóid ghréasáin a tharraingt suas sna réimsí a leagtar amach i mír 6 d'fhonn na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 4 a bhaint amach, i gcás nach mbainfidh na cóid sin le réimsí a chumhdaítear leis an iarraidh a dhíreoidh an Coimisiún chuige. Cuirfear na cóid ghréasáin sin faoi bhráid na Gníomhaireachta le go dtabharfaidh sí tuairim ina leith. Tabharfaidh an ENTSO don Ghás aird chuí ar an tuairim sin.

3. Glacfaidh an ENTSO don Ghás:

(a) uirlisí coiteanna d'oibriú an ghréasáin, lena áirithiú go ndéanfar comhordú ar oibriú an ghréasáin i ngnáthdhálaí agus i ndálaí éigeandála, lena n-áirítear scála coiteann chun teagmhais a aicmiú agus pleananna taighde;

(b) plean forbartha líonra neamhcheangailteach deich mbliana uile-Chomhphobail, (plean forbartha líonra uile-Chomhphobail), lena n-áirítear tuar Eorpach ar leordhóthanacht soláthair, gach dhá bhliain;

(c) moltaí maidir le comhordú an chomhair theicniúil idir oibreoirí córas tarchurtha sa Chomhphobal agus oibreoirí córas tarchurtha i dtríú tíortha;

(d) clár oibre bliantúil;

(e) tuarascáil bhliantúil;

(f) tuar bliantúil ar leordhóthanacht soláthair an tsamhraidh agus an gheimhridh.

4. Cumhdófar leis an tuar ar leordhóthanacht soláthair Eorpach dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 3, leordhóthanacht foriomlán an chórais gáis chun freastal ar éilimh reatha agus ar éilimh réamh-mheasta ar ghás don tréimhse cúig bliana atá le teacht chomh maith leis an tréimhse idir cúig bliana agus 10 mbliana ó dháta an tuair sin. Déanfaidh an tuar Eorpach ar leordhóthanacht soláthair forbairt na tuar náisiúnta ar leordhóthanacht soláthair a ullmhaíonn gach oibreoir córais tarchurtha ar leith.

5. Is é a bheidh sa chlár oibre bliantúil dá dtagraítear i bpointe (d) de mhír 3 ná liosta de na cóid ghréasáin atá le hullmhú agus tuairisc orthu, plean maidir le comhordú oibriú an ghréasáin agus gníomhaíochtaí taighde agus forbartha, a dhéanfar an bhliain sin, mar aon le féilire táscach.

6. Agus sainiúlachtaí réigiúnacha á gcur san áireamh, más iomchuí, cumhdóidh na cóid ghréasáin dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 na réimsí seo a leanas:

(a) rialacha maidir le slándáil agus iontaofacht an ghréasáin;

(b) rialacha maidir le nascadh leis an ngréasán;

(c) rialacha maidir le rochtain ag tríú páirtithe;

(d) rialacha maidir le malartú sonraí agus maidir le socrú sonraí;

(e) rialacha idir-inoibritheachta;

(f) nósanna imeachta oibríochtúla i gcás éigeandála;

(g) rialacha maidir le leithdháileadh acmhainne agus maidir le bainistiú ar phlódú;

(h) rialacha trádála a bhaineann le soláthar teicniúil agus oibríochtúil seirbhísí rochtana ar an ngréasán agus le comhardú an chórais;

(i) rialacha trédhearcachta;

(j) rialacha comhardúcháin lena n-áirítear rialacha a bhaineann le gréasáin maidir le nós imeachta ainmniúcháin, rialacha maidir le muirir i leith éagothroime agus rialacha maidir le comhardú oibríochtúil idir córais oibreoirí na gcóras tarchurtha;

(k) rialacha maidir le struchtúir chomhchuibhithe do tharaifí tarchurtha; agus

(l) éifeachtúlacht fuinnimh i dtaca le gréasáin gháis.

7. Déanfar na cóid ghréasáin a fhorbairt maidir le saincheisteanna a bhaineann le líonraí trasteorann agus saincheisteanna a bhaineann le comhtháthú an mhargaidh agus beidh siad gan dochar do cheart na mBallstát cóid ghréasáin náisiúnta a bhunú nach ndéanann difear don trádáil trasteorann.

8. Déanfaidh an ENTSO don Ghás faireachán agus anailís ar chur chun feidhme na gcód gréasáin agus na dTreoirlínte arna nglacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 6(11), agus ar a n-éifeacht ar chomhchuibhiú na rialacha is infheidhme agus arb é is aidhm dóibh comhtháthú an mhargaidh a éascú. Déanfaidh an ENTSO don Ghás a fhionnachtana a thuairisciú don Ghníomhaireacht agus déanfaidh sé torthaí na hanailíse a chur san áireamh sa tuarascáil bhliantúil dá dtagraítear i bpointe (e) de mhír 3 den Airteagal seo.

9. Déanfaidh an ENTSO don Ghás an fhaisnéis uile a chur ar fáil a éilíonn an Ghníomhaireacht chun a cúraimí a chomhlíonadh faoi Airteagal 9(1).

10. Gach dhá bhliain, glacfaidh agus foilseoidh an ENTSO don Ghás plean forbartha gréasáin uile-Chomhphobail dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 3. Cuimseofar samhaltú an ghréasáin chomhtháthaithe, forbairt cásanna, tuar Eorpach ar leordhóthanacht soláthair agus measúnú ar stóinseacht an chórais sa phlean forbartha uile-Chomhphobail.

Go háirithe, déanfar na nithe seo a leanas tríd an bplean forbartha gréasáin uile-Chomhphobail:

(a) cuirfidh sé le pleananna infheistíochta náisiúnta, agus aird á tabhairt ar phleananna infheistíochta réigiúnacha dá dtagraítear in Airteagal 12(1) agus, más iomchuí, ar na gnéithe Comhphobail den phleanáil gréasáin lena n-áirítear na treoirlínte do Ghréasáin Fuinnimh Tras-Eorpacha i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 1364/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1];

(b) i réimse na n-idirnascairí trasteorann, cuirfidh sé le riachtanais réasúnacha úsáideoirí na gcóras éagsúil agus déanfaidh sé gealltanais fhadtéarmacha ó infheisteoirí dá dtagraítear in Airteagal 14 agus in Airteagal 22 de Threoir 2009/73/CE; agus

(c) sainaithneofar sé bearnaí san infheistíocht, go háirithe maidir le hacmhainn trasteorann.

I dtaca le pointe (c) den dara fomhír, féadfar athbhreithniú a chur mar iarscríbhinn leis an bplean forbartha gréasáin uile-Chomhphobail, is é sin, athbhreithniú ar na bacainní atá ar mhéadú acmhainn trasteorann an ghréasáin agus a eascraíonn as nósanna imeachta nó cleachtais formheasta éagsúla.

11. Déanfaidh an Ghníomhaireacht athbhreithniú ar na pleananna forbartha gréasáin deich mbliana náisiúnta d'fhonn measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá siad i gcomhréir leis an bplean forbartha gréasáin deich mbliana uile-Chomhphobail. Má shainaithníonn an Ghníomhaireacht neamhréireachtaí idir plean forbartha gréasáin deich mbliana náisiúnta agus an plean forbartha gréasáin deich mbliana uile-Chomhphobail, molfaidh sé go ndéanfar an plean forbartha gréasáin náisiúnta nó an plean forbartha gréasáin deich mbliana uile-Chomhphobail a leasú de réir mar is cuí. Má fhorbraítear plean forbartha gréasáin náisiúnta deich mbliana den sórt sin i gcomhréir le hAirteagal 22 de Threoir 2009/73/CE, molfaidh an Ghníomhaireacht don údarás rialála náisiúnta inniúil an plean forbartha gréasáin deich mbliana náisiúnta a leasú i gcomhréir le hAirteagal 22(7) den Treoir sin agus cuirfidh sé an méid sin in iúl don Choimisiún.

12. Arna iarraidh sin don Choimisiún, tabharfaidh an ENTSO don Ghás a thuairimí don Choimisiún maidir le glacadh na dTreoirlínte de réir mar atá leagtha síos in Airteagal 23.

*Airteagal 9*

**An faireachán a dhéanfaidh an Ghníomhaireacht**

1. Déanfaidh an Ghníomhaireacht faireachán ar fhorghníomhú chúraimí an ENTSO don Ghás dá dtagraítear in Airteagal 8(1), (2) agus (3) agus tíolacfaidh sí tuarascáil don Choimisiún.

(1) IO L 262, 22.9.2006, lch. 1.

Déanfaidh an Ghníomhaireacht faireachán ar an mbealach a ndéanann an ENTSO don Ghás na cóid ghréasáin arna dtarraingt suas faoi Airteagal 8(2) agus na cóid ghréasáin arna bhforbairt i gcomhréir le hAirteagal 6(1) go dtí (10), ach nach bhfuil glactha ag an gCoimisiún faoi Airteagal 6(11), a chur chun feidhme. I gcás ina mbeidh an ENTSO don Ghás tar éis mainneachtain cóid ghréasáin den sórt sin a chur chun feidhme, iarrfaidh an Ghníomhaireacht ar an ENTSO don Ghás míniú cuí-réasúnaithe a thabhairt faoin gcúis gur mhainnigh sé déanamh amhlaidh. Cuirfidh an Ghníomhaireacht an míniú sin in iúl don Choimisiún agus tabharfaidh sí a tuairim ina leith.

Déanfaidh an Ghníomhaireacht faireachán agus anailís ar chur chun feidhme na gcód gréasáin agus na dTreoirlínte arna nglacadh ag an gCoimisiún de réir mar a leagtar síos in Airteagal 6(11), agus ar a n-éifeacht ar chomhchuibhiú na rialacha is infheidhme, arb é is aidhm dóibh comhtháthú an mhargaidh a éascú, agus ar neamh-idirdhealú, ar iomaíocht éifeachtach agus ar fheidhmiú éifeachtúil an mhargaidh, agus tíolacfaidh sí tuarascáil don Choimisiún.

2. Déanfaidh an ENTSO don Ghás an dréachtphlean forbartha gréasáin uile-Chomhphobail, an dréachtchlár oibre bliantúil, lena n-áirítear an fhaisnéis maidir leis an bpróiseas comhairliúcháin agus na doiciméid eile dá dtagraítear in Airteagal 8(3) a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta chun a tuairim a fháil.

Laistigh de thréimhse dhá mhí ón lá a bhfaighfear é, tabharfaidh an Ghníomhaireacht tuairim chuí-réasúnaithe, chomh maith le moltaí, don ENTSO don Ghás agus don Choimisiún, i gcás ina measfaidh sé nach rannchuideoidh an dréachtchlár oibre bliantúil nó an dréachtphlean forbartha gréasáin uile-Chomhphobail arna thíolacadh ag an ENTSO don Ghás le neamh-idirdhealú, le hiomaíocht éifeachtach nó le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh nó le leibhéal sásúil idirnaisc trasteorann a bheidh oscailte do rochtain ag tríú páirtithe.

*Airteagal 10*

**Comhairliúcháin**

1. Agus é ag ullmhú na gcód gréasáin, an dréachtphlean forbartha gréasáin uile-Chomhphobail agus an chláir oibre bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 8(1), (2) agus (3), seolfaidh an ENTSO don Ghás próiseas comhairliúcháin forleathan, ag céim luath agus ar bhealach trédhearcach agus oscailte, ina n-áireofar na rannpháirtithe ábhartha go léir sa mhargadh, agus, go háirithe, na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do na geallsealbhóirí uile, i gcomhréir lena rialacha nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 5(1). Áireofar sa chomhairliúchán sin na húdaráis rialála náisiúnta agus údaráis náisiúnta eile, gnóthais soláthair agus táirgthe, úsáideoirí gréasáin, lena n-áirítear custaiméirí, oibreoirí córas dáileacháin, lena n-áirítear comhlachais tionsclaíocha ábhartha agus comhlachtaí teicniúla agus grúpaí de gheallsealbhóirí. Is é a bheidh mar aidhm aige ná tuairimí agus tograí na bpáirtithe ábhartha uile a shainaithint i rith an phróisis cinnteoireachta.

2. Poibleofar na doiciméid agus na miontuairiscí uile a bhaineann leis na comhairliúcháin dá dtagraítear i mír 1.

3. Sula nglacfaidh sé an clár oibre bliantúil agus na cóid ghréasáin dá dtagraítear in Airteagal 8(1), (2) agus (3), tabharfaidh an ENTSO don Ghás le fios conas a rinneadh na barúlacha a fuarthas le linn an chomhairliúcháin a chur san áireamh. I gcás nach mbeidh barúlacha curtha san áireamh, tabharfaidh sé na cúiseanna atá leis sin.

*Airteagal 11*

**Costais**

Is iad na hoibreoirí córas tarchurtha a iompróidh na costais a bhaineann le gníomhaíochtaí an ENTSO don Ghás dá dtagraítear in Airteagal 4 go hAirteagal 12, agus cuirfear na costais sin san áireamh le linn taraifí a ríomh. Ní dhéanfaidh na húdaráis rialála na costais sin a fhormheas ach amháin má tá siad réasúnach agus comhréireach.

*Airteagal 12*

**Comhar réigiúnach idir na hoibreoirí córas tarchurtha**

1. Bunóidh na hoibreoirí córas tarchurtha comhar réigiúnach laistigh den ENTSO don Ghás d'fhonn rannchuidiú leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 8(1), (2) agus (3). Déanfaidh siad, go háirithe, plean infheistíochta réigiúnach a fhoilsiú gach dara bliain agus féadfaidh siad cinntí infheistíochta a ghlacadh a bheidh bunaithe ar an bplean infheistíochta réigiúnach sin.

2. Cuirfidh oibreoirí córas tarchurtha socruithe oibríochtúla chun cinn d'fhonn an bainistiú is fearr ar an ngréasán a áirithiú agus déanfaidh siad forbairt malartuithe fuinnimh, leithdháileadh comhordaithe acmhainne trasteorann trí réitigh neamh-idirdhealaitheacha margadh-bhunaithe, agus aird chuí á tabhairt ar thuillteanais shonracha na gceantanna intuigthe do leithdháileadh gearrthéarmach, agus comhtháthú na sásraí um chomhardú a chur chun cinn.

3. Chun na spriocanna atá leagtha síos i mír 1 agus i mír 2 a bhaint amach, féadfaidh an Coimisiún an limistéar geografach a chumhdaíonn gach struchtúr comhair réigiúnaigh a shainiú, ag féachaint do na struchtúir comhair réigiúnaigh atá ann cheana féin. Ceadófar do gach Ballstát comhar a chur chun cinn i níos mó ná limistéar geografach amháin. Maidir leis an mbeart dá dtagraítear sa chéad abairt, ar beart é atá cheaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú trína fhorlíonadh, glacfar é i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 28(2).

Chuige sin, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an nGníomhaireacht agus leis an ENTSO don Ghás.

*Airteagal 13*

**Taraifí chun rochtain a fháil ar ghréasáin**

1. Maidir leis na taraifí, nó na modheolaíochtaí a úsáidfear chun iad a ríomh, arna gcur i bhfeidhm ag oibreoirí na gcóras tarchurtha agus arna bhformheas ag na húdaráis rialála de bhun Airteagal 41(6) de Threoir 2009/73/CE, chomh maith leis na taraifí arna bhfoilsiú de bhun Airteagal 32(1) den Treoir sin, beidh siad trédhearcach, cuirfear san áireamh iontu an gá atá le sláine an chórais agus le feabhas a chur ar shláine an chórais agus déanfaidh siad léiriú a thabhairt ar na costais iarbhír a thabhaítear, a mhéid a fhreagraíonn na costais sin do chostais oibreora gréasáin atá éifeachtúil agus atá inchomparáide ó thaobh struchtúir de, agus a mhéid atá na costais sin trédhearcach, agus cuirfidh siad san áireamh toradh iomchuí ar infheistíochtaí, agus i gcás inarb iomchuí, cuirfidh siad san áireamh an tagarmharcáil a dhéanann na húdaráis rialála ar tharaifí. Maidir leis na taraifí, nó na modheolaíochtaí a úsáidfear chun iad a ríomh, cuirfear i bhfeidhm ar shlí neamh-idirdhealaitheach iad.

Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go bhféadfar taraifí a chinneadh freisin trí shocruithe margadh-bhunaithe amhail ceantanna, ar choinníoll go mbeidh na socruithe sin agus an t-ioncam a eascróidh astu formheasta ag an údarás rialúcháin.

Maidir leis na taraifí, nó na modheolaíochtaí a úsáidfear chun iad a ríomh, éascóidh siad an trádáil éifeachtúil sa ghás agus éascóidh siad an iomaíocht, agus ag am céanna seachnóidh siad crosfhóirdheontais idir úsáideoirí gréasán agus soláthróidh siad dreasachtaí don infheistíocht agus chun an idir-inoibritheacht a chothabháil nó a chruthú do ghréasáin tarchurtha.

Beidh na taraifí le haghaidh úsáideoirí gréasán neamh-idirdhealaitheach agus socrófar iad go leithleach le haghaidh gach pointe iontrála ar an gcóras tarchurtha agus gach pointe scoir as. Formheasfaidh na húdaráis naisiúnta rialála na sásraí chun costais a leithdháileadh agus an mhodheolaíocht chun rátaí a shocrú. Faoin 3 Meán Fómhair 2011, áiritheoidh na Ballstáit, tar éis idirthréimhse, nach ndéanfar muirir ghréasáin a ríomh ar bhonn conairí conartha.

2. Maidir leis na taraifí ar rochtain ar ghréasáin, ní shrianfaidh siad leachtacht an mhargaidh ná ní dhéanfaidh siad saobhadh ar an trádáil thar theorainneacha córas éagsúil tarchurtha. I gcás ina gcuirfeadh difríochtaí idir struchtúir taraifí nó idir sásraí comhardúcháin isteach ar an trádáil thar chórais tarchurtha, agus ainneoin Airteagal 41(6) de Threoir 2009/73/CE, déanfaidh oibreoirí córais tarchurtha rompu, i ndlúthchomhar leis na húdaráis náisiúnta ábhartha, an cóineasú ar struchtúir taraifí agus ar phrionsabail mhuirearúcháin, lena n-áirítear iad a bhaint amach i ndáil leis an gcomhardú, a shaothrú go gníomhach.

*Airteagal 14*

**Seirbhísí rochtana tríú páirtithe a bhaineann le hoibreoirí na gcóras tarchurtha**

1. Déanfaidh oibreoirí na gcóras tarchurtha an méid seo a leanas:

(a) áiritheoidh siad go dtairgfidh siad seirbhísí ar bhonn neamh-idirdhealaitheach do na húsáideoirí gréasáin uile;

(b) déanfaidh siad seirbhísí rochtana atá docht agus in-idirbhriste araon a sholáthar do thríú páirtithe. Léireofar i bpraghas na hacmhainne in-idirbhiste an dóchúlacht go dtarlóidh idirbhriseadh;

(c) tairgfidh siad seirbhísí fadtéarmacha agus seirbhísí gearrthéarmacha d'úsáideoirí na ngréasán.

Maidir le pointe (a) den chéad fhomhír, i gcás ina mbeidh an tseirbhís chéanna á tairiscint ag oibreoir córais tarchurtha do chustaiméirí éagsúla, déanfaidh sé amhlaidh faoi théarmaí conarthacha coibhéiseacha agus faoi choinníollacha conarthacha coibhéiseacha, agus conarthaí comhchuibhithe iompair nó cód coiteann gréasáin arna fhormheas ag an údarás inniúil i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 41 de Threoir 2009/73/CE á n-úsáid aige.

2. Ní bheidh de thoradh ar chonarthaí iompair a síníodh agus dátaí tosaithe neamhchaighdeánacha acu nó ar giorra a ré ná ré conartha chaighdeánaigh bhliantúil iompair, go mbeidh taraifí ann atá níos airde nó níos ísle go treallach ar taraifí iad nach léiríonn luach margaidh na seirbhíse, i gcomhréir leis an bprionsabal a leagtar síos in Airteagal 13(1).

3. I gcás inarb iomchuí, féadfar seirbhísí rochtana tríú páirtithe a dheonú, faoi réir ráthaíochtaí iomchuí ó úsáideoirí an ghréasáin maidir le creidmheasacht na n-úsáideoirí sin. Ní bheidh na ráthaíochtaí sin ina mbacainní míchuí ar iontráil sa mhargadh agus caithfidh siad a bheith neamh-idirdhealaitheach, trédhearcach agus comhréireach.

*Airteagal 15*

**Seirbhísí rochtana tríú páirtithe a bhaineann le saoráidí GNL**

1. Déanfaidh oibreoirí córais GNL agus oibreoirí córais stórála an méid seo a leanas:

(a) tairgfidh siad seirbhísí ar bhonn neamh-idirdhealaitheach do gach aon úsáideoir gréasáin a dhéanfaidh freastal ar éileamh an mhargaidh; go háirithe, i gcás ina dtairgfidh oibreoir córais GNL nó oibreoir córais stórála an tseirbhís chéanna do chustaiméirí éagsúla, déanfaidh sé amhlaidh de réir téarmaí agus coinníollacha conarthacha coibhéiseacha;

(b) tairgfidh siad seirbhísí atá comhoiriúnach le húsáid córas iompair gáis idirnasctha agus éascóidh siad rochtain trí chomhar leis an oibreoir córais tarchurtha; agus

(c) poibleoidh siad aon fhaisnéis ábhartha, go háirithe sonraí maidir le húsáid agus maidir le hinfhaighteacht seirbhísí, i dtréimhse ama atá comhoiriúnach leis na riachtanais réasúnta tráchtála atá ag úsáideoirí saoráidí GNL nó stórála, agus an foilsiú sin a bheith faoi réir faireacháin ag an údarás náisiúnta rialála.

2. Déanfaidh gach oibreoir córais stórála an méid seo a leanas:

(a) déanfaidh sé seirbhísí rochtana atá daingean agus in-idirbhriste araon a sholáthar do thríú páirtithe; léireofar i bpraghas na hacmhainne in-idirbhriste an dóchúlacht le hidirbhriseadh;

(b) déanfaidh sé seirbhísí fadtéarmacha agus seirbhísí gearrthéarmacha a thairiscint d'úsáideoirí na saoráidí stórála; agus

(c) déanfaidh sé seirbhísí cuachta agus seirbhísí díchuachta spáis stórála, in-insealltachta agus inseachadtachta a thairiscint d'úsáideoirí na saoráidí stórála.

3. Ní bheidh de thoradh ar na conarthaí GNL ná ar na conarthaí saoráidí stórála go mbeidh taraifí níos airde ann go treallach i gcás ina síneofar iad:

(a) lasmuigh de bhliain gháis nádúrtha a bhfuil dátaí tosaigh neamhchaighdeánacha aici;

(b) ar feadh ré is giorra ná an ré a bheadh i gceist le conradh caighdeánach GNL agus stórála ar bhonn bliantúil.

4. I gcás inarb iomchuí, féadfar seirbhísí rochtana tríú páirtithe a dheonú, faoi réir ráthaíochtaí iomchuí ó úsáideoirí an ghréasáin maidir le creidmheasacht na n-úsáideoirí sin. Ní bheidh ráthaíochtaí den sórt sin ina mbacainní míchuí ar iontráil sa mhargadh agus beidh siad neamh-idirdhealaitheach, trédhearcach agus comhréireach.

5. Beidh údar maith, agus é bunaithe ar shrianta teicniúla, leis na teorainneacha conarthacha ar an íosmhéid is gá d'acmhainn saoráide GNL agus d'acmhainn stórála, agus ceadóidh siad d'úsáideoirí stórála atá níos lú rochtain a fháil ar sheirbhísí stórála.

*Airteagal 16*

**Prionsabail maidir le sásraí do leithdháileadh acmhainne agus nósanna imeachta um bainistiú ar phlódú a bhaineann le hoibreoirí na gcóras tarchurtha**

1. Déanfar an acmhainn uasta ag na pointí ábhartha uile dá dtagraítear in Airteagal 18(3) a chur ar fáil do na rannpháirtithe sa mhargadh, agus sláine an chórais agus oibriú éifeachtúil an ghréasáin á gcur san áireamh.

2. Déanfaidh an t-oibreoir córais tarchurtha sásraí neamh-idirdhealaitheacha, trédhearcacha leithdháilte acmhainne a chur chun feidhme agus foilseoidh sé iad agus déanfar mar a leanas leis na sásraí sin:

(a) cuirfidh siad comharthaí iomchuí eacnamaíocha ar fáil maidir le húsáid éifeachtúil uasta na hacmhainne teicniúla agus éascóidh siad an infheistíocht i mbonneagar nua agus eascóidh siad malartuithe trasteorann sa ghás nadúrtha;

(b) beidh siad comhoiriúnach leis na sásraí margaidh, lena n-áirítear spotmhargaí agus moil trádála, agus beidh siad solúbtha agus beidh ar a gcumas, an tráth céanna, iad féin a chur in oiriúint d'imthosca margaidh atá i mbun forbartha; agus

(c) beidh siad comhoiriúnach le córais na mBallstát um rochtain ar ghréasáin.

3. Cuirfidh an t-oibreoir córais tarchurtha chun feidhme agus foilseoidh sé nósanna imeachta neamh-idirdhealaitheacha trédhearcacha um bainistiú ar phlódú ar nósanna imeachta iad a éascóidh malartuithe trasteorann sa ghás nádúrtha ar bhonn neamh-idirdhealaitheach agus a bheidh bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

(a) i gcás plódaithe chonarthaigh, go dtairgfidh an t-oibreoir córais tarchurtha an acmhainn atá gan úsáid ar an margadh príomha ar bhonn lá roimh ré agus ar bhonn in-idirbhriste ar a laghad; agus

(b) go mbeidh úsáideoirí gréasán ar mian leo an acmhainn chonarthach gan úsáid atá acu i dteideal í a athdhíol nó a fholigean ar an margadh tánaisteach.

Maidir le pointe (b) den chéad fhomhír, féadfaidh Ballstát a cheangal go dtabharfaidh usáideoirí gréasáin fógra nó faisnéis d'oibreoir an chórais tarchurtha.

4. I gcás ina mbeidh plódú fisiceach ann, cuirfidh oibreoir an chórais tarchurtha nó, de réir mar is iomchuí, na húdaráis rialála sásraí neamh-idirdhealaitheacha, trédhearcacha leithdháilte acmhainne i bhfeidhm.

5. Déanfaidh oibreoirí na gcóras tarchurtha measúnú go rialta ar éileamh an mhargaidh ar infheistíocht nua. Agus infheistíochtaí nua á bpleanáil, déanfaidh oibreoirí na gcóras tarchurtha measúnú ar éileamh an mhargaidh agus cuirfidh siad cinnteacht an tsoláthair san áireamh.

*Airteagal 17*

**Prionsabail maidir le sásraí leithdháilte acmhainne agus nósanna imeachta um bainistiú ar phlódú a bhaineann le saoráidí stórála agus le saoráidí GNL**

1. Cuirfear an t-uasmhéid acmhainne stórála agus an t-uasmhéid acmhainne saoráide GNL ar fáil do rannpháirtithe sa mhargadh, agus sláine agus oibriú an chórais á gcur san áireamh.

2. Déanfaidh oibreoirí córais GNL agus oibreoirí córais stórála sásraí neamh-idirdhealaitheacha trédhearcacha leithdháilte acmhainne a chur chun feidhme agus foilseoidh sé iad, agus déanfar mar a leanas leis na sásraí sin:

(a) cuirfidh siad comharthaí iomchuí eacnamaíocha ar fáil maidir le húsáid éifeachtúil uasta na hacmhainne agus éascóidh siad an infheistíocht i mbonneagar nua;

(b) beidh siad comhoiriúnach le sásra an mhargaidh lena n-áirítear spotmhargaí agus moil trádála, agus beidh siad solúbtha an tráth céanna, agus beidh ar a gcumas iad féin a chur in oiriúint do na himthosca margaidh atá i mbun forbartha; agus

(c) beidh siad comhoiriúnach leis na córais idirnasctha um rochtain ar ghréasáin.

3. Áireofar bearta i gconarthaí na saoráidí GNL agus na saoráidí stórála chun bac a chur le cnapaireacht acmhainne, trí na prionsabail seo a leanas a chur san áireamh, a mbeidh feidhm acu i gcásanna plódaithe chonarthaigh:

(a) ní mór d'oibreoir córais an acmhainn saoráide GNL agus an acmhainn stórála nach bhfuil in úsáid sa mhargadh príomha a thairiscint gan mhoill; i gcás na saoráidí stórála, tarlóidh sé seo ar bhonn lá roimh ré agus ar bhonn in-idirbhriste ar a laghad;

(b) ní mór go mbeidh úsáideoirí saoráidí GNL agus saoráidí stórála ar mian leo a n-acmhainn chonarthach a athdhíol ar an margadh tánaisteach i dteideal déanamh amhlaidh.

*Airteagal 18*

**Ceanglais trédhearcachta a bhaineann le hoibreoirí na gcóras tarchurtha**

1. Poibleoidh oibreoir an chórais tarchurtha faisnéis mhionsonraithe maidir leis na seirbhísí a bheidh á dtairiscint aige agus maidir leis na coinníollacha ábhartha a chuirfear i bhfeidhm, i dteannta na faisnéise teicniúla is gá le go mbeidh rochtain éifeachtach ar ghréasáin ag úsáideoirí na ngréasán.

2. Chun go n-áiritheofar go mbeidh taraifí trédhearcacha, oibiachtúla, neamh-idirdhealaitheacha ann agus chun go n-éascófar úsáid éifeachtúil ghréasán an gháis, foilseoidh oibreoirí na gcóras tarchurtha nó na húdaráis náisiúnta ábhartha faisnéis atá réasúnta mionsonraithe agus atá mionsonraithe go leordhóthanach maidir le díorthú taraife, modheolaíocht taraife agus struchtúr taraife.

3. Maidir leis na seirbhísí a sholáthraíonn siad, poibleoidh oibreoirí na gcóras tarchurtha uile faisnéis faoi na hacmhainní teicniúla, faoi na hacmhainní conarthacha agus faoi na hacmhainní atá ar fáil, ar bhonn uimhriúil do na pointí ábhartha uile, lena n-áirítear na pointí iontrála agus na pointí scoir, ar bhonn rialta atrátha agus ar bhealach caighdeánaithe agus furasta a úsáid.

4. Maidir le pointí ábhartha an chórais tarchurtha a bhfuil an fhaisnéis ina leith le poibliú, formheasfaidh na húdaráis inniúla iad tar éis dul i gcomhairle le húsáideoirí an ghréasáin.

5. Maidir leis an bhfaisnéis a cheanglaítear leis an Rialachán seo a thabhairt, nochtfaidh oibreoir an chórais tarchurtha i gcónaí í ar bhealach atá bríoch, atá soiléir ar dhóigh inchainníochtaithe agus atá inrochtana go héasca agus ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.

6. Poibleoidh oibreoir an chórais tarchurtha faisnéis *ex-ante* agus *ex-post* a bhaineann le soláthar agus le héileamh, is faisneis a bheidh bunaithe ar ainmniúcháin, ar réamhaisnéisí agus ar shreabha réadaithe isteach sa chóras agus amach as an gcóras. Áiritheoidh an t-údarás náisiúnta rialála go gcuirfear an fhaisnéis sin go léir ar fáil don phobal. Léireoidh leibhéal mionsonraithe na faisnéise a phoibleofar an fhaisnéis atá ar fáil d'oibreoir an chórais tarchurtha.

Poibleoidh oibreoir an chórais tarchurtha na bearta a glacadh agus na costais a tabhaíodh agus an t-ioncam a gineadh chun an córas a chomhardú.

Déanfaidh na rannpháirtithe sa mhargadh lena mbaineann na sonraí dá dtagraítear san Airteagal seo a sholáthar d'oibreoir an chórais tarchurtha.

*Airteagal 19*

**Ceanglais trédhearcachta a bhaineann le saoráidí stórála agus le saoráidí GNL**

1. Poibleoidh gach oibreoir córais GNL agus gach oibreoir córais stórála faisnéis mhionsonraithe a bhaineann leis na seirbhísí a thairgeann sé agus leis na coinníollacha ábhartha a chuirtear i bhfeidhm, mar aon leis an bhfaisnéis theicniúil is gá d'úsáideoirí na saoráidí GNL agus na saoráidí stórála chun rochtain éifeachtach a fháil ar na saoráidí GNL agus ar na saoráidí stórála.

2. Poibleoidh gach oibreoir córais GNL agus gach oibreoir córais stórála, i leith na seirbhísí arna soláthar acu, faisnéis maidir leis an acmhainn chonarthach stórála agus GNL atá ar fáil ar bhonn uimhriúil, ar bhonn rialta agus atrátha agus i slí chaighdeánaithe atá furasta le húsáid.

3. Maidir leis an bhfaisnéis a cheanglaítear leis an Rialachán seo a thabhairt, nochtfaidh gach oibreoir córais GNL agus gach oibreoir córais stórála i gcónaí í ar bhealach atá bríoch, atá soiléir ar dhóigh inchainníochtaithe agus atá inrochtana go héasca agus ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.

4. Poibleoidh gach oibreoir córais GNL agus córais stórála an méid gáis atá i ngach saoráid stórála nó GNL, nó i ngach ngrúpa saoráidí stórála má fhreagraíonn sé sin don chaoi a dtairgtear an rochtain d'úsáideoirí na gcóras, an t-insreabhadh agus an t-eis-sreabhadh, agus an acmhainn stórála agus GNL atá ar fáil, lena n-áirítear na saoráidí sin atá díolmhaithe ó rochtain do thríú páirtithe. Cuirfear an fhaisnéis sin in iúl freisin d'oibreoir an chórais tarchurtha agus poibleoidh an t-oibreoir sin ar leibhéal comhiomlánaithe í i gcomhair gach córais nó gach fochórais ar leith mar a shainmhínítear leis na pointí ábhartha. Déanfar an fhaisnéis a uasdátú go laethúil ar a laghad.

I gcásanna inar úsáideoir córais stórála an t-aon úsáideoir amháin maidir le saoráid stórála, féadfaidh úsáideoir an chórais stórála iarraidh réasúnaithe a chur faoi bhráid an údaráis rialála náisiúnta go ndéileálfar faoi rún leis na sonraí dá dtagraítear sa chéad fhomhír. I gcás ina gcinnfidh an t-údarás rialála náisiúnta go bhfuil údar maith leis an iarraidh sin, go háirithe nuair a chuirtear san áireamh an gá atá le leas dlisteanach chosaint na rún gnó, a mbeadh tionchar diúltach ag gabháil lena nochtadh ar straitéis tráchtála fhoriomlán úsáideoir na stórála, a chomhardú leis an gcuspóir atá ann margadh inmheánach iomaíoch a chruthú don ghás, féadfaidh sé a cheadú nach bpoibleoidh oibreoir an chórais stórála na sonraí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, go ceann ré nach faide ná bliain.

Beidh feidhm ag an dara fomhír gan dochar d'oibleagáidí oibreoir an chórais tarchurtha maidir le cumarsáid agus maidir le poibliú, mura rud é go bhfuil na sonraí comhiomlánaithe comhionann le sonraí leithleacha an chórais stórála a bhfuil formheas tugtha i leith a neamhphoibliú ag an údarás rialála náisiúnta.

5. D'fhonn taraifí trédhearcacha, oibiachtúla, neamh-idirdhealaitheacha a áirithiú agus d'fhonn úsáid éifeachtúil an bhonneagair a éascú, déanfaidh oibreoirí na saoráidí LNG agus na saoráidí stórála nó na húdaráis rialála ábhartha faisnéis a phoibliú atá mionsonraithe go leor maidir le díorthú taraife, na modheolaíochtaí taraife agus na struchtúir taraife le haghaidh bonneagair a thagann faoi réim rochtana rialaithe ag tríú páirtí.

*Airteagal 20*

**Oibreoirí córais do choimeád taifead**

Déanfaidh oibreoirí na gcóras tarchurtha, oibreoirí na gcóras stórála agus oibreoirí na gcóras GNL an fhaisnéis uile dá dtagraítear in Airteagal 18 agus in Airteagal 19 agus i gCuid 3 d'Iarscríbhinn I a choimeád ar fáil, go ceann tréimhse cúig bliana, do na húdaráis náisiúnta, lena n-áirítear an t-údarás rialála náisiúnta, an t-údarás iomaíochta naisiúnta agus an Coimisiún.

*Airteagal 21*

**Rialacha comhardúcháin agus muirir i leith éagothroime**

1. Déanfar na rialacha comhardúcháin a cheapadh ar bhealach cóir, neamh-idirdhealaitheach agus beidh siad bunaithe ar chritéir oibiachtúla. Léireoidh na rialacha comhardúcháin fíor-riachtanais an chórais, agus na hacmhainní atá ar fáil ag oibreoir an chórais tarchurtha á gcur san áireamh. Beidh na rialacha comhardúcháin bunaithe ar an margadh.

2. Chun go n-éascófar glacadh tráthúil beart ceartaitheach ag úsáideoirí gréasán, soláthróidh oibreoir córais tarchurtha faisnéis leordhóthanach, thráthúil, iontaofa ar-líne maidir le stádas comhardúcháin na n-úsáideoirí gréasán.

Léireoidh an fhaisnéis a sholáthrófar an leibhéal faisnéise atá ar fáil d'oibreoir an chórais tarchurtha agus an tréimhse shocraíochta dá ríomhtar muirir i leith éagothroime.

Ní ghearrfar aon táille ar sholáthar faisnéise faoin mhír seo.

3. Beidh na muirir i leith éagothroime costas-léiritheach, a oiread is féidir, agus an tráth céanna beidh dreasachtaí ann d'úsáideoirí gréasán a n-ionchur gáis agus a n-aistarraingt gáis a chomhardú. Seachnóidh siad an trasfhóirdheontasú idir úsáideoirí gréasán agus ní chuirfidh siad bac ar iontrálaithe nua sa mhargadh.

Maidir le haon mhodheolaíocht chun muirir i leith éagothroime, chomh maith leis na taraifí deiridh, a ríomh, poibleoidh na húdaráis inniúla nó oibreoir an chórais tarchurtha iad, de réir mar is iomchuí.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh oibreoirí na gcóras tarchurtha a ndícheall chun comhchuibhiú a dhéanamh ar na réimis chomhardúcháin agus chun sruthlíniú a dhéanamh ar struchtúir agus ar leibhéal na muirear comhardúcháin chun an trádáil sa ghás a éascú.

*Airteagal 22*

**Trádáil i gcearta acmhainne**

Glacfaidh gach oibreoir córais tarchurtha, córais stórála agus córais GNL bearta réasúnta chun a cheadú go bhféadfar na cearta acmhainne a thrádáil faoi shaoirse agus chun an trádáil sin a éascú ar shlí thrédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Déanfaidh gach oibreoir den sórt sin conarthaí, agus nósanna imeachta comhchuibhithe maidir le hiompar, saoráidí GNL agus stóráil, a fhorbairt ar an margadh príomha chun trádáil thánaisteach acmhainne a éascú agus aithneoidh siad aistriú na gceart acmhainne príomha i gcás ina dtabharfaidh úsáideoirí an chórais fógra dóibh faoi.

Tabharfar fógra do na húdaráis rialála faoi na conarthaí agus na nósanna imeachta comhchuibhithe a bhaineann le hiompar, le saoráidí GNL agus le stóráil.

*Airteagal 23*

**Treoirlínte**

1. I gcás inarb iomchuí, sonrófar an méid seo a leanas i dTreoirlínte lena dtabharfar an méid íosta comhchuibhiúcháin is gá chun aidhmeanna an Rialacháin seo a bhaint amach:

(a) sonraí maidir leis na seirbhísí rochtana tríú páirtithe, lena n-áirítear cineál, ré agus ceanglais eile na seirbhísí sin, i gcomhréir le hAirteagal 14 agus Airteagal 15;

(b) sonraí maidir leis na prionsabail is bun leis na sásraí maidir le leithdháileadh acmhainne agus sonraí maidir le cur i bhfeidhm nósanna imeachta um bainistiú ar phlódú i gcás plódaithe chonarthaigh, i gcomhréir le hAirteagal 16 agus Airteagal 17;

(c) sonraí maidir le soláthar faisnéise agus sainmhíniú ar an bhfaisnéis theicniúil a bhfuil gá ag úsáideoirí gréasán léi chun rochtain éifeachtach a fháil ar an gcóras agus sainmhíniú ar na pointí ábhartha go léir a bhaineann le ceanglais trédhearcachta, lena n-áirítear an fhaisnéis is gá a fhoilsiú ag na pointí ábhartha go léir agus an sceideal ama a leanfar agus an fhaisnéis seo á foilsiú, i gcomhréir le hAirteagal 18 agus Airteagal 19;

(d) sonraí maidir leis an modheolaíocht i leith taraifí i ndáil le trádáil trasteorann sa ghás nádúrtha, i gcomhréir le hAirteagal 13;

(e) sonraí maidir leis na réimsí a liostaítear in Airteagal 8(6).

Chun na críche sin, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an nGníomhaireacht agus leis an ENTSO don Ghás.

2. Tá treoirlínte maidir leis na saincheisteanna a liostaítear i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) de mhír 1 leagtha síos in Iarscríbhinn I maidir le hoibreoirí na gcóras tarchurtha.

Féadfaidh an Coimisiún treoirlínte a ghlacadh maidir leis na saincheisteanna a liostaítear i mír 1 den Airteagal seo agus leasú a dhéanamh ar na Treoirlínte dá dtagraítear i bpointe (a), pointe (b) agus pointe (c) de. Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, *inter alia* trína fhorlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 28(2).

3. Maidir le cur i bhfeidhm agus leasú na dTreoirlínte arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo, léireoidh siad na difríochtaí atá idir na córais náisiúnta gáis, agus dá bhrí sin, ní bheidh gá le téarmaí ná le coinníollacha mionsonraithe aonfhoirmeacha maidir le rochtain ag tríú páirtithe ar leibhéal an Chomhphobail. Féadfar ceanglais íosta a leagan síos leo, áfach, chun coinníollacha neamh-idirdhealaitheacha, trédhearcacha rochtana a bheidh le comhlíonadh chun margadh inmheánach sa ghás nádúrtha a bhaint amach, ar ceanglais iad a fhéadfar a chur i bhfeidhm ina dhiaidh sin i bhfianaise na ndifríochtaí atá idir na córais náisiúnta gáis.

*Airteagal 24*

**Údaráis rialála**

Agus a bhfreagrachtaí faoin Rialachán seo á bhfeidhmiú acu, áiritheoidh na húdaráis rialála go gcomhlíonfar an Rialachán seo agus na Treoirlínte arna nglacadh de bhun Airteagal 23.

I gcás inarb iomchuí, rachaidh siad i gcomhar lena chéile, leis an gCoimisiún agus leis an nGníomhaireacht i gcomhlíonadh Chaibidil VIII de Threoir 2009/73/CE.

*Airteagal 25*

**Faisnéis a sholáthar**

Déanfaidh na Ballstáit agus na húdaráis rialála an fhaisnéis go léir is gá chun críocha Airteagal 23 a sholáthar don Choimisiún, arna iarraidh sin.

Socróidh an Coimisiún teorainn ama réasúnach chun an fhaisnéis a sholáthar, agus castacht na faisnéise is gá agus an phráinn a ghabhann leis an ngá sin á gcur san áireamh.

*Airteagal 26*

**Ceart na mBallstát foráil a dhéanamh maidir le bearta níos mionsonraithe**

Beidh an Rialachán seo gan dochar do chearta na mBallstát bearta a choimeád ar bun nó a thabhairt isteach ar bearta iad ina bhfuil forálacha níos mionsonraithe ná na forálacha a leagtar amach sa Rialachán seo nó sna Treoirlínte dá dtagraítear in Airteagal 23.

*Airteagal 27*

**Pionóis**

1. Leagfaidh na Ballstáit síos rialacha maidir le pionóis a bheidh infheidhme i leith sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo agus glacfaidh siad na bearta uile is gá lena áirithiú go gcuirfear na forálacha sin chun feidhme. Ní mór do na pionóis dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Déanfaidh na Ballstáit, faoin 1 Iúil 2006, fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis na rialacha sin, ar rialacha iad a chomhfhreagraíonn do na forálacha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005 agus tabharfaidh siad fógra don Choimisiún gan mhoill maidir le haon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh. Tabharfaidh siad fógra don Choimisiún maidir leis na rialacha sin nach gcomhfhreagraíonn d'fhorálacha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005 faoin 3 Meán Fómhair 2009 agus tabharfaidh siad fógra gan mhoill don Choimisiún maidir le haon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

2. Ní pionóis de chineál dlí choiriúil a bheidh sna pionóis dá bhforáiltear de bhun mhír 1.

*Airteagal 28*

**An nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh an coiste arna chur ar bun le hAirteagal 51 de Threoir 2009/73/CE cúnamh don Choimisiún.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5a(1) go (4) agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.

*Airteagal 29*

**Tuarascáil an Choimisiúin**

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme an Rialacháin seo. Ina thuarascáil faoi Airteagal 52(6) de Threoir 2009/73/CE, tabharfaidh an Coimisiún tuairisc freisin ar an taithí a fuarthas agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm. Go háirithe, déanfar scrúdú leis an tuarascáil ar a mhéid a d'éirigh leis an Rialachán seo coinníollacha neamh-idirdhealaitheacha agus costas-léiritheacha a áirithiú do rochtain ar an ngréasán i gcomhair gréasán tarchurtha gáis, d'fhonn rannchuidiú leis an rogha atá ag an gcustaiméir i margadh inmheánach atá ag feidhmiú go maith agus d'fhonn cur le cinnteacht fhadtéarmach an tsoláthair. Más gá, beidh tograí agus/nó moltaí iomchuí ann in éineacht leis an tuarascáil.

*Airteagal 30*

**Maoluithe agus díolúintí**

Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) córais tarchurtha gáis nádúrtha atá suite i mBallstáit, ar feadh ré na maoluithe arna ndeonú faoi Airteagal 49 de Threoir 2009/73/CE;

(b) mórbhonneagar nua, i.e. idirnascairí, saoráidí GNL agus saoráidí stórála, agus méaduithe suntasacha ar acmhainn sa bhonneagar reatha agus modhnuithe ar bhonneagar den sórt sin lena gcumasaítear foinsí nua a fhorbairt don soláthar gáis dá dtagraítear in Airteagal 36(1) agus (2) de Threoir 2009/73/CE, atá díolmhaithe ó fhorálacha Airteagail 9, 14, 32, 33, 34 nó Airteagal 41(6), (8) agus (10) den Treoir sin, fad atá siad díolmhaithe ó na forálacha dá dtagraítear san fhomhír seo, cé is moite d'Airteagal 19(4) den Rialachán seo; nó

(c) córais tarchurtha gáis nádúrtha ar deonaíodh maoluithe dóibh faoi Airteagal 48 de Threoir 2009/73/CE.

Maidir le pointe (a) den chéad fhomhír, féadfaidh na Ballstáit ar deonaíodh maolú dóibh faoi Airteagal 49 de Threoir 2009/73/CE, iarratas a chur chuig an gCoimisiún ar mhaolú sealadach ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ar feadh tréimhse suas go dhá bhliain ón dáta a rachaidh an maolú dá dtagraítear sa phointe seo in éag.

*Airteagal 31*

**Aisghairm**

Aisghairfear Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005 ón 3 Márta 2011. Deánfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn II.

*Airteagal 32*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 3 Meán Fómhair 2009.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Iúil 2009.

| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle,* |
|---|---|
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |
| H.-G. PÖTTERING | E. ERLANDSSON |

*IARSCRÍBHINN I*

**TREOIRLÍNTE MAIDIR LEIS NA NITHE SEO A LEANAS**

1. **Seirbhísí rochtana tríú páirtithe a bhaineann le hoibreoirí córas tarchurtha**

1. Déanfaidh oibreoirí córas tarchurtha seirbhísí daingne agus in-idirbhriste a thairiscint síos go híostréimhse aon lae amháin.

2. Déanfar conarthaí comhchuibhithe iompair agus cóid ghréasáin chomhchoiteanna a cheapadh ar bhealach a éascóidh trádáil agus athúsáid acmhainne conarthaí ag úsáideoirí gréasáin gan bac a chur ar scaoileadh acmhainne.

3. Forbróidh oibreoirí córas tarchurtha cóid ghréasáin agus conarthaí comhchuibhithe tar éis comhairliúchán cuí a dhéanamh leis na húsáideoirí lionra.

4. Déanfaidh oibreoirí córas tarchurtha nósanna imeachta caighdeánaithe a chur chun feidhme maidir le hainmniúchán agus athainmniúchán. Forbróidh siad córais faisnéise agus modhanna leictreonacha cumarsáide chun sonraí leordhóthanacha a sholáthar d'úsáideoirí gréasáin agus chun na hidirbhearta a shimpliú, amhail ainmniúcháin, conarthaí maidir le hacmhainn agus aistriú ceart acmhainne idir úsáideoirí gréasáin.

5. Comhchuibheoidh oibreoirí córas tarchurtha nósanna imeachta foirmiúla um iarraidh agus agaí freagartha de réir an dea-chleachtais thionsclaíoch d'fhonn na hagaí freagartha a íoslaghdú. Tráth nach déanaí ná an 1 Iúil 2006, agus tar éis dóibh dul i gcomhairle leis na húsáideoirí ábhartha gréasáin, déanfaidh siad foráil maidir le córais ar-líne, scáileánbhunaithe i gcomhair áirithiú agus daingniú a dhéanamh agus maidir le nósanna imeachta ainmniúcháin agus athainmniúcháin.

6. Ní ghearrfaidh oibreoirí córas tarchurtha táillí ar leith ar úsáideoirí gréasáin as iarrataí ar fhaisnéis agus as idirbhearta a bhaineann lena gconarthaí iompair agus a chuirtear i gcrích de réir rialacha agus nósanna imeachta caighdeánacha.

7. Maidir le hiarrataí ar fhaisnéis a dteastaíonn costais urghnácha nó costais iomarcacha ina leith, amhail staidéir féidearthachta, féadfar muirir ar leith a ghearradh ina leith, ar choinníoll gur féidir na táillí sin a mhíniú mar is cuí.

8. Comhoibreoidh oibreoirí córas tarchurtha le hoibreoirí córas tarchurtha eile chun cothabháil a ngréasán faoi seach a chomhordú d'fhonn aon chur isteach ar sheirbhísí tarchurtha a íoslaghdú d'úsáideoirí gréasáin agus d'oibreoirí córas tarchurtha i gceantair eile agus d'fhonn a áirithiú go mbeidh sochair chothroma ann ó thaobh chinnteacht an tsoláthair, lena n-áirítear i dtaca le hidirthuras.

9. Déanfaidh na hoibreoirí córais tarchurtha, go bliantúil ar a laghad, roimh spriocdháta réamhshocraithe, na tréimhsí cothabhála go léir atá beartaithe agus a bhféadfadh difear a dhéanamh do chearta úsáideoirí gréasáin a thagann ó chonarthaí iompair an fhaisnéis oibríochtúil chomhfhreagrach mar aon le réamhfhógra leordhóthanach a fhoilsiú. Áireofar leis sin go bhfoilseofar, ar bhonn pras neamh-idirdhealaitheach, aon athruithe ar na tréimhsí cothabhála atá beartaithe agus go dtabharfar fógra faoi chothabháil neamhphleanáilte, a luaithe atá an fhaisnéis sin ar fáil don oibreoir córais tarchurtha. Le linn na dtréimhsí cothabhála, foilseoidh na hoibreoirí córais tarchurtha faisnéis a dhéantar a uasdátú go tráthrialta maidir le mionsonraí na cothabhála agus maidir leis an ré a cheaptar a bheidh sí ar siúl agus an éifeacht a bheidh aici.

10. Déanfaidh na hoibreoirí córais tarchurtha cuntas laethúil a choimeád maidir leis an gcothabháil iarbhír agus maidir leis an gcur isteach iarbhír ar shreabhadh a tharla, agus cuirfidh siad ar fáil don údarás inniúil é, arna iarraidh sin dó. Cuirfear an fhaisnéis ar fáil freisin dóibh siúd a ndearna an cur isteach difear dóibh, arna iarraidh sin dóibh.

2. **Prionsabail maidir le sásraí leithdháilte acmhainne agus nósanna imeachta bainistithe ar phlódú a bhaineann le hoibreoirí córais tarchurtha agus cur i bhfeidhm na nithe sin i gcás plódaithe chonarthaigh**

2.1. *Prionsabail maidir le sásraí leithdháilte acmhainne agus nósanna imeachta bainistithe ar phlódú maidir le hoibreoirí córais tarchurtha*

1. Maidir le meicníochtaí leithdháilte acmhainne agus nósanna imeachta um bainistiú ar phlódú, éascóidh siad forbairt na hiomaíochta agus forbairt thrádáil leachtach na hacmhainne agus beidh siad comhoiriúnach le sásraí margaidh lena n-áirítear spotmhargaí agus moil trádála. Beidh siad solúbtha agus beidh siad in ann iad féin a chur in oiriúint do chúinsí athraitheacha an mhargaidh.

2. Cuirfear san áireamh sna meicníochtaí agus sna nósanna imeachta sin sláine an chórais lena mbaineann mar aon le cinnteacht an tsoláthair.

3. Ní bheidh na sásraí agus na nósanna imeachta sin ina mbac ar iontráil rannpháirtithe nua sa mhargadh ná ní chruthóidh siad bacainní míchuí ó thaobh iontráil isteach sa margadh. Ní chuirfidh siad cosc ar rannpháirtithe sa mhargadh, lena n-áirítear iontrálaithe nua sa mhargadh agus cuideachtaí a bhfuil sciar bheag den mhargadh acu, ó dhul in iomaíocht go héifeachtach.

4. Leis na sásraí agus na nósanna imeachta sin, soláthrófar comharthaí iomchuí eacnamaíocha maidir le húsáid éifeachtach uasta na hacmhainne teicniúla agus éascóidh siad an infheistíocht i mbonneagar nua.

5. Cuirfear úsáideoirí gréasáin ar an eolas faoin gcineál cúinsí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'infhaigteacht na hacmhainne conarthaí. Ba cheart go léireodh an fhaisnéis maidir le hidirbhriseadh an leibhéal faisnéise atá ar fáil don oibreoir córais tarchurtha.

6. I gcás ina mbeadh deacrachtaí ann chun na hoibleagáidí conarthacha maidir le seachadadh a chomhlíonadh de bharr cúiseanna a bhaineann le sláine an chórais, ba cheart go gcuirfeadh na hoibreoirí córais tarchurtha úsáideoirí gréasáin ar an eolas faoin méid sin agus ba cheart dóibh díriú ar réiteach neamh-idirdhealaitheach a fháil gan mhoill.

Rachaidh na hoibreoirí córais tarchurtha i gcomhairle leis na húsáideoirí greasáin maidir le nósanna imeachta sula gcuirfear chun feidhme iad agus comhaontóidh siad iad leis an údarás rialála.

2.2. *Nósanna imeachta um bainistiú ar phlódú i gcás plódaithe chonarthaigh*

1. I gcás nach n-úsáidfear acmhainn chonarthach, cuirfidh na hoibreoirí córais tarchurtha an acmhainn sin ar fáil, ar bhonn in-idirbhriste, ar an margadh príomha, trí mheán conarthaí a mbeidh réanna éagsúla acu, fad nach dtairgeann an t-úsáideoir gréasáin ábhartha an acmhainn sin ar fáil ar an margadh tánaisteach ar phraghas réasúnach.

2. Déanfar an t-ioncam ón acmhainn in-idirbhriste a scaoiltear a roinnt de réir rialacha arna leagan síos nó arna gceadú ag an údarás rialála ábhartha. Beidh na rialacha sin comhoiriúnach leis an gceanglas maidir le húsáid éifeachtach agus éifeachtúil an chórais.

3. Féadfaidh na húdaráis rialála ábhartha praghas réasúnach a chinneadh don acmhainn in-idirbhriste a scaoiltear agus na cúinsí sonracha atá i gceist á gcur san áireamh.

4. I gcás inarb iomchuí, déanfaidh na hoibreoirí córais tarchurtha iarrachtaí réasúnacha chun codanna, ar a laghad, den acmhainn nach n-úsáidtear a thairiscint don mhargadh mar acmhainn dhaingean.

**3. Sainiú na faisnéise teicniúla is gá le go mbeidh úsáideoirí gréasáin in ann rochtain éifeachtach a fháil ar an gcóras, sainiú na bpointí ábhartha uile do cheanglais trédhearchachta agus an fhaisnéis atá le foilsiú ag na pointí ábhartha uile agus an sceideal ama ar dá réir a fhoilseofar an fhaisnéis sin**

3.1. *Sainiú ar an bhfaisnéis theicniúil is gá le go mbeidh úsáideoirí gréasáin in ann rochtain éifeachtach a fháil ar an gcóras*

Foilseoidh oibreoirí córais tarchurtha an fhaisnéis seo a leanas, ar a laghad, faoina gcórais agus faoina seirbhísí:

(a) tuairisc mhionsonraithe chuimsitheach ar na seirbhísí éagsúla a thairgtear agus ar na muirir a ghabhann leo;

(b) na cineálacha éagsúla conarthaí iompair atá ar fáil do na seirbhísí sin agus, de réir mar is infheidhme, an cód gréasáin agus/nó na coinníollacha caighdeánacha lena leagtar amach go hachomair cearta agus freagrachtaí na n-úsáideoirí gréasáin ar fad, lena n-áirítear conarthaí comhchuibhithe iompair agus doiciméid ábhartha eile;

(c) na nósanna imeachta comhchuibhithe a chuirtear i bhfeidhm agus an córas tarchurtha in úsáid, lena n-áirítear sainiú na dtéarmaí tábhachtacha;

(d) forálacha maidir le leithdháileadh acmhainne, bainistiú ar phlódú agus nósanna imeachta frithchnapaireachta agus athúsáidte;

(e) na rialacha is infheidhme maidir le trádáil acmhainne ar an margadh tánaisteach i leith an oibreora córais tarchurtha;

(f) más infheidhme, na leibhéil solúbthachta agus lamháltais a chuimsítear sna seirbhísí iompair agus i seirbhísí eile nach muirearaítear go leithleach, agus aon solúbthacht a thairgtear sa bhreis air sin agus na muirir chomhfhreagracha;

(g) tuairisc mhionsonraithe ar chóras gáis an oibreora córais tarchurtha lena léirítear na pointí ábhartha uile a idirnascann a chóras agus córas oibreoirí córais tarchurtha eile agus/nó bonneagar gáis amhail gás nádúrtha leachtaithe (GNL) agus bonneagar is gá chun seirbhísí coimhdeacha a sholáthar mar a shainítear le hAirteagal 2, pointe 14, de Threoir 2009/73/CE;

(h) faisnéis maidir le cáilíocht an gháis agus riachtanais ó thaobh brú;

(i) na rialacha is infheidhme maidir le nascadh leis an gcóras a oibríonn an t-oibreoir córais tarchurtha;

(j) aon fhaisnéis, agus í á cur ar fáil go tráthúil, maidir le hathruithe a bheartaítear agus/nó a dhéantar iarbhír ar na seirbhísí nó ar na coinníollacha, lena n-áirítear na nithe a liostaítear i bpointe (a) go pointe (i).

3.2. *Sainiú na bpointí ábhartha uile maidir le riachtanais trédhearcachta*

Áireofar an méid seo a leanas sna na pointí ábhartha:

(a) na pointí iontrála uile ar lionra atá á oibriú ag oibreoir córais tarchurtha;

(b) na príomhphointí scoir agus na príomhlimistéir scoir a chumhdóidh ar a laghad 50 % d'acmhainn imeachta iomláin gréasáin de chuid oibreora córais tarchurtha ar leith, lena n-áirítear na pointí scoir nó na limistéir scoir ar fad lena gcumhdaítear níos mó ná 2 % d'acmhainne iomláin an ghréasáin;

(c) na pointí uile lena nasctar gréasáin éagsúla de chuid oibreoirí córas tarchurtha;

(d) na pointí uile lena nasctar gréasán oibreora córais tarchurtha le críochfort GNL;

(e) na pointí fíor-riachtanacha i ngréasán oibreora córais tarchurtha ar leith, lena n-áirítear na pointí lena nasctar le moil gáis. Meastar gur pointí fíor-riachtanacha na pointí uile ar dóigh, i bhfianaise na taithí atá faighte, go mbrathfar plódú fisiciúil iontu;

(f) na pointí uile lena nasctar gréasán oibreora córais tarchurtha ar leith le bonneagar is gá chun seirbhísí coimhdeacha a sholáthar mar a shainítear le hAirteagal 2, pointe 14, de Threoir 2009/73CE.

3.3. *Faisnéis atá le foilsiú ag na pointí ábhartha uile agus an sceideal ama ar dá réir is ceart an fhaisnéis sin a fhoilsiú*

1. Déanfaidh na hoibreoirí córais tarchurthaan fhaisnéis seo a leanas maidir le staid na hacmhainne síos go dtí tréimhsí laethúla, a fhoilsiú ag na pointí ábhartha uile ar an Idirlíon ar bhonn tráthrialta/atrátha agus ar bhealach soláimhsithe caighdeánaithe:

   (a) acmhainn uasta theicniúil na sreabh sa dá threo;

   (b) an acmhainn chonarthach agus in-idirbhriste iomlán; agus

   (c) an acmhainn atá ar fáil.

2. Maidir leis na pointí ábhartha uile, déanfaidh na hoibreoirí córais tarchurtha na hacmhainní atá ar fáil do thréimhse 18 mí ar aghaidh, ar a laghad, a fhoilsiú agus uasdátóidh siad an fhaisnéis sin gach mí, ar a laghad, nó níos minice ná sin má tá faisnéis nua ar fáil.

3. Foilseoidh na hoibreoirí córais tarchurtha faisnéis uasdátaithe in aghaidh an lae maidir le hinfhaighteacht na seirbhísí gearrthréimhseacha (lá roimh ré agus seachtain roimh ré) a bheidh bunaithe, *inter alia*, ar ainmniúcháin, ar ghealltanais chonarthacha reatha agus ar réamhaisnéisí fadtréimhseacha tráthrialta maidir le hacmhainní atá ar fáil ar bhonn bliantúil, ar feadh suas le deich mbliana, do na pointí ábhartha uile.

4. Foilseoidh na hoibreoirí córais tarchurtha uasrátaí agus íosrátaí stairiúla úsáide acmhainne de réir na míosa agus meánsreabha bliantúla do na pointí ábhartha uile do na trí bliana dheireanacha ar bhonn atrátha.

5. Coinneoidh na hoibreoirí córais tarchurtha cuntas laethúil ar shreabha comhiomlánaithe iarbhír ar feadh trí mhí, ar a laghad.

6. Coinneoidh na hoibreoirí córais tarchurtha taifid éifeachtacha maidir leis na conarthaí acmhainne uile agus maidir leis bhfaisnéis ábhartha go léir eile i ndáil le ríomh na n-acmhainní atá ar fáil agus i ndáil le rochtain orthu agus beidh rochtain ar na taifid sin ag na húdaráis ábhartha náisiúnta chun a ndualgais a chomhlíonadh.

7. Déanfaidh na hoibreoirí córais tarchurtha ionstraimí soláimhsithe a sholáthar chun taraifí a ríomh do na seirbhísí atá ar fáil agus chun an acmhainn atá ar fáil a fhíorú ar-líne.

8. I gcás nach mbeidh na hoibreoirí córais tarchurtha in ann faisnéis a fhoilsiú i gcomhréir le pointe 1, pointe 3 agus pointe 7, rachaidh siad i gcomhairle lena n-údaráis náisiúnta ábhartha agus déanfaidh siad plean gníomhaíochta maidir le cur chun feidhmea chur ar bun a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2006.

*IARSCRÍBHINN II*

**TÁBLA COMHGHAOIL**

| Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 1 | Airteagal 1 |
| Airteagal 2 | Airteagal 2 |
| — | Airteagal 3 |
| — | Airteagal 4 |
| — | Airteagal 5 |
| — | Airteagal 6 |
| — | Airteagal 7 |
| — | Airteagal 8 |
| — | Airteagal 9 |
| — | Airteagal 10 |
| — | Airteagal 11 |
| — | Airteagal 12 |
| Airteagal 3 | Airteagal 13 |
| Airteagal 4 | Airteagal 14 |
| — | Airteagal 15 |
| Airteagal 5 | Airteagal 16 |
| — | Airteagal 17 |
| Airteagal 6 | Airteagal 18 |
| — | Airteagal 19 |
| — | Airteagal 20 |
| Airteagal 7 | Airteagal 21 |
| Airteagal 8 | Airteagal 22 |
| Airteagal 9 | Airteagal 23 |
| Airteagal 10 | Airteagal 24 |
| Airteagal 11 | Airteagal 25 |
| Airteagal 12 | Airteagal 26 |
| Airteagal 13 | Airteagal 27 |
| Airteagal 14 | Airteagal 28 |
| Airteagal 15 | Airteagal 29 |
| Airteagal 16 | Airteagal 30 |
| — | Airteagal 31 |
| Airteagal 17 | Airteagal 32 |
| Iarscríbhinn | Iarscríbhinn I |

## COSTAS SINTIÚS 2009 (gan cáin bhreisluacha, ar chostas caighdeánach seachadta)

| | | |
|---|---|---|
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir amháin | 22 teanga oifigiúla an AE | EUR 1 000 sa bhliain (*) |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir amháin | 22 teanga oifigiúla an AE | EUR 100 sa mhí (*) |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir + dlúthdhiosca ROM bliantúil | 22 teanga oifigiúla an AE | EUR 1 200 sa bhliain |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L, eagrán páipéir amháin | 22 teanga oifigiúla an AE | EUR 700 sa bhliain |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L, eagrán páipéir amháin | 22 teanga oifigiúla an AE | EUR 70 sa mhí |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith C, eagrán páipéir amháin | 22 teanga oifigiúla an AE | EUR 400 sa bhliain |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith C, eagrán páipéir amháin | 22 teanga oifigiúla an AE | EUR 40 sa mhí |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, dlúthdhiosca ROM míosúil (carnach) | 22 teanga oifigiúla an AE | EUR 500 sa bhliain |
| Forlíonadh den Iris Oifigiúil (sraith S), soláthairtí poiblí agus dámhachtainí, dlúthdhiosca ROM, dhá eagrán sa tseachtain | ilteangach: 23 teanga oifigiúla an AE | EUR 360 sa bhliain (=EUR 30 sa mhí) |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith C — comórtais earcaíochta | Teanga(cha) de réir comórtais(as) | EUR 50 sa bhliain |

(*) Á díol de réir uimhreach: suas go 32 leathanach: EUR 6
ó 33 go 64 leathanach: EUR 12
níos mó ná 64 leathanach: Praghas socraithe i ngach cás

---

Tá an síntiús do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a thagann amach i dteangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh, ar fáil sna 22 teanga. Cuimsíonn sé dhá shraith, L (Reachtaíocht) agus C (Cumarsáid agus Faisnéis).

Ní mór síntiús ar leith do gach teanga.

De réir Rialachán (CE) Uimh. 920/2005 ón gComhairle, arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil L 156 an 18 Meitheamh 2005, ní de cheangal, go sealadach, ar Institiúidí an Aontais Eorpaigh na gníomhartha go léir as Gaeilge a tharraingt suas ná iad a fhoilsiú sa teanga sin. Déantar na hIrisí Oifigiúla a fhoilsítear as Gaeilge a dhíol ar leithligh don phobal.

Is éard atá san Fhorlíonadh den Iris Oifigiúil (Sraith S soláthairtí poiblí agus dámhachtainí) ná na 23 leagan oifigiúla ina n-iomláine ar dhlúthdhiosca ROM ilteangach amháin.

Má tá síntiús agat do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, tá sé de cheart agat iarscríbhinní éagsúla na hIrise Oifigiúla a fháil ach iad a iarraidh. Cuirtear síntiúsóirí ar an eolas faoi iarscríbhinní trí fhógraí a chuirtear isteach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

## Díolachán agus síntiúis

Tá na foilseacháin a eisíonn an Oifig Foilseachán, agus a gcaithfear íoc astu, ar fáil inár n-oifigí díolachán. Tá liosta de na hoifigí díolachán sin ar fáil ar láithreán ghréasáin na hOifige:

http://publications.europa.eu/others/agents/index_ga.htm

**Tairiscíonn EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu) rochtain dhíreach agus saor in aisce ar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh. Ar an láithreán seo is féidir breathnú ar *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus cuimsíonn sí na conarthaí, an reachtaíocht, an dlí-eolaíocht agus gníomhartha ullmhúcháin na reachtaíochta.**

**Le haghaidh tuilleadh eolais faoin Aontas Eorpach, breathnaigh ar: http://europa.eu**

Oifig Foilseacháin
Publications.europa.eu

OIFIG FOILSEACHÁN OIFIGIÚIL NA gCOMHPHOBAL EORPACH
L-2985 LUCSAMBURG

GA